

Gaelisceal ar Scoil

Forlíonadh Oideachais do Mheánscoileanna
L. 19




Plé faoi thodhchaí Oifig an Choimisinéara Teanga
L. 2, 9-11

Seachtain Um Chosc Ar Dhramhaíl
L. 26-27



Altú Buíochais sna Stáit Aontaithe
L. 6



€1.65 (£1.50)
Uimh. 47



Gaelisceal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

● 23.11.2011

Cloigeann gránna an chiníochais

Katie McGreal

Ní dhéanfaidh mé ionadaíocht a thuilleadh ar aon duine gorm as an Afraic ó dhúchas i mo thoghcheantar féin.

Sin an teachtaireacht a thug Méara an Náis i gContae Chill Dara, an Comhairleoir Darren Scully ó Fhine Gael, maidin inné agus é faoi agallamh ar raidió KFM.

Dúirt sé gurb í seo a thuairim féin agus nach mbaineann sí beag ná mór le Comhairle Baile an Náis. Dúirt Scully ar an raidió go bhfuair sé roinnt téacsanna ag rá gur Naitsíoch, Faisistí agus ciníochaí é ach nach nglacann sé leis na focail seo mar chur síos air féin.

“Rinne mé cinneadh comhfhiúrach níos luaithe i mbliana,” a dúirt sé ar an raidió, “nach bhfuilim chun comhairle a thabhairt do dhaoine gorma ón Afraic mar gheall ar dhrochthairbhí a bhí agam leo.”

Dúirt sé go bhfuil seacht mbliana caite aige mar chomhairleoir agus go raibh pobal gorm ón Afraic “drochbhéasach” agus “ionsaitheach” leis.

D’eisigh Fine Gael ráiteas a rá nach mbaineann na tuairimí seo leo mar pháirtí agus go ndéanfar an scéal a fhiosrú.

“Is páirtí cuimsitheach é Fine Gael atá ag obair chun tír a thógáil a fhreastalaíonn ar chách,” a dúirt siad.

Dúirt Ciara Conway, TD ó Pháirtí an Lucht Oibre i bPort Láirge gur ceart Scully a bhriseadh as oifig phoiblí de dheasca an ráitis seo.

“Tá súil agam go gcuirfidh muintir an Náis iachall air éirí as a phost,” a dúirt sí. “Tá ionadaithe tofa ann chun freastal ar an bpobal ar fad agus in Éirinn sa lá atá inniu ann ná an pobal



An Comhairleoir Darren Scully agus Ceannaire Fhine Gael Enda Kenny.

bisiúil agus daoine ó an-chuid eitneachtaí éagsúla ann.”

Aontaíonn Garrett Mullan ón eagraíocht charthanachta, Show Racism the Red Card leis an tuairim seo.

“Is é ár dtuairim féin, munar féidir leis ionadaíocht a dhéanamh ar chuid amháin den phobal ina thoghcheantar féin mar gheall ar an gcúlra atá acu nár cheart dó a phost mar ionadaí tofa a choimeád,” a dúirt sé.

Tá Mullan ag súil le torthaí an fhiosrúcháin a dhéanfaidh Fine Gael.

“Toisc go bhfuil siad ar an bpáirtí is mó sa rialtas, beimid ag súil le go seasfaidh siad suas ar son a bpolasáí i dtaca le cuimsitheacht,” a dúirt sé.

Ní chuireann sé iontas ar Ken McCue ón eagraíocht dheonach, Sport Against Racism Ireland (SARI) an t-ainm ‘Darren Scully’ a chloisteáil sa chomhthéacs seo.

“Chualamar trácht air cheana mar gheall ar ráitis chiníocha,” a dúirt sé. “Ceapann sé go bhfuil a chine féin scaoilte ó chine na ndaoine gorma. Ní thuigeann sé nach bhfuil ach cine

amháin ann - an cine daonna.”

Tá méadú tagtha ar an méid gearán atá faighte ag SARI le roinnt blianta anuas agus dar leis gurb é an an cúlú eacnamaíochta is cúis leis.

“Tá daoine ag iarraidh an locht a chur ar dhuine éigin,” dar le McCue. “Roimhe seo, bhí siad níos ciúine ina gcuid ciníochais ach níl a thuilleadh.”

D’eagraigh Comhairle Baile an Náis cruinniú speisialta aréir chun ráiteas Scully a phlé.

Ní raibh Scully féin ar fáil inné chun ráiteas a thabhairt.

IDIRNÁISIÚNTA

Na mílte ag agóid san Éigipt

Áine Ní Chuaig

CHRUINNIGH na mílte inné i gCaireo, príomhchathair na hÉigipte, le haghaidh agóid ollmhór in aghaidh rialtas míleata eatramhach na tíre. I ndiaidh trí lá de léirsithe foréigneacha san Éigipt, tuairiscítear go bhfuil os cionn 30 duine tar éis bás a fháil agus na céadta gortaithe. Tá cath leanúnach ar bun idir agóideoirí agus fórsaí slándála le roinnt laethanta anuas.

Thosaigh na caismirtí ar an Satharn tar éis gur nochtadh na hathruithe bunreacha atá beartaithe ag an rialtas eatramhach. Tar éis don chomh-aireacht shibhialta éirí as oifig trí lá ó shin, tá na ceannairí míleata agus Ard-Chomhairle na bhFórsaí Armáilte (Scaf) i mbun comhráite le ceannairí polaitiúla. Níl sé soiléir fós an nglacfar leis an tairiscint seo.

Tá iarrtha ag Príomh-Aire na tíre, Essam Sharaf, ar dhaoine guaim a choinneáil orthu féin. “Rinne muid an rud a bhí ó na daoine. Tá ár sprioc beagnach bainte amach againn - na toghcháin. Sin an ní is tábhachtaí, an t-aistriú polaitiúil.”

NUACHT NÁISIÚNTA

Neamhchinnteacht faoi chomhnascadh Oifig an Choimisinéara Teanga

Katie McGreal

Ní fios don Choimisinéir Teanga conas a chuirfear i bhfeidhm moladh an rialtais chun Oifig an Choimisinéara a cheangal le hOifig an Ombudsman.

Thug an rialtas le fios an tseachtain seo caite go bhfuil sé i gceist acu Oifig an Choimisinéara Teanga a chomhcheangal le hOifig an Ombudsman agus go ndéanfar sin mar chuid den athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, athbhreithniú a d'fhógair an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Dinny McGinley ag tús na míosa seo.

Níl mórán eolais ag an gCoimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin,

áfach, faoin gcinneadh seo seachas gur chuir beirt glaoch air Dé Céadaoin seo caite lena rá leis go mbeidh a oifig ag comhcheangal le hOifig an Ombudsman. Níl sé buartha faoi phoist a fhoirne ag an bpointe seo toisc gur “stát-seirbhísigh bhuana atá iontu.

“Níl sé sin tábhachtach dúinn,” a dúirt sé. “An rud is tábhachtaí ná go leanfaidh an obair seo ar aghaidh.”

Ó thaobh na todhchaí de agus conas atá an rialtas chun an t-athrú seo a chur i bhfeidhm, “Cá bhfios?” a dúirt sé.

De réir na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, “Tá sé luaite go sonrach sna téarmaí tagartha don athbhreithniú go mbreithneofar na forálacha a lea-

gann amach ról Oifig an Choimisinéara Teanga.”

An t-athrú is mó a bheidh i gceist leis an gcinneadh ná nach mbeidh Oifig an Choimisinéara Teanga neamhspleách a thuilleadh, dar le Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí, Conradh na Gaeilge. Tá sé buartha nach mbeidh Emily O'Reilly, an tOmbudsman, in ann seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge nuair a théann Oifig an Choimisinéara Teanga isteach le hOifig an Ombudsman.

Faoi láthair, tá triúr nó ceathrar in Oifig an Ombudsman atá in ann seirbhís a thabhairt do phobal na hÉireann i nGaeilge.

Tá eagla ar Julian go mbeidh ar an rialtas roghnú idir obair an Choimisinéara Teanga agus obair

an Ombudsman am éigin amach anseo agus go mbeidh an Ghaeilge thíos leis.

D'eagraigh Conradh na Gaeilge agóid taobh amuigh den Dáil i gcoinne an athraithe Déardaoin seo caite agus d'fhreastail thart ar 100 duine air.

An tseachtain seo chugainn, táthar ag eagrú cruinniú poiblí in Óstán Pillo ar Bhóthar Áth Chinn i gCathair na Gaillimhe ar an Aoine, 2 Nollaig ag 2in chun cás Oifig an Choimisinéara Teanga agus an t-athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla a phlé.

Tá Oifig an Choimisinéara Teanga lonnaithe in oifig ar an Spidéal atá ar cíos acu ó Údarás na Gaeltachta. Ní thiocfaidh deireadh leis an gconradh cíosa go dtí 2016.

Gaiscígh Leodhais ag Feis na nGael

Aine Ní Chuaig

BEIDH triúr de ghaiscígh Leodhais ag glacadh páirte i bhFeis na nGael ag an deireadh seachtaine. Reáchtálfar an fhéile cheoil agus amhránaíochta Gaeilge/Gàidhlig sa phríomhchathair ar an Aoine agus ar an Satharn 25-26 Samhain.

Is togra leanúnach atá i bhFeis na nGael a fhaigheann tacaíocht ó Cholmille (clár comhpháirtíochta idir Foras na Gaeilge agus Bòrd na Gàidhlig). Is é an aidhm atá leis an bhFeis ná an nasc idir na teangacha Ceilteacha a threisiú trí chomhrá, cheol agus amhráin. Eagraítear deireadh seachtainí d'imeachtaí i rith na bliana le haíonna difriúla agus is deis mhaith atá ann le Gaeilgeoirí na tíre seo a chur ar an eolas faoi theanga agus cultúr na hAlban.

I measc na nÉireannach a bheidh ag glacadh páirte an deireadh seachtaine seo, beidh an t-amhránaí Nollaig Ní Laoire as Ráth Chairn na Mí (Buaiteoir Chorn Uí Riada 2010), Rónán Ó Riagáin (damhsóir agus veidhleadóir), Larry Kinsella (consairtín) agus Éamonn Bhreathnach (píob uilleann). Ag teacht anall ó Leodhais tá na haíonna speisialta Iain MacAoidh (amhránaí), Maggie Smith (amhránaí) agus Alex Murdo Macleod (boscadóir).

Ar an Aoine ag 1.00in, reáchtálfar ciorcal comhrá i nGàidhlig le Maggie Smith san Ionad Buail Isteach ar Shráid Essex Thoir. Níos déanaí tráthnóna ag 9.00in, tá seisiún mór le bheith in Áras Chrónáin i gCluain Dolcáin. Beidh meascán de cheol agus amhráin as Éirinn agus as Albain le cloisteáil agus damhsófar roinnt seiteanna freisin. Beidh táille €4 le n-ioc le dul isteach chuig an ócáid seo.

Ar an Satharn, is i gClub Chonradh na Gaeilge ar Shráid Fhearchair a thionólfar na ceardlanna. Is é an Gaillimheach Rónán Ó Riagáin a bheidh i mbun an damhsa ar an sean-nós ó 10.00rn-4.30in (táille €20). Beidh deis ann comhrá Gàidhlig a dhéanamh i gcuideachta Maggie Smith ó 11.00rn-13.00in (táille €10). Tar éis lóin, reáchtálfar ceardlann amhránaíochta i nGàidhlig le hIain MacAoidh agus Maggie Smith, ó 14.00in-16.30in (táille €10). Cuirfear clabhsúr le Feis na Samhna le Seisiún Mór na nGael sa Chlub ag 9.00in. Táille ar an doras €5.

Is féidir clárú agus gach eolas sa bhreis a fháil ar an suíomh www.feis-nangael.com Cuir nóta sa dialann d'Fheis na nGael sa bhliain nua: 27-28 Eanáir; 23-24 Márta.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir

ciaran.dunbar@gaelisceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta

patricia.nichonghaile@gaelisceal.ie

Aine Ní Chuaig
Iriseoir

aine.nichuaig@gaelisceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir

katie.mcgreal@gaelisceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Comhordaitheoir Oideachais

caroline.nichualain@gaelisceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt

grainne.mcelwain@gaelisceal.ie

Oifig an Spidéil:
00353-91-897766

Le cabhair ó:

 Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Eachtra fhoréigneach ag cluiche peile á fiosrú

Anton Mac Cába

DHEIMHNIGH na péas ó thuaidh go bhfuil siad anois ag fiosrú eachtraí ag cluiche ceannais na sraithe peile i dTír Eoghain, idir an Droim Mór agus an Charraig Mhór. Bhí idir imreoirí agus an lucht féachana ag troid eatarthu féin.

Deimhníodh gur baineadh cuid de chluais fir dhe le greim fiacaile. Rinneadh gearán leis na péas faoin eachtra. Bhí dochtúirí ábalta an píosa cluaise a ghreamú arís. Ní fios, go fóill, cad é mar a d'éirigh leis. Bhain an fear a gortaíodh le tacadóirí na Carraige Móire.

Dúirt daoine a bhí ar an láthair le Gaelscéal gur imreoir amháin de chuid na Carraige Móire a chuir tús leis an trioblóid. Dheimhnigh urlabhraí thar ceann Choiste Chontae Thír Eoghain le Cumann Lúthchleas Gael go bhfuil fiosrúchán ar siúl acu. “Beimid ag baint úsáide as fianaise fistéipe,” ar seisean. “Táimid cinnte go mbeidh an fiosrúchán críochnaithe faoi dheireadh na seachtaine.” Ní raibh sé ábalta níos mó a rá, ar eagla dochar a dhéanamh don fhiosrúchán. Tabharfar toradh an fhiosrúcháin don dá chlub atá i gceist. Ní dhéanfaidh an Bord é a fhoilsiú, ar eagla dochar a dhéanamh d'a-chomharc. Is faoin dá chlub a bheidh sé é sin a chur in iúl do na meáin.

Guth na Gaeilge

An t-amhránaí Aoife Scott as Baile Átha Cliath a rinne ionadaíocht ar son na Gaeilge i gComórtas Liet International 2011 in Udine na hIodáile thar an deireadh seachtaine. Chan Aoife amhrán de chuid Enda Reilly, 'Dónal Ná Fág', sa chomórtas d'amhráin nua-chumtha i míonteacha san Eoraip. Is iníon í Aoife leis an amhránaí aitheanta, Frances Black. Ba í Janna Eijer an fhreaslainn a thug léi an phríomhdhuais.



Ceisteanna breise ardaithe ag cás Halla na Prióireachta

Colm Ó Broin

DHIÚLTAIGH Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do mholadh ón Údarás Iomaíochta in 2004 córas a bhunú chun imscrúduithe cuimsitheacha sábháilteachta dóiteáin a dhéanamh ar thograí tógála.

Tá aighneas mór idir an Chomhairle agus an tógálaí Tom McFeely faoi láthair maidir le cur i bhfeidhm caighdeán sábháilteachta dóiteáin in árasáin Halla na Prióireachta.

Thug an Ard-Chúirt ordú don Chomhairle an mhí seo caite áitritheoirí sna hárasáin a aistriú amach mar gheall ar imní faoin mbaol tine a bhaineann leis an bhforbairt.

Ghearr breitheamh Ard-Chúirte téarma príosúin trí mhí agus fineáil €2 milliún ar McFeely an tseachtain seo caite toisc nár chloigh sé le hordú na fadhbanna i Halla na Prióireachta ó thaobh sábháilteachta dóiteáin a réiteach. Cuireadh bac ar an ordú níos déanaí.

Mhol an tÚdarás Iomaíochta córas cuimsitheach imscrúdaithe sábháilteachta dóiteáin i bplécháipéis ar iomaíocht san earnáil ailtireachta in 2003, ach dhiúltaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus údarais áitiúla eile don mholadh.

Scríobh Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach chuig an Údarás Iomaíochta in 2004 ag rá nach raibh na hacmhainní acu chun go leor oifigeach a earcú chun córas dá leithéid a chur i bhfeidhm.

D'admhaigh siad áfach go bhféadfaí costas an chórais a chlúdach trí tháille a ghearradh ar fhorbairtí, ach dhiúltaigh siad don smaoineamh toisc go gcuirfeadh sé le costais tógála na bhforbairtí. Dúirt siad gurbh cheart leanúint ar aghaidh le córas 'féindeimhniúcháin mhonatóraithe'.

Bronnann comhairlí contae deimhniúcháin sábháilteachta dóiteáin ar fhorbairtí bunaithe ar phleananna ailtireachta, ní ar imscrúduithe ar fhoirgnimh nuair atá siad críochnaithe.

Déanann oifigigh ón mbriogáid dóiteáin i ngach contae scrúdú ar thart ar 10% de na forbairtí críochnaithe, ach níl bealach ann faoi láthair lena chinntiú gur tógadh foirgnimh eile de réir pleananna na n-ailtirí.

De réir foinsí san earnáil, uaireanta ní chuirtear na pleananna i bhfeidhm mar a leagadh amach d'oifigigh ón mbri-



Halla na Prióireachta

ogáid dóiteáin mar gheall ar an mbrú atá ann costais a laghdú, rud a chruthaíonn baol tine.

D'aistrigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a dtionóntaí as Halla na Prióireachta in 2009 mar gheall ar imní faoin gcaighdeán sábháilteachta dóiteáin san fhoirgneamh.

Fuair siad ordú ón Ard-Chúirt an mhí seo caite chun na háitritheoirí príobháideacha a aistriú ón bhforbairt freisin. D'ordaigh an Ard-Chúirt don Chomhairle íoc as costais lóistín an 247 áitritheoir go dtí go réiteofar an fhadhb, ach tá achomharc ar an ordú seo á lorg ag an údarás áitiúil.

Níl ceisteanna a chuir Gaelscéal freagartha ag an gComhairle go fóill.

De réir John Kidd ó Chumann Seirbhísí Éigeandála agus Dóiteáin na hÉireann, níl in Halla na Prióireachta ach "taobh caol na dinge".

Measann an ceardchumann go bhfuil baol tine ag baint le 10% de na foirgnimh a tógadh sa Phoblacht ó thús an chéid.

"Níl ann ach ceist ama sula mbíonn tubaiste mhór tine againn," arsa Kidd.

"Is cosúil anois go gcosnóidh réiteach na bhfadhbanna seo ar fad níos mó ar an gComhairle ná mar a chosnódh córas ceart imscrúdaithe le linn an bhorradh tógála, agus ní chuirfí daoine i mbaol ach oiread."

Scríobh an Chartered Institute of Building chuig an Údarás Iomaíochta in 2004 agus dúirt siad go raibh géarghá le córas cuimsitheach imscrúdaithe ar shábháilteacht dóiteáin. Cháin an Institiúid an córas féin-

deimhniúcháin agus dúirt gur díspreagadh a bhí ann d'fhorbairtí imscrúdú gairmiúil a dhéanamh ar láthair thógála.

Maíodh sa litir: *"It has become normal practice on large and medium-sized housing developments (and in some cases small developments) to refuse to allow work-in-progress inspections by clients' professional representatives."*

Dúradh chomh maith: *"Self-certification by architects, building surveyors and appropriately qualified engineers etc should only be considered in conjunction with a combination of an increase in Local Authority inspections and resources, where necessary, in addition to the introduction of an approval system...in the interests of public health and safety."*

Ní raibh an moladh go gcuirfí córas imscrúdaithe i bhfeidhm mar chuid den tuairisc chríochnaithe ar an earnáil ailtireachta a d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta in 2006, an bhliain a tógadh Halla na Prióireachta.

Cháin John Kidd an Chomhairle Cathrach chomh maith toisc nach bhfuair siad ordú cúirte chun áitritheoirí príobháideacha a aistriú as Halla na Prióireachta in 2009, tráth a d'aistrigh siad a dtionóntaí féin amach as.

De réir saineolaithe dlí a labhair le Gaelscéal ní fios an mbeadh an Chomhairle faoi dhliteanas i gcás tine in Halla na Prióireachta sa tréimhse i ndiaidh gur cuireadh an Chomhairle ar an eolas faoin mbaol a bhaineann leis an bhfoirgneamh.

Na mílte post le líonadh ag Éireannaigh i gCeanada

Áine Ní Chuaig

TÁ sé tugtha le fios ag Ambasadóir Ceanada in Éirinn go bhfuiltear ar thóir na mílte oibrí as Éirinn le dul ag obair i gCeanada i réimsí éagsúla. De réir an mhéid a dúirt an tAmbasadóir Loyola Hearn in agallamh, tá suas le 30,000 agus 40,000 post le líonadh in earnáil na tion-sclaíochta amháin.

Tá lucht saothair gann sa tír anois de bharr an eacnamaíochta a bheith chomh láidir sin. Tá tionscnaimh ollmhóra infreastruchtúir ar bun agus tá borradh faoi acmhainní nádúrtha, idir iascaigh, mhianadóireacht, ola agus ghás nádúrtha.

D'eagraigh Ambasáid Ceanada Aonach Fostaíochta i bPáirc an Chrócaigh i mBaile Átha Cliath an

deireadh seachtaine seo caite. Díriodh ar na deiseanna fostaíochta atá i gCeanada faoi láthair. Tá éileamh mór ar oibrítí in oirthear na tíre - in New Brunswick, in Albain Nua, i dTalamh an Éisc agus in Oileán Prince Edward. Tá poist le líonadh in iarthar na tíre freisin - in British Columbia, in Alberta agus in Saskatchewan. Tá sé i gceist tuilleadh de na haon-aigh fostaíochta seo a eagrú amach anseo.

Meastar go bhfuil suas le 10,000 Éireannach tar éis lonnú i gCeanada le dhá bhliain anuas. I mbliana, eisíodh 5,000 víosa oibre saoire do dhaoine idir 18 agus 35 bliain d'aois.

Tá cuóta na n-inimirceach ardaithe go 5,350 le haghaidh 2012.

Tuairiscítear go bhfuil níos

mó Éireannach ag dul ar imirce go Ceanada i láthair na huaire ná mar atá ag dul go Meiriceá agus chun na hAstráile. Tá méadú cuimsitheach tagtha ar líon na ndaoine atá ag taisteal idir an dá thír de bharr imirce agus cúrsaí gnó. Dá bhrí sin, tá feachtas ar bun chun seirbhís dhíreach eitle a bhunú idir an dá thír.

Is iad an Ambasáid, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, Fáilte Ireland, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, comhlachtaí gnó agus eagrais phobail Éireannacha agus Ceanadacha atá i mbun an fheachtais. Mar thoradh ar an bplean gnó atá á fhorbairt acu, táthar ag súil go dtiocfar ar réiteach maidir le nasc díreach a chruthú idir an dá thír le ceann de na príomh-aerlínte.

Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2012

CEATHARLACH, Co. CHEATHARLACH
10ú – 15ú Aibreán

Comórtas Amhrán Nua-Chumtha

Tá comhairle Pan Cheilteach na hÉireann ag lorg Amhrán Nua-Chumtha do chomórtas náisiúnta na hÉireann. Is gá na focail agus an ceol a bheith nuachumtha. Tá duais €1000 le gnothú ag an mbuaiteoir. Beidh na hamhráin le canadh ag an gComórtas Náisiúnta in Óstán Seven Oaks, Ceatharlach ar an Déardaoin, 8 Márta 2012. Rachaidh an buaiteoir ar aghaidh chuig an Comórtas Idirnáisiúnta a bheidh ar siúl le linn na Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach a bheidh ar siúl i gCeatharlach 10-15 Aibreán 2012.

Seol an t-amhrán ar dhlúthdhiosca roimh 20ú Eanáir 2012 chuig:
An Rúnaí, An Comórtas Amhrán Nua-Chumtha, Oifig na Féile Pan Cheilteach, Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach, Co. Cheatharlach.

Rialacha agus foirmeacha iontrála ar fáil ar shuíomh gréasáin
www.panceltic.ie. Gach eolas ón oifig ar pancelticcarlow@gmail.com nó ar +353 (0)85 1340047, +353 (0)59 9158105.

COMÓRTAIS EILE PAN CHEILTEACH 2012:
Tá Coiste na Féile ag lorg iontrálacha freisin i gcóir comórtais eile Pan Cheilteach: Cóir, Fídl, Cruit/Cláirseach, Píobaireacht, Rince agus Amhránaíocht Thraidisiúnta.

Urraithe ag IMRO agus Gael Linn



GAEL LINN



Polaiteoirí, oideachasóirí agus iriseoirí i measc chomhaltáí úra Bhord Fhorais na Gaeilge

Anton Mac Cába

TÁ seisear comhaltáí nua tofa ar Bhord Forais na Gaeilge: Áine Ní Chiaráin, Seosamh Mac Donncha, Tomás Ó Searcaigh, Thérèse Ruane, Dónal Ó hAiniféin agus Bríd Ní Chonghóile.

Bhíodh Áine Ní Chiaráin ina tuairisceoir le RTÉ, agus ina heagarthóir polaitiúil ar Foinse. Is as ceantar Gaeltachta Dhúlocha i Maigh Eo ó dhúchas di. Tá sí anois ina cónaí gar do Bhéal Easa ina contae dúchais, agus ag obair mar shaoririseoir agus leis an chraoltóireacht.

Bhíodh Seosamh Mac Donncha ina phríomhfheidhmeannach ar an bhForas.

Ceapadh in 2002 é. Tá sé anois ina phríomhfheidhmeannach ar Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe. Is as Baile an Doirín i ndeisceart an chontae dó. Bhí sé bliain ina Uachtarán ar Chumann Lúthchleas Gael. Agus é ina Uachtarán, bhrostaigh sé an deireadh leis an chosc ar chomhaltáí de chuid na bhfórsaí slándála bheith ina mbaill de CLG. B’shin ba mhó a bhí i mbéal an

phobail. Thug sé leasuithe eile isteach ó thaobh reáchtáil comórtas a chuidigh le feidhmniú an Chumainn.

Tá Tomás Ó Searcaigh ina chomhairleoir contae ag Sinn Féin i gContae Lú. Luadh é mar chomharba ar Arthur Morgan, iar-TD an cheantair, sular aistrigh Gerry Adams ó dheas. Ba mhúinteoir Gaeilge i meán-scoil é. Ar an suíomh ‘Rate My Teacher’ scríobh dalta amháin “he is soo suond nd a very good irish teacher nd

good krk!” Tá sé anois ina Oifigeach Forbartha Réigiúnaí leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus ina Rúnaí ar Chomhar na Múinteoirí Gaeilge. Cuireann sé clár Gaeilge ‘Beo’ i láthair ar an stáisiún raidió Dundalk FM 100. Is as Cill Choirle dó, ceithre mhíle siar ó Dhún Dealgan.

Tá Thérèse Ruane ina chomhairleoir ag Sinn Féin ar Chomhairle Baile Chaisleán an Bharraigh, a baile dúchais. Is í an Leas-Mhéara í. Is deirfiúr í le Caitríona Ruane, iar-Aire Oideachais sa tuaisceart. Ba mhúinteoir matamaitice agus cor-poideachais í. Ba dhuine de bhunaitheoirí Mayo Intercultural Action í, i ina comhordaitheoir ag an eagraíocht. Bhí sí mar lúthchleasaí agus mar imreoir leadóige ar son Chúige Chonnacht. Tá sé de cháil uirthi go mbaineann sí úsáid as rothar le bheith ag dul thart ar an bhaile.

Bhíodh Dónal Ó hAiniféin ina Uachtarán ar an eagrais Gaelscoileanna. Is é atá mar phríomhoide ar Ghaelscoil Mhichíl Chiosóig in Inis, Contae an Chláir.

Dhiúltaigh sé do threoracha Mary Hanafin i dtaca le Gaeloideachas gur gá Béarla a theagasc ón dara téarma i ranganna na naíonán. Is as Lios Póil in iarthar Chiarraí dó.

Tá Bríd Ní Chonghóile ina Príomhfheidhmeannach ar Gaillimh le Gaeilge, eagraíocht atá ann le gnólachtaí a mhealladh chun úsáid a bhaint as an Ghaeilge. Is as Ceathrú na gCloch lámh leis an Cheathrú Thaidhg i nGaeltacht Mhaigh Eo do Bhríd Tommy. Is lena muintir Tí Chonghóile, an teach tábhairne san áit.



Tomás Ó Searcaigh

Dioplóma nua Gaeilge á thairiscint do mhúinteoirí ealaíne

Katie McGreal

BEIDH cúrsa páirtaimseartha bliana, Dioplóma i dTeagasc trí Ghaeilge (Ealaín), á thairiscint ag an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD), i gcomhar le Gaelchultúr, ó dheireadh mhí Eanáir 2012 ar aghaidh. Fuaireadar tacaíocht ón eagraíocht COGG (An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscoilaíochta) don dioplóma sin agus tá sé dírithe ar mhúinteoirí ealaíne atá ag obair i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta nó ar mian leo bheith ag obair i scoileanna dá leithéid sa todhchaí, agus is féidir le múinteoirí bunscoile freastal air freisin.

Beidh meascán den teagasc sa seomra ranga agus den fhoghlaím ar líne mar chuid den dioplóma agus, mar sin, beidh na daltaí in ann go leor d’obair an chúrsa a dhéanamh sa bhaile ina n-am féin agus ní bheidh orthu freastal ar sheisiúin sa seomra ranga ar bhonn seachtainiúil. Beidh léachtaí ar siúl in NCAD i mBaile Átha Cliath ar cheithre Shatharn i Seimeastar 1 agus ar cheithre Shatharn i Seimeastar 2.

“Tá sé mar aidhm ag an gcúrsa seo,” a deir Éamonn Ó Dónaill, Stiúrthóir Oideachais Gaelchultúr, “na scileanna teanga a thabhairt do na rannpháirtithe a chuirfidh ar a gcumas an ealaín a mhúineadh go héifeachtach trí Ghaeilge.”

Is é Dé hAoine, 16 Nollaig 2011 an spriocdháta d’iarratais don dioplóma seo agus is féidir na bróisiúir agus foirmeacha iarratais a fháil ó 01 484 5220 nó eolas@gaelchultúr.com.

Comhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna Teo

Katie McGreal

BEIDH seastán ag Gaelscéal ag Comhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna Teo a bheidh ar siúl in Óstán an Tullamore Court, an Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí ar an Aoine agus an Satharn seo, 25 agus 26 Samhain. Tá an chomhdháil dírithe ar mhúinteoirí agus ar phríomhoidí bunscoileanna agus

iarbhunscoileanna.

Beidh meascán de léachtaí agus ceardlanna ar siúl i rith na hócáide. Tabharfaidh an Dr Gerry Shiel, taighdeoir sa Fhoras Taighde ar Oideachas léacht ar thorthaí na Measúnachtaí Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i mBunscoileanna a bhíonn ag Teagasc trí Mheán na Gaeilge ar

maidin Dé hAoine.

Sna ceardlanna, labhrófar faoi thrasnáil idir an bhunscoil agus an iarbhunscoil, faoi na hacmhainní idirlín atá ar fáil d’iarbhunscoileanna chomh maith leis an gcuraclam a bhíonn sna naíonáin agus faoi conas is féidir Nintendo DS a úsáid sa seomra ranga chomh maith le neart ábhar eile.

Beidh Gaelscéal ann ar an Aoine agus beidh praghas speisialta ar shíntiúis do dhaltáí scoile agus múinteoirí ar fáil ar an lá sin. Beidh Caroline Ní Chualáin ar fáil don lá chun aon cheist atá agaibh a fhreagairt.

Tá tuilleadh eolais faoin ócáid ar fáil ó oifigi Gaelscoileanna Teo ag 01 8535195 nó ón suíomh idirlíon www.gaelscoileanna.ie.

‘Straitéis’ seachas Acht Gaeilge luaite sa chlár oibre don Tionól

Anton Mac Cába

NÍL ach abairt amháin faoin Ghaeilge sa ‘Chlár Oibre don Rialtas’ a d’fhoilsigh Feidhmeannas an Tuaiscirt an tseachtain seo caite. Tá an abairt sa chuid den doiciméad ‘Building a Strong and Shared Community’. Mar cheann de na ‘Building Blocks’, luann an Clár ‘Strategy for the Irish language’.

Ach, sa Tionól an tseachtain seo caite, dúirt an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta Carál Ní Chuilín go raibh státseirbhísigh ag obair ar dhréachtú reachtaíocht Gaeilge. Bhí sí ag tabhairt freagra ar cheist ón gComhalta den Tionól Reachtach Dominic Ó Brolcháin sa Tionól.

Dúirt sí: “Tá mé tiomanta lena áit cheart i saol s’againne a thabhairt don Ghaeilge, mar theanga atá inár seilbh

uilig, agus atá mar dhlúthchuid dár saibhreas oidhreacht agus cultúrtha. Tá cosaint reachtúil ag Gaeilge na hAlban agus ag an Bhreatnais. Ba mhaith liom an stádas céanna a fheiceáil ag an Ghaeilge.”

Luaigh an tAire an feachtas ‘Líofa’, mar a bhfuil daoine ó achán chúlra ó thuaidh ag fógairt go bhfuil siad le Gaeilge a fhoghlaim: “Tá an t-athrú seo chomh cumhachtach le dlí nua,

nó táimid ag iarraidh meon daoine a athrú.”

Níor shásaigh sin an Brolchánach. Dúirt sé nár thug an tAire mar acmhainní nua don Ghaeilge ach £2370 (€2,745.40) don fheachtas ‘Líofa’ “nach bhfuil sásúil in ionad reachtaíochta, agus gur cheart dó bheith mar chuid d’obair Fhorais na Gaeilge, atá maoinithe ag an stát.”

Chuir Sinn Féin ‘cluichí amaid-

eacha polaitiúla’ i leith an SDLP. “Sna cainteanna maidir leis an Chlár Oibre Rialtais, thóg Sinn Féin ceist Achta Gaeilge, ach ní raibh an tacaíocht pholaitiúil riachtanach aige. Níor thóg an SDLP ceist Achta Gaeilge fiú uair amháin le linn na gcainteanna sin.”

Ceithre bliana ó shoin, gheall Comhaontú Chill Rímhinn go gcuirfí reachtaíocht Gaeilge i bhfeidhm.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**



Drogall coirpigh ghnó a chur i bpríosún

CHUIR Willie O'Dea ó Fhianna Fáil ceist shuimiúil ar an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta Richard Bruton an tseachtain seo caite faoin líon daoine atá curtha i bpríosún as an Acht Iomaíochta 2002 a shárú.

Dúirt an tAire gur féidir fineáil €4 mhilliún nó 10% de láimhdeachas a ghearradh ar chomhlacht nó €80,000 ar dhuine a sháraíonn an tAcht. Is féidir duine a chur i bpríosún ar feadh cúig bliana chomh maith.

Tá fineálacha idir €1,500 agus €80,000 gearrthaar 32 duine nó comhlacht ó bhí 2002 ann. Dhiúltaigh duine amháin acu fineáil €80,000 a íoc agus cuireadh an duine sin i bpríosún ar feadh 28 lá as loiceadh.

Gearradh dhá théarma príosúin 15 mhí faoin Acht Iomaíochta 2002, cúig théarma idir 3-9 mí faoin Acht Iomaíochta 1991 agus trí théarma 6-15 mhí faoin Acht um Dhlí Coiriúil 1997.

Thug an tAire le fios, áfach, gur cuireadh na téarmaí príosúin seo ar fad ar fionraí, is é sin, níor cuireadh duine ar bith acu siúd a ciontaíodh as na dlíthe seo a bhriseadh i bpríosún.

31,800 pas Éireannach do dhaoine sa Tuaisceart

DHEIMHNIGH an tAire Gnóthaí Eachtracha Eamon Gilmore do Finian McGrath sa Dáil an tseachtain seo caite go bhfuarthas 31,800 iarratas ar phas Éireannach ó dhaoine sna sé chontae go dtí seo i mbliana.

Bhí 37,600 iarratas in 2010; 37,800 in 2009; 38,400 in 2008 agus 36,000 in 2007.

Chuaigh 5.1% de na pasanna ar fad a eisíodh i mbliana chuig daoine sa Tuaisceart. In 2010 is 5.5% a bhí ann, 5.8% in 2009 agus 2008 agus 5.1% in 2007. Dúirt an tAire go bhfuil Mearsheirbhis Pas Thuaisceart Éireann ar fáil i níos mó ná 60 oifig phoist sa Tuaisceart. Tá na figiúirí seasta le blianta beaga anuas, rud a léiríonn go bhfuil bonn láidir faoin nós faoin tráth seo.

Raic i bPáirtí an Lucht Oibre

TÁ raic i measc an Lucht Oibre maidir le ciorruithe atá beartaithe sa cháinainéis. Ní hamháin sin ach tá an páirtí thíos leis de dheasca na ngealltanais a rinne siad roimh an olltoghchán.

Cáineadh iad i leith 'Frankfurt's way no Labour's way' ach tá dhá chomhghleacaí ag an ráiteas sin anois - gealltanais scríofa Ruairí Quinn maidir le táillí tríú leibhéal agus gealltanais Eamon Gilmore faoin liúntas leanaí.

Tá Teachtaí sa Lucht Oibre míshásta leis an drochphoiblíocht agus leis na ciorruithe atá le teacht. Tá Willie Penrose éirithe as a



Willie O'Dea

phost cheana féin mar aire sóisearach agus tá fearg agus imní i measc cúlbinseoirí áirithe.

Má bheartaíonn duine nó beirt acu vótáil in aghaidh na cáinainéise, beidh siad ag cur dhá rud san áireamh: na prionsabail atá acu agus an seans atá acu a suíocháin a choimeád sa chéad olltoghchán eile. Gan amhras is iad na Teachtaí i dtoghcheantair le dhá ionadaí de chuid an Lucht Oibre na daoine is leochailí.

Is cinnte go gcaillfidh an Lucht Oibre tacaíocht de dheasca na gcorruithe agus na ngealltanais briste agus ní fios cén saghas crutha a bheas ar an bpáirtí tar éis cúpla cáinainéis dhian eile.

Duine amháin atá ag glacadh le hualach as cuimse ó thaobh na 'gcinntí crua' a chosaint ná Aodhán Ó Riordáin ó Bhaile Átha Cliath Lár-Thuaidh. Bhí sé ar chlár Vincent Browne ar TV3 Déardaoin seo caite, ar chlár Charlie Bird ar Raidió 1 Dé Sathairn agus ar Morning Ireland Dé Luain. An bhfuil luach saothair á lorg aige don obair chrua seo? Bhuel, le himeacht Willie Penrose tá folúntas sa rialtas, nach bhfuil!

Níl punt á bpriontáil

TÁ sé ráite ag an Aire Airgeadais Michael Noonan nach bhfuil punt á bpriontáil faoi láthair. Tá tuairimíocht ag treisiú go bhféadadh an euro titim as a chéile ach níl 'Plean

B' ag Éirinn má tharlaíonn a leithéid.

Ag freagairt ceisteanna dó, curtha ag an Teachta Neamhspleách Catherine Murphy, dúirt an tAire Noonan nach bhfuil punt á bpriontáil ag an mBanc Ceannais agus nach bhfuil siad á bpriontáil aon áit eile faoi ordú an Bhainc. Agus an euro i lár na géarchéime is mó riamh thug an tAire le fios freisin gur rud

maith é go bhfuil tíortha móra san Aontas Eorpach ag glacadh le ceannasaíocht.

Dúirt sé go gcáintear an tAontas as 'easnamh ceannasaíochta' go minic ach má théann na tíortha móra (is é sin an Ghearmáin agus an Fhrainc) i ngleic leis an easnamh seo is ar leas an Aontais ar fad atá sé.



Údarás na Gaeltachta



Scoláireacht Chuntasaíochta

Tá scoláireacht á tairiscint ag Údarás na Gaeltachta do dhuine Gaeltachta le líofacht Ghaeilge atá ag iarraidh cáilíocht phroifisiúnta chuntasaíochta a bhaint amach.

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in Ard-Oifig Údarás na Gaeltachta sna Forbacha, Gaillimh agus freagrach don Chuntasóir Airgeadais.

Leanfaidh an duine a cheapfar clár oiliúna a chuirfidh taithí agus cleachtadh i gcuntasaíocht ar fáil dó/di. Ní mór d'iarratasóirí clárú agus ballraíocht a bhaint amach le hinstiúid aitheanta. Socrófar fad agus coinníollacha na scoláireachta leis an duine a cheapfar.

Cáilíochtaí: Is iad na bun cháilíochtaí atá ag teastáil ná Céim sa Tráchtáil nó Diplóma i gCuntasaíocht nó i Staidéar Gnó.

Cuirtear iarratais, mar aon le C.V., roimh **Dé hAoine, 2 Nollaig 2011** chuig:

An Feidhmeannach Acmhainní Daonna
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe

Teil: 091-503100 **Facs:** 091-503101 **Ríomhphost:** p.oconghaile@udaras.ie

Sléacht polaitiúil sa Spáinn

Tomás Mac Síomóin

BEIDH rialtas coimeádach láidir ag an Spáinn sna blianta atá romhainn. Páirtí coimeádach nua-liobrálach, an PP (Partido Popular), faoi cheannas Mariano Rajoy, agus móramh mór i nDáil na Spáinne acu, a bheas ag rialú na tíre sna blianta atá romhainn.

Fearg agus frustrachas le rialtas an PSOE (Páirtí Sóisialach Oibrithe na Spáinne), faoi cheannas José Luis Zapatero, as na ciorruithe ar sheirbhísí a thug ar mhuintir na Spáinne droim láimhe a thabhairt don rialtas céanna in olltoghchán na tíre sin Dé Domhnaigh seo caite. Bhí baint nach beag ag an ráta difhostaíochta de 22% (45% i gcás daoine óga 18-36 bliain d’aois) leis an scéal freisin. Le míonna anuas, tá na sráideanna abhus suaite ag agóidí agus círéibeacha. Sciaranna den phobal a bhraitheann go bhfuil siad á gcéasadh ag polasaithe eacnamaíochta an rialtais a bhíonn páirteach iontu. Agus an chéad deis a bhí acu le Zapatero agus a fhoireann a dhíbirt as oifig, thapaíodar é.

Bhí ar chumas phríomhpháirtí an fhreasúra, an PP, faoi cheannaireacht Rajoy, a theacht i dtír ar fhearg seo an phobail. Gailíseach atá luaithe le Opus Dei agus a bhfuil cúl tréamanta tugtha aige do náisiúnachas Gailíseach a mhuintire is ea Rajoy. Ar a raibh le rá—nó nach raibh le rá—aige siúd agus ag a lucht leanúna le linn an fheachtais toghchánaíochta, ní léir do thráchtairí abhus cé na polasaithe eacnamaíochta a bheas á gcur i bhfeidhm ag an PP. Bhí feachtas toghchánaíochta an PP dírithe ar Zapatero a cháineadh. Ach níor nocht an páirtí sárchoimeádach seo, a bhfuil a thraidisiúin polasaithe i dtréimhse Franco, clár soiléir oibre dá chuid féin. Ceisteanna sóisialta amháin a dhealaíonn an dá chonlán óna chéile anois: an pósadh aoninscneach agus ginmhilleadh a bheith ar fáil is ea dhá cheart ar mhaith leis an PP a chur ar cheal. Mar a dúirt blagadóir polaitiúil amháin abhus, tá na nua-liobrálacha bhoga (an PSOE) díbeartha agus beidh na nua-liobrálacha chrua (an PP) sa diallait ina n-áit.

Is féidir treo na gaoithe a mheas, áfach. Tá Rajoy ag lab-



Mariano Rajoy, ceannaire an PP agus Príomhaire nua ar Stát na Spáinne

hairt le baincéirí agus le tion-sclaithe móra le tamall anuas—ach fanann sé glan ar na ceardchumainn. Ba í Angela Merkel an chéad taoiseach Eorpach le comhghairdeas a ghlacadh le Rajoy; baineann an PP agus a páirtí sise, Daonlathaithe Críostaí na Gearmáine leis an ngrúpa coimeádach céanna sa Pharlaimint Eorpach. Labhair siad ar pholasaithe a sháródh an ghéarchéim reatha. Dealraíonn siad go raibh Angela agus Mariano ar aon fhocal. Ach tá rud amháin cinnte: ní bheidh bac ar bith ar Rajoy agus ar an PP cibé polasaithe gur mian leo a chur i bhfeidhm. Tuigtear é sin go maith nuair a scrúdaítear torthaí an toghcháin.

Tá 350 suíochán i nDáil na Spáinne. Bíonn ar chumas an pháirtí a n-éiríonn leis níos mó ná a leath sin, 175, a líonadh in ann rialú ina aonar. Tá 169 suíochán ag an PSOE sa Dáil reatha agus rialtas mionlaigh dá réir ag Zapatero. D’éirigh le tacaíocht ó mhionpháirtithe le ceithre bliana anuas é a choinneáil ag imeacht. Ach nuair a fógraíodh chéad torthaí toghchán an Domhnaigh seo caite, ba léir go raibh port Zapatero, agus a pháirtí, seinnte. Tháinig méid iomlán na tubaiste chun solais maidin Dé Luain. Óir chaill an PSOE 59 suíochán ar fad; ní bheidh ach 110 suíochán acu sa chéad Dáil eile.

Cá ndeachaigh na suíocháin a chaill an PSOE, mar sin? An PP ba mhó a ghnóthaigh. Tháinig méadú ar líon a gcuid suíochán siúd ó 153 sa Dáil reatha go 189, méadú de 36 suíochán. An tátal atá le baint as seo ná go mbeidh an PP in ann rialú ina aonar, nach mbeidh sé spleách ar vótaí páirtithe eile lena chuid polasaithe a chur i bhfeidhm. Tháinig na mionpháirtithe i dtír ar fhearg an phobail freisin. Sampla sun-

tasach ba ea Izquierda Unida (Clé Aontaithe) a thapaigh míshastacht vótálaithe cléacha a thacaíodh leis an PSOE roimhe seo, le líon a gcuid suíochán a mhéadú ó dhá cheann go dtí aon cheann déag. Páirtí eile atá thar a bheith sásta leis na torthaí is ea an UPyD, páirtí a thagann i dtír ar fhrith-Chatalónachas agus ar fhrith-Bhascachas. Cúig shuíochán atá ag an gconlán seo anois, seachas an t-aon cheann amháin atá acu sa Dáil reatha.

Bhí an céatadán den phobal a vótáil níos airde i dTír na mBascach ná in aon áit eile sa stát. Agus tá toradh na spéise seo, nach raibh súil leis, tar éis tráchtairí polaitíochta na Spáinne a chur ag caint. Chuir an chomhghuallaíocht de scarúnaithe, oidhrí Herri Bata-suna, Amaiur, iarrthóirí chun cinn. Ghnóthaíodar 7 suíochán, dhá cheann níos mó ná an Páirtí Náisiúnta Bascach (PNV), an páirtí náisiúnaíoch ba láidre i dTír na mBascach go dtí seo. An mheabhair atá á baint as seo—agus sos buan cogaidh fógartha ag ETA—ná go bhfuil tromlach na mBascach i bhfách le scarúint leis an Spáinn, fad is nach mbainfear an cuspóir seo amach le lámh láidir. Chuir Maria Dolores de Cospedal, urlabraí an PP, casadh spéisiúil sa scéal seo oíche Dé Luain nuair a dúirt sí go labhródh an PP leis na páirtithe tofa uilig a ghlacann le haontacht na Spáinne, coinníoll a fhágann feisirí Amaiur taobh amuigh den phlé seo, ar ndóigh.

Bhí cruinniú ag ceannasairí an PSOE arú inné le torthaí tubaisteacha an toghcháin a phlé. Rinneadh cinneadh comhdháil den pháirtí a reáchtáil ag tús mhí Feabhra 2012 le cibé athruithe is gá i gceannasaíocht agus i straitéis an pháirtí a dhéanamh.

Altú Buíochais

Katie McGreal

CLOISIMID trácht ar an lá saoire ‘Thanksgiving’ ar chlár Mheiriceánacha an t-am ar fad agus as sin faighimid amach gur saoire é ar a itear béile ollmhór agus go ngabhann siad buíochas as rudaí áirithe. Ach cad é Thanksgiving go díreach agus céard atá á cheiliúradh acu?

Deirtear go raibh an chéad Thanksgiving i 1621 in Plymouth (Massachusetts sa lá atá inniu ann, in oirthear na tíre) nuair a cheiliúir na hoilithrigh (pilgrims) ón Eoraip agus Indiaigh Wampanoag deireadh an fhómhair le chéile. Mhúin na hIndiaigh do na hoilithrigh conas bia a fhás ó shíolta agus iascaireacht a dhéanamh mar ní raibh dóthain bia ann dóibh ar fad.

I 1623, cheiliúradar an dara Thanksgiving chun aird a thabhairt ar dheireadh triomaigh ollmhóir a bhí ann an bhliain sin.

D’fhógair an tUachtarán, George Washington, an chéad ‘Thanksgiving Proclamation’ i 1789. Dúirt sé gurbh cheart do Mheiriceánaigh buíochas a ghabháil toisc go raibh Cogadh Saoirse Mheiriceá thart.

Ba é Nua-Eabhrac an chéad stát chun glacadh le Thanksgiving mar shaoire oifigiúil, rud a rinne siad in 1817.

Níor fógraíodh gur lá saoire oifigiúil a bhí ann go dtí lár an Chogaidh Chathartha in 1863 nuair a d’fhógair an tUachtarán, Abraham Lincoln gur saoire oifigiúil a bhí ann. Roghnaigh sé an Déardaoin dheireanach i mí na Samhna mar lá oifigiúil Thanksgiving as sin amach. Roimhe sin, rinneadh ceiliúradh air ag amanna éagsúla i gcaitheamh na bliana, dátaí éagsúla i ngach stát go hiondúil.

An Déardaoin dheireanach i mí na Samhna i mbliana ná an Déardaoin bheag seo, 24 Samhain.

Ceiliúradh

“Is saoire do theaghlaigh atá ann,” a deir Alex Cook ó Michigan sna Stáit Aontaithe. “De ghnáth, téann mo theaghlach féin go teach amháin agus bíonn mo chol ceathracha, seanthuismitheoirí, aintíní agus uncailí ann agus déanann gach duine rud amháin don bhéile agus ina dhiaidh sin, breathnaímid ar pheil (Mheiriceánach) ar an teilifís.”

Bíonn an-chuid paráidí móra Lá Thanksgiving ar fud na Stát Aontaithe agus déanann roinnt daoine obair dheonach. Tugann siad bia amach do dhaoine bochta agus uaireanta, tugtar dinnéar iomlán saor in aisce dóibh.


Bíonn béile ollmhór acu go hiondúil ar an lá seo. Itear turcaí, búiste (stuffing) agus anlann mónóg (cranberry sauce) mar chuid den phríomhbhéile chomh maith le hionaim (yams), puimcín imchnó (butternut squash), brúitín (mashed potato), casaról pónaireí glasa agus neart eile. Ó thaobh mílseoige de, bíonn neart pióg acu: puimcín, úlla, mionra (mince), prátaí mílse (sweet potato) agus péacáin san áireamh.

Tíortha eile ina ndéantar ceiliúradh ar Thanksgiving

Déantar ceiliúradh ar Thanksgiving i gCeanada freisin. Bíonn sé ar siúl ar an dara Luan i mí Dheireadh Fómhair agus cuireadh tús leis i 1578 chun ceiliúradh a dhéanamh agus buíochas a ghabháil as deireadh an fhómhair. I 1957, d’fhógair an pharlaimint i gCeanada gur saoire oifigiúil a bhí ann.

Cé gur ar an Luan an lá saoire oifigiúil, itheann Ceanadaigh béile mór aon lá le linn an deireadh seachtaine fada. Itheann siad bia cosúil leis na Meiriceánaigh ag

an mbéile seo agus bíonn paráidí agus peil Mheiriceánach ar siúl freisin.



Black Friday

Tugtar ‘Black Friday’ ar an lá i ndiaidh Thanksgiving, tús le séasúr siopadóireachta na Nollag. I mbliana, is í an Aoine, 25 Samhain atá i gceist. Déanann na siopaí sladmhargáí ollmhóra ar an lá sin agus is féidir táirgí a fháil go han-saor ar fad, má ullmhaíonn tú roimh ré. Ní saoire oifigiúil é ach tugann roinnt fostóirí lá saoire dá bhfostaithe ionas gur féidir leo a bheith i measc na sluaite sna siopaí. Osclaíonn neart siopaí go luath ar an lá sin, chomh luath le 4 a chlog ar maidin uaireanta, agus tosaíonn na scuainí ag bailiú an oíche roimh ré.

“Is lá é a chuireann in iúl duit go bhfuil 80% de mhná craiceáilte!” a deir Alex liom ó thaobh a thaithe féin sna siopaí, ag obair agus ag siopadóireacht ar an lá sin.

Is féidir leis na siopaí agus leis na custaiméirí éirí an-gharbh freisin. In 2008, mharaigh slua custaiméirí oibrithe in Wal-Mart i Nua-Eabhrac agus iad ag iarraidh dul isteach sa siopa. Gortaíodh naonúr in California nuair a bhí slua mór ag iarraidh dearbháin bhronntanais a fháil in ionad siopadóireachta agus in Wisconsin anuraidh, ghabh na Gardaí bean nuair a bhagair sí roinnt daoine le gunna.

Má tá tú ag dul sall don lá seo, nó d’aon lá chun siopadóireacht a dhéanamh i Meiriceá, is féidir táirgí níos saoire a fháil sna hasraonta miondíola (outlets) agus beidh sladmhargáí níos fearr fós ar siúl ar Black Friday. Tá eolas ar na hasraonta miondíola ar fad sa tír ar fáil anseo www.outletbound.com.

Nuair atá tú ag eitilt abhaile le málaí móra, lán le héadaí agus bróga nua, déan cinnte go dtógann tú na lipéid as roinnt de na héadaí agus go gcuireann tú roinnt marcanna ar na bróga ionas nach mbeadh cuma ró-nua orthu. Má osclaídh na hoifigigh chustaim san aerfort na málaí, tá seans ann go dtógfaidh siad roinnt de na hearraí uait má tá ‘an iomarca’ agat.

Tionsclú an Artaigh: ré nua don Rúis faoi Vladimir Putin

Taiscéalaíocht san fharraige le teacht ar ola agus ar ghás; druileáil faoina gcoinne; calaí nua farraige a thógáil sna farraigí Artacha; bonneagar le bealaí nua loingis a chruthú ar mhaithe le tráchtáil thar fharraigí an Artaigh. Is é seo an beart atá ag Vladimir Putin, Uachtarán tofa na Rúise. Tionsclú ar an Artach lena acmhainní nádúrtha a bhaint.

le Pól Mac Cana


Síltear go mbeidh codanna de na farraigí Artacha saor ón leac oighir i rith an tsamhraidh ó 2030 anonn. Mar sin, móidíonn Vladimir Putin na Rúise gurb é trí na bealaí nua seo a chruthóidh an Rúis slí loingis iomaíoch idir an Eoraip agus an Áis a bheas inchurtha le Canáil Suais nó le Canáil Phanama. Beidh an Rúis ansin mar iomaitheoir sa loingeas luachmhar fosta.

Tuigtear, áfach, gurb iad an ola agus an gás an sprioc is mó atá ag Putin agus ag na comhlachtaí móra Rúiseacha. Creidim an US Geological Survey go bhfuil 22% den ola atá go fóill le haimsíú sa chruinne, le fáil san Artach. Ar a bharr sin, thángthas ar fhoinsí san Artach cheana féin arb ionann agus 240 billiún bairille iad. Sin an méid chéanna ola atá ag an Araib Shádach san iomlán.


Tá an chosúlacht ann nach mbeidh coimhlintí idir na stáit Artacha (.i. Meiriceá [Alasca]; an Iorua; an Danmhairg [an Ghraonlainn]; an Rúis; an Íoslainn; Ceanada) de dheasca thaiscéalaíocht na Rúise. Dealraíonn sé go bhfuil cúinsí geilleagracha ag cur sriain ar aon choimhlint i dtaca leis seo - tá ola ón Rúis róthábhachtach i bpunanna cumhachta na stát eile. Níl siad ag iarraidh cur as di.

Tá saineolas - agus airgead - ón Iarthar de dhíth ar na Rúisigh leis an ola agus leis an ghás a bhaint ón talamh go héifeachtach agus leis an tál táirgthe a choinneáil ard. Chuige sin, tá an Rúis ag mealladh na gcomhlachtaí móra Iartharacha chuici féin. Dealraíonn sé go bhfuil tionchar nach beag aige seo ar chúrsaí i Meiriceá. I dtaobh na gcomhlachtaí idirnáisiúnta ola de, tá an Rúis níos tarraingtí ná Meiriceá anois. Níl na dlíthe céanna i bhfeidhm sa Rúis i dtaca le dualgais i leith na timpeallachta agus mhuintir na háite. Mar sin, is féidir leis na comhlachtaí móra idirnáisiúnta tuilleadh brabúis a chothú sa Rúis.

Agus cad é atá i ndán don timpeallacht? Má amharctar ar an mhéid ama a thóg sé ar BP an doirteadh ola i Murascaill Mheicsiceo a ghlanadh anuraidh, thóg sé 3 mhí ar BP an 200 milliún galún a stopadh. Agus ba é sin faoi choinníollacha maithe aimsire agus leis an teicneolaíocht is fearr dá bhfuil ann. Cad é a dhéanfaí san Artach dá dtitfeadh a leithéid amach? Ní bhíonn mórán de sholas an lae ann i rith leathchuid den bhliain; bíonn an teocht an-íseal faoin phointe reoite; agus is áit fíor-iargúlta é freisin. Cén



'Goirt' gáis an Artaigh.



Bealach nua tríd an tAigéan Artach?



Duine de Sami na Rúise, ceann de na muintir dúchasacha i réigiún Artach na Rúise.



Scaglan Ola, ard sa Rúis Artach.



Béir Bána ag cur spéise i bhfomhuireán míleata atá tar éis briseadh fríd an oighear.

seans a bheadh ann le tubaiste timpeallachta a réiteach sna dúichí Artacha údaí, fiú dá mbeadh an toil ann déanamh amhlaidh.

I dtaca leis an Rúis de, tá stair dhochrach acu ó thaobh doirteadh agus sceitheadh ola de, agus níl ach fíorbheagán eolais ag na Rúisigh ar ghnáthóga agus ar bhithéagsúlacht na ndúichí Artacha s'acu féin. Níl beart acu ach oiread le hinfheistíocht ar bith a dhéanamh le heolas a bhailiú orthu, fiú. De réir Tatiana Minaye-

va (comhairleach ar an Artach de chuid Wetlands International), amharcann stát na Rúise ar an Artach mar leac oighir bán, gan duine gan neach beo. Agus cé gurb é seo an t-achar is mó ar dhomhan ó thaobh éiceachórais gan stad gan briseadh, níl ach aon tearmann farraige amháin san Artach Rúiseach ar fad.

Cé go bhfuil lucht an chomhshaoil i mbun feachtais le fiántas an Artaigh a chaomhnú, níl cluas éisteachta ag Putin ná ag stát na Rúise dóibh. Is

acmhainní riachtanacha iad na breoslaí iontaise atá san Artach, de réir údarais na Rúise, le todhchaí na tíre a chinntiú chomh maith le todhchaí na bunáochta polaitiúla a chinntiú.

Tá iarrachtaí déanta ag Putin agus ag na comhlachtaí ola sa Rúis leis na heagraíochtaí neamhrialtasacha agus na dreamanna dúchasacha - m.sh. na Sámaigh - a shásamh i dtaca leis an bhuairt a bhaineann le sláinte an chomhshaoil. Baineann siad úsáid as roscaireacht faoin ghá atá leis an

chóimheá a aimsiú idir taiscéalaíocht agus caomhnú an chomhshaoil. Tá buairt ar Minayev, amh, nach bhfuil an tsochaí láidir go leor sa Rúis lena chinntiú go gcoifidh an stát lena chuid dualgaisí.

Tá sé íorónta gurb é dó na hola agus an gháis is cúis leis an téamh domhanda, agus gurb é an téamh domhanda atá ag oscailt an Artaigh le tuilleadh ola agus gáis a aimsiú ann. Fáinne fí, gan amhras! An bhfeiceann Putin é sin? Nach cuma leis?

TRÁCHTAIREACHT

D'imigh Sin agus Tháinig Seo



Síle Ní Bhraonáin

An bhfuil lá na teilifíse, lá an raidió agus lá na ndlúthcheirníní thart? Fadó bhíodh muid ag cur cláracha teilifíse ar théip. Is cuimhin liomsa a bheith ag iar-

raidh an ‘timer’ a chur ar siúl ar an taifeadán sa gcaoi is nach gcaillfeadh muid an clár a theastaigh uainn a fheiceáil. Agus b’fhéidir an téip chéanna a úsáid arís agus arís eile.

Anois is cuma mura bhfuil an teilifís féin agat, mar gur féidir breathnú ar chlár ar bith, as tír ar bith, ag am ar bith ar an idirlíon. Is dócha nach aon drochrud é seo, ach cá fhad eile a mhairfidh saol na teilifíse? Níl aon chainéal teilifíse amuigh ansin nach bhfuil suíomh idirlín acu anois chun gur féidir le daoine breathnú ar na cláracha ar líne.

Is é an scéal céanna é i gcás an cheoil. Bhí mé ag caint le banna ceoil amháin, atá ag iarraidh a mbealach a dhéanamh i saol mór an cheoil anois, agus is cosúil gur mó an tionchar atá ag an idirlíon ar a gcuid aitheantais ná mar atá ag an raidió. Is cuimhin liom an chéad uair riamh a cheannaigh mé téip. Bhí amhrán de chuid na Fugees darb ainm ‘Killing me Softly’ ag barr na gcairteacha agus is orm a bhí an t-áthas nuair a cheannaigh mé é. B’shin go luath sna 1990í, ach anois ní féidir seinnteoir téipe a cheannacht, gan trácht ar na

téipeanna féin. Ansin tháinig dlúthcheirníní ar an margadh, agus tá roinnt acu siúd thart go fóill, ach ní haon bhuíochas é sin leis an idirlíon. Cé gurb é an t-idirlíon ceann de na ‘rudaí’ is fearr ar domhan, an bhfuil sé ag cur deireadh le ré eile fós?

Tá mé féin chomh dona céanna leis an chéad duine eile. An é nach bhfuil am againn anois suí os comhair na teilifíse le breathnú ar chlár, nó an mbíonn an iomarca deifre orainn go gcaithfidh muid ceol a íoslódáil go sciobtha seachas

dul ag siopadóireacht i siopa do na ceirníní céanna? Tá go leor de na siopaí ceoil agus scannán ag dúnadh mar nach mbíonn daoine ag ceannacht sna siopaí níos mó. Ní hé go bhfuil aon fhadhb agamsa leis an ré nua idirlín seo agus níl aon locht agam air ach oiread. Ach an rud is mó a chuireann iontas orm ná, céard é an chéad rud eile? Céard a thiocfas sna blianta amach romhainn? Samhlaigh cá mbeidh muid i gceann deich mbliana eile - murar amhlaidh go mbeidh muid ar ais ag an téip arís agus cúrsaí mar atá!

Ciall ceannaithe ag an gcraoltóir náisiúnta?



Páidí Ó Lionáird

Creidim nach féidir daonlathas a riar agus a reáchtáil i gceart gan an preas a bheith saor ó thionchar an rialtais. Creidim freisin go gcaithfear craoltóir seirbhíse poiblí a áireamh ar an tseirbhís sin, craoltóir a chuireann faoi gach rud atá mar ábhar spéise sa tsochaí ina bhfeidhmíonn sé a scáthánú agus a chur ós comhair an phobail go cothrom, go meáite agus gan aon chlaonadh, olc, maith ná dona.

Nuair a fheidhmíonn an daonlathas go fíor agus go fírinneach, bíonn craoltóir seirbhíse poiblí i gcónaí ag coimeád an phobail ar an eolas.

Is léir, leis an lagú sa gheilleagar, an iliomad binsí fíoseiríthe agus an creimeadh caighdeán sa saol poiblí nach raibh Raidió Teilifís Éireann ag feidhmiú mar ba chóir.

Tá cúpla riail a bhaineann le gnó na hiriseoireachta. Cuirimse fírinne an scéil ós cionn gach ní eile. Nuair a bhíonn scéal á fhiosrú agus á scríobh, caithfear na fíricí a sheiceáil. Nuair atá siad seiceáilte, ní mór iad a sheiceáil arís agus sula gcuirtear i gcló nó sula gcaoltar an scéal, seiceáil arís iad.

Úsáidim an Irish Times mar shampla, nuachtán taifid na tíre seo agus nuachtán a chreideann go bhfuil iontaoibh lucht a léite níos tábhachtaí ná an cheannlíne tharraingteach.



Caithim go leor de mo chuid ama teagaisc ag brú na rialach seo ar mhic léinn mar go gcreidim go smíor nach bhfuil ach deis amháin ann le fírinne scéil a insint i gceart. Muna bhfuil iomlán cinnteachta faoi scéal, ná húsáid é agus ná cuir i gcló é agus ná craol é.

Tá tábhacht níos mó arís leis an riail seo nuair a bhíonn clú duine i gceist.

Creidim go bhfuil dochar nach beag déanta ag an gcraoltóir náisiúnta don riail seo agus go bhfuil impleachtaí níos doimhne ann do cheird na hiriseoireachta ná mar a thagann chun cuimhne láithreach. Tá impleachtaí ann don chraoltóir náisiúnta freisin.

Le roinnt míonna anuas tá éirithe

craoltóireachta poiblí. Den fhormhór, aontaím go bhfuil an t-ábhar maíthe seo fíor.

Bhí difríocht amháin ann, áfach. Cé go raibh an BBC maoinithe go hiomlán trí cheadúnas, le cosc iomlán ar fhógraíocht agus ar an tionchar a bheadh aige sin ar an gcraoltóir, bheadh ar RTÉ a chuid maoinithe a fháil ó dhá fhoinsé - an ceadúnas teilifíse, a chuirfeadh leath den mhaoiniú ar fáil, agus fógraíocht a chlúdódh an leath eile.

Bheadh ciall leis seo ar ndóigh. Le daonra chomh mór agus atá ag ár gcomharsa, bheadh dóthain acmhainní ag an BBC a gcuid a bhaint amach gan ionchur corparáideach. Agus inár gcás féin? Réiteach Gaelach ar fhadhb Ghaelach.

Tá gach clár nuachta agus cúrsaí reatha ar RTÉ saor ó bhrú corparáideach agus ó aon tionchar in aon chor seachas ceann amháin, “Drivetime” le Mary Wilson. Tá an banc HSBC luaite mar urra ar an gclár seo ó 2009 i leith.

Nuair a ghlac RTÉ leis an urraíocht sin, thrasnaíodar tairseach a bhí mar thaobh caol na dinge. Ní hé go bhfuil caighdeán iriseoireachta an chlár sin tar éis titim ó shin, ach an mbeadh iontaoibh agat as foireann an chlár sin scéal baincéireachta (rud atá an-choitianta) a phlé dá mbeadh HSBC mar ábhar an scéil?

N’fheadar.

Tá rubicon eile trasnaithe ag an gcraoltóir le déanaí, ceann i bhfad níos tromchúisí fós. Chraol RTÉ clár Primetime Investigates inar cuireadh i leith an Athar Kevin Reynolds, sagart paróiste in Áth Eascrach na Gaillimhe, go raibh caidreamh míghéanasach aige le cailín san Aifric, gur rugadh páiste di agus gur thréig sé ansin í.

In ainneoin gur sheán an sagart

agus beirt easpag na líomhaintí seo agus go ndearnadh an tAthair Reynolds tairiscint tástáil atharthachta a dhéanamh leis an scéal a réiteach, ina ainneoin sin go léir dhiúltaigh foireann léirithe an chlár agus RTÉ glacadh leis agus chraoladar an clár clúmhilleach seo i mí na Bealtaine i mbliana.

D’fhéach ós cionn 500,000 duine ar an gclár, mé féin ina measc.

Tá sé deacair a shamhlú gur craoladh clár le hábhar dá leithéid seo nuair a bhí bunús an chlár go hiomlán bréagach.

Maireann gach craoltóir seirbhíse poiblí ar an mbunús go bhfuil iontaoibh ag an bpobal as. In aon iarracht amháin, briseadh an iontaoibh seo.


Tá tuairisceoir an chlár seo, Aoife Kavanagh, fós ag craoladh mar iriseoir ar an gclár beo cúrsaí reatha maidine Morning Ireland, clár ina bhfuil cúram agus freagracht throm ag baint leis.

Bíodh is gur ise is mó atá luaite i ngach comhfhreagras a bhaineann leis an gclár seo, ní ise amháin a bhí i mbun an chlár. Bhí Brian Páircéir agus Ken O’Shea freagrach as freisin ach is ise a bhíonn le cloisteáil gach seachtain ar an aer.

I measc na bhfadhbanna atá ag RTÉ ag éirí as an drochscéal seo, tá iontaoibh an phobail briste agus tá a fhios acu má dheineann duine ar bith botún in RTÉ gur beag cúiteamh atá le híoc acu. Tá comhghleacaithe Kavanagh thíos leis freisin áfach toisc go mbeidh cáil a gceirde siúd faoi amhras anois.

Agus táimidne, an pobal, thíos leis faoi dhó - ar an gcéad dul síos toisc go mbeidh tuairisciú na seirbhíse ar chúrsaí reatha maolaithe agus mar gur ónár bpócaí féin a tháinig pé suim a íocadh leis an Athair Reynolds.

Eagarfhocal



Cuirimis i gcoinne aon ísliú céime

BAINEADH siar de chuid mhór de phobal na Gaeilge an tseachtain seo caite nuair a d'fhógair an rialtas go bhfuil siad chun Oifig an Choimisinéara Teanga a nascadh le hOifig an Ombudsman.

Ar an ábhar gur bunaíodh Oifig an Choimisinéara faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, ba ghné bhuan de chuid ionstraimí an Stáit í i meon phobal na teanga agus glacadh leis go leanfaí leis an ról go leanúnach sa todhchaí.

Is léir áfach nach amhlaidh an scéal i meon an Stáit chéanna agus iad toilteanach an Oifig a íobairt chomh luath is a bhí leithscéal acu.

Agus, de réir cosúlachta, ní raibh mórán de leithscéal de dhíth orthu mar is beag tionchar airgeadais a bheas ag an chinneadh ós rud é gur státseirbhísigh bhuana iad oibrithe Oifig an Choimisinéara agus nach ndéanfaidh an rialtas aon sábháil ó thaobh tuarastal de dá bharr.

Ní féidir leis an rialtas a rá ach an oiread nach raibh feidhm ag an Oifig óir tá na céadta duine tar éis úsáid a bhaint as na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag an Choimisinéir féin, Seán Ó Cuirreáin, agus ag an fhoireann a oibríonn in éineacht leis, foireann a bhfuil moladh tuillte acu ar fad.

Tá sé le ciall ar ndóigh go dtugann muid, mar phobal teanga, breithiúnas ionraic ar na bun-táistí agus míbhuntáistí éagsúla a bhaineann le gach áis agus le

gach struchtúr a fheidhmíonn ar ár son agus ar son na Gaeilge ach tá sé chomh tábhachtach céanna go gcuirtear i gcoinne aon ísliú céime nach bhfuil aon ghá leis.

Agus ag caint ar ísliú céime, ní mór dúinn chomh maith seasamh a ghlacadh in éadan an mheoin atá léirithe ag Méara an Náis, Darren Scully, ó Fhine Gael maidir le hinimircigh sa tír seo.

Níl aon áit ann de chiníochas neamhbhalbh dá leithéid, in aon sochaí.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Fadhbanna teanga An Post

A chara,

Maidir leis na haltanna faoin bPost sna heagraín den 2ú agus 11ú Samhain seo mo thaithí leo.

D'úsáideas mo sheoladh i nGaeilge i gcónaí agus ní raibh fadhb ar bith agam ar feadh na mblianta fada go dtí le cúpla bliain anuas. Shrois roinnt litreacha (ar a laghaidh ceithre nó cúig chinn) mé ansin ach bhí 'Not at this address' scríofa orthu. I ngach cás bhí an seoladh cruinn ceart.

D'fhiosraigh mé an scéal leis an oifig sortála i dTamhlacht, a dhéanann freastal ar an gceantar seo freisin. Dúradh liom gur bhain seo le gnáthfhear an phoist bheith ar saoire, gur labhradh leis na fir phoist agus nach dtárlódh seo arís.

Shíl mise ag an am gur deineadh seachadadh do sheoladh mícheart agus gurb é an duine ag an seoladh sin a scríobh 'Not at this address'.

Ansin i mbliana tharla an rud céanna arís i mí Lúnasa le roinnt litreacha.

Dúirt An Post an uair seo nár bhain sé le fir an phoist ach leis an oifig sortála lárnach ach nach dtárlódh sé arís. Arís bhí an seoladh cruinn ceart agus

soiléir.

Tamall ina dhiaidh sin fuaireas glaoch gutháin ó na Comisinéirí Ioncaim ag fiosrú an raibh mo sheoladh athraithe agam ós rud é gur seoladh litir, ina raibh seic aiséic cánach, ar ais chuchú agus 'Not at this address'.

scríofa air! Dheimhníos go raibh an seoladh ceart i gcónaí, seoladh amach an seic arís agus seachadadh i gceart ag mo sheoladh é.

Ansin cúpla la ó shoin fuaireas ríomhphost ó Amnesty International ag fiosrú cén seoladh nua a bhí agam ós rud é gur seoladh litir ar ais chuchú.

Is léir gur iad an dream san oifig sortála lárnach is cúis leis seo. Ní fiú dóibh seoltaí i nGaeilge a threorú ceart nó a sheiceál amach. Ní dhéantar ach 'Not at this address' a scríobh orthu agus iad a chaitheamh ar aghaidh do dhream eile le deileáil leo. Is leir ón dá chás thuas gur sheol an dream san mo litreacha (go raibh na seoltaí ceart agus cruinn orthu) ar ais.

Ar ndóigh is bréag é an manna 'Not at this address' a chur in aice le seoladh ceart, is rud mailíosach é a d'fhéadfadh cur as do dhuine agus a chlann ó thaobh cúrsaí airgid agus gnéithe eile. Seans go mbeadh

cás dlí ann fiú.

Ar ndóigh ní fios freisin cé méid litir a caitheadh sa bruscar (ar feadh roinnt blianta?) ós rud é nach raibh aon seoladh orthu len iad a sheachadadh ar ais go lucht a seolta.

Taim chun mo chás a chur ar aghaidh chuig an Coimisinéir Teanga agus mholfainn do daoine eile gur tharla an rud céanna dóibh déanamh amhlaidh.

Beir bua,
Cathal Ó Luain

Suíomhanna nua teicneolaíochta

A dhaoine córa,

Léigh mé alt Sheosaimh Uí Riain san eagrán 09/11/2011. Luadh áiseanna ríomhaireachta ag deireadh an ailt. Faraor, níor luaigh sibh an dá shuíomh is cuimsithí atá ann i dtaca le ríomhaireacht i nGaeilge .i. www.scriobh.ie agus www.nascanna.com

B'fhéidir go mbeadh suim agaibh díriú ar na suíomhanna seo in alt eile go luath.

Le mórmheas oraibh,
Seanán Ó Coistín
Dúrud

Baile Aerach Ghleann Mhac Muirinn

Tá baile beag aerach in iarthar na hÉireann I lár Chonamara, ar mhaith liomsa air cur síos Mar tá cnoic, gleann, is sléibhte ann, aibhneacha is coillte Is na lochanna is áille dá bhfuil againn sa tír.

Tá radharc as an mbaile seo chomh breá is a d'fheicfeá in Éirinn, Ar fud Chonamara is na Beanna Beola ó thuaidh, Feicfidh tú na seacht d'Teampall ón gcnocán is airde ann, Síos uait Cuan Chasla agus an Cheathrú Rua.

Tá chuile chineál éan le feiceáil ann i gcaitheamh an tséasúir Is bíonn a nádúr féin acu, ag neadú is ag ceol, Bíonn an eala is an lacha fhiáin ar an loch amuigh iad féin ann Is tagann an chuach chuile bhliain ann ar ais ar a cuairt.

Beidh an bádóir ag fanacht leat ó éirí na gréine, Is a bháidín faoi réir le thú a thabhairt amach le haghaidh an spraoi, Má bhíonn do shlat feistithe i gceart agus na baoití faoi réir agat, Beidh an breac rua agat le haghaidh do bhéile ag teacht chun an tí.

Ach tá loch eile i lár an bhaile seo a mheallann na céadta As chuile cheard d'Éirinn agus ón mór-roinn, Mar tá iascaireacht slaithe le fáil inti i gcaitheamh an tséasúir I mbaile aerach Ghleann Mac Muirinn idir Casla agus Scríb.

Is iontach an caitheamh aimsire é seo do na céadta Fámairí móra a thugann cuairt ar an tír, Má bhíonn an nádúr san aimsir, bainfidh siad as a lán pléisiúir Agus fillfidh siad ar Bhaile Aerach Ghleann Mhac Muirinn arís.

Bhíodh togha na bhfilí, Micheál Breathnach, ag inseacht neart scéalta, Faoin mbaile beag aerach in aimsir an drochshaoil, Bhíodh an t-iasc ann go fairsing agus neart uaineoil chaora sléibhe Is ní raibh ocra ar aon duine ann i gcaitheamh a saoil.

Willie Fenton



Cuirtear litreacha chuig litreacha@gaelsceal.ie.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

Níl in Oifig an Choimisinéara Teanga ach leibhéal eile maorlathais



Conchubhar Ó Liatháin

CUID agaibh a léifidh é seo, ní mhaithfidh sibh dom nach bhfuilim ag caoineadh uiscí mo chinn mar gheall ar chinneadh an rialtais i leith Oifig an Choimisinéara Teanga. Tá sé i gceist an Coimisinéir a chomhnascadh le hOifig an Ombudsman san athbhreithniú a fógraíodh le déanaí ar na seirbhísí poiblí.

Creidim féin go bhfuil mionlach substaintiúil a aontóidh liom ós íseal gur bogadh sa treo ceart é seo.

Ar an léamh is fearr, creidim go dtabharfaidh an státseirbhís aird níos mó ar an méid a bheadh le rá faoi easnaimh, laigí agus faillí na seirbhíse dá mba rud é gur Oifig an Ombudsman i mBaile Átha Cliath a thiocfadh sé seachas ó oifig iargúlta imeallach san iarthar.

De réir léamh níos conspóidí ná sin arís, mo léamh féin, ní raibh riamh in Oifig an Choimisinéara Teanga, dá fheabhas baill foirne na hoifige sin, ach sop in áit na scaibe. Níor chuir sé faic leis an nGaeilge ach leibhéal eile maorlathais agus is beag tionchar a d'imir sé, dar liom, ar threorú na Loinge Stáit i dtreo na Gaeilge.

Níor dheineas ach gearán amháin leis an Oifig - agus b'shin mar gheall ar chinneadh An Post an Oifig Phoist a dhúnadh i nGaeltacht Mhúscraí. Fiú agus é ar an aon oifig phoiblí sa sráidbhaile ina bhféadfaí seirbhísí stáit a lorg trí Ghaeilge, ní raibh An Post tar éis scéim a chur i bhfeidhm - cé gur tugadh treoir don chomhlacht í a chur i bhfeidhm roimh mhí Lúnasa 2009. Mar sin níl aon cheangal ar an gcomhlacht aon seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Agus tá Oifig Phoist Bhéal Átha an Ghaorthaidh dúnta. Seachas litir a chur chuig An Post - rud a chuir le saibhreas an chomhlachta fhaillíoch beagáinín - lena imní a chur in iúl, ní raibh tada a d'fhéadfadh an Coimisinéir Teanga a dhéanamh maidir le faillí An Post!

Sa deireadh thiar, is ar éigean go mbunódh rialtas ar bith Oifig an Choimisinéara Teanga dá mbeadh an baol ann go n-athródh sé rud ar bith chun feabhais. Sin mar a tharla le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Nuair a rinne an Oifig an chéad suirbhé ar an státseirbhís ag fiafraí cá mhéad d'fhoirne na rannóg éagsúil a chreid go mbeadh siad ábalta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, 3% an freagra a thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Nuair a deineadh an dara suirbhé cúpla bliain ina dhiaidh sin,



An Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, a bhfuil a oifig le comhnascadh le hOifig an Ombudsman.

1.5% a thuairiscigh an Roinn Oideachais mar fhreagra ar an gceist chéanna.

Laghdú 50% ar líon na bhfeidhmeannach a chreideann go mbeadh siad ábalta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge sa roinn is mó a imríonn tionchar ar mhúineadh agus ar fhoghlaím na Gaeilge ar fud an stáit. Dochreidte.

An chéad rud eile a bheidh tú ag rá liom nach bhfuil feidhmeannaigh na Roinne Airgeadais ábalta a gcuid uimhríochta a dhéanamh i gceart agus iad ag áireamh ár gcuid airgid (agus ár bhfiachais)!

Ní ag magadh atáim nuair a deirim ós ard gur léir domsa go bhfuil fadhb níos bunúsáí ná easpa cumas Gaeilge sa státchóras. Ba cheart go mbeadh sé soiléir don dall ag an bpointe seo go bhfuil easnamh substaintiúil in éirim ár státchórais.

Fuarthas réidh le riachtanas na Gaeilge d'fhostaithe nua sa státseirbhís ag tús na 1970í. Ba olc an cinneadh é sin nó chinntigh sé nach mbeadh gá le caighdeán bunúsach oideachais ag na daoine a earcaíodh ina dhiaidh sin.

Ní raibh a gcumas Gaeilge maith go

leor ná, is léir, a gcumas sa Mhata-maitic agus ní thuigeann aoinne réasúnta an Béarla a úsáideann siad. Ní raibh eacnamaithe sa Roinn Airgeadais ná tionsclóirí sa Roinn Tionscail.

Gí go bhfuil sé éasca a dhóthain d'fheidhmeannaigh shinsearacha sa Roinn Airgeadais beag a dhéanamh den €3.6bn a cuireadh go héagórach lenár bhfiachas náisiúnta, is cinnte nach ligfeadh aon duine sa Roinn sin don rialtas cent níos lú ná mar a bhí dlite dóibh a íoc leo ina bpinsean. Sin an fáth, nach é, go bhfuiltear ag súil go n-éireoidh na mílte acu as a bpostanna roimh mhí Feabhra seo chugainn nuair a thiocfaidh córas nua i réim chun pinsin a ríomh.

Cé go bhfuil béim ar leith agam ar an nGaeilge, is í an chuid is lú í de mhíchumas iomlán an státchórais. Ach tá sí úsáideach chun solas a dhíriú ar an bhfadhb ollmhór ar a cúl.

An rud is lú a mbeadh aon duine ag súil leis ó na státseirbhísigh go mbeadh caighdeán réasúnta oideachais orthu, agus tá léamh, scríobh agus labhairt na Gaeilge riachtanach chun é sin a chruthú an oiread agus atá uimhríocht agus

litearthacht sa Bhéarla.

Isteach sa chóras sin a tumadh an Coimisinéir Teanga agus a fhoireann, iad gan chumhacht agus laicis drochreachtaíochta orthu, Acht na dTeangacha Oifigiúla. Ní raibh seans acu.

Anois tá comhnascadh le déanamh le hOifig an Ombudsman. Tá Oifig an Choimisinéara chomh pollta mar bhratlong na Gaeilge sa státchóras agus atá an Titanic mar bhratlong loingeas an Réiltín Bháin.

Is cinnte go mbeidh go leor Gaeilgeoirí ann a bheidh buartha mar gheall air seo. Tá dúil mhór ag sciar dár mbuíon sa mhaorlathas. Ar an drochuair tá greim acu ar cheannaireacht na gluaiseachta, más gluaiseacht í seachas lánstad.

Ní hé go bhfuil easpa dúile ag pobal na tíre sa teanga. Is maith linn - leo - í go mór. Is maith linn bheith ag faire ar an rugbaí ar TG4 - seachas Neil Francis bocht - is maith linn bheith ag pocléim le ceol na Rubber Bandits ag an Oireachtas agus is maith linn filíocht na Gaeilge.

An oiread le héinne eile atá réasúnta ciallmhar, níl mórán spéise againn i dtuairiscí oifigiúla i dteanga ar bith.

Is saothar in aisce agus faillí ar an dteanga bheith ag maíomh a mhalairte.

Sin an fáth nach bhfuilim ag caoineadh mar gheall ar chinniúint an Choimisinéara.

Rud amháin eile: agus an Nollaig ag teannadh linn, tá An Post 'ag cuidiú' le Daidí na Nollag agus iad ag tabhairt litreacha ó pháistí ag lorg féiríní uaidh a fhad leis an Mol Thuaidh. Cuideoidh siad leis an bhfear mór litreacha a sheoladh ar ais chuig na páistí chomh maith.

Ach an gceapann éinne go mbeidh deis ag Daidí na Nollag litreacha i nGaeilge a sheoladh chuig na páistí sin a sheolann litreacha i nGaeilge chuige? Caolseans.

Dá mbeadh an Coimisinéir Teanga sásta idirghabháil a dhéanamh leis An Post agus Daidí na Nollag lena chinntiú go gcuirfeadh na sioga atá ag obair ag An Post ar shúile an fhir ghroí gur cheart dó bheith básach agus litir a sheoladh ar ais sa teanga chéanna, b'fhéidir go mbogfadh mo chroí agus croí na bpáistí lena chois sin.

Féirín Nollaig le fiúntas a bheadh ansin.

Is ón bhonn aníos a dhéanfar dul chun cinn



Eoghan Ó Néill

NÍ féidir polaiteoirí a thrust - an greideann sibh anois mé? Ní dhéanfaidh an stát an saol a Ghaelú faoinár gcoinne.

Is cuma cá mhéad Acht Teanga, straitéisí 20 bliain nó Coimisinéirí Teanga atá ann. Is cuma cá mhéad 'cara sa chúirt' againn sa Chomhaireacht nó an oiread sin uaireanta an chloig caite i mbun 'stocaireachta'.

Tiocfaidh an athbheochan ón bhonn aníos seachas ón bharr anuas.

Maireann an Ghaeilge beo againne féin go príomha.

Sinne a d'fhoghlaim í nó a raibh sí againn ón chliabhán.

Ansin maireann sí beo linn sa teaghlach. Agus ansin ar bhonn laethúil i gcumarsáid leis na daoine thart timpeall orainn.

Agus is ina dhiaidh sin ar fad a mhaireann sí beo sa chumarsáid a dhéanann muid leis an phobal mhór

agus leis an stát.

Bhí ról tanáisteach ag an Choimisinéir Teanga sa ghnó seo. Agus bíonn ról tanáisteach ag Acht na dTeangacha Oifigiúla sa ghnó seo fosta.

Ní aon dispeagadh é sin ar an Choimisinéir Seán Ó Cuirreáin ná ar a fhoireann. Níl mé ag rá nach dtiocfaidh an t-am, lá níos faide anonn, nuair nach mbeidh ról lárnach, práinneach ag coimisinéir teanga. De réir mar a fhásfaidh pobal na Gaeilge agus lucht a labhartha, gach seans go mbeidh.

Ach ní hé 'Gaelú an státhórais' is práinní nuair nach bhfuil an oiread Gael ann agus a bhainfidh úsáid as na 'cearta' atá an tAcht agus an Coimisinéir i dteideal a chosaint ar ár son.

Bunús na nGael, nuair a shéanann An Post nó BSL a gcearta orthu, éiríonn siad feargach agus cuireann lena n-iarrachtaí ar son na teanga seachas dul i dteagmháil leis an Choimisinéir nó a gcearta a lorg ó chóras maorlathach.

Mar sin, dar liom nach 'game changer' é an coilleadh a rinne an stát ar Oifig an Chomisinéara Teanga an tseachtain seo caite.

Bhí an Ghaeilge ann roimh Acht agus Coimisinéir agus beidh an Ghaeilge ann ina ndiaidh.

Ach thiocthadh leis an rírá faoin Choimisinéir Teanga dul go mór chun

leasa na Gaeilge más rud é go gcuireann sé ina luí ar phobal na Gaeilge sna 26 Chontae nach féidir polaiteoirí a thrust leis an teanga.

Cuir ceist ort féin.

Cá mhéad Gael a thóg sé chun fáil réidh le Coimisinéir Teanga?

An líon céanna is a thóg sé lena bhunú an chéad lá anuas.

Bhí Mícheál Ó Máirtín, Brian Cowen, Pat Carey, Éamon Ó Cuív, Trevor Sargent agus slua eile de Ghaeil dhílse ar an Chomhaireacht a shocraigh gurb é Coimisinéir Teanga an bealach chun tosaigh don Ghaeilge.

Agus bhí slua de Ghaeil chomh dílis céanna, leithéidí Enda Kenny, Mícheál Ó Nuanáin, Dinny Mc Ginley, Eamonn Gilmore srl, ar an Chomhaireacht a shocraigh nach é Coimisinéir Teanga an tslí chun tosaigh don Ghaeilge.

Mar sin - foghlaim an ceacht!

Tá dílseacht ag an Ghael pholaitiúil dá pháirtí féin thar a theanga.

San am a bhíonn an teanga agus an páirtí ag tarraingt i dtreonna éagsúla rachaidh an Gael polaitiúil leis an pháirtí. Riamh anall. Ná creid a mhalairt.

Tá sin fíor faoi Fhine Gael agus faoi Pháirtí an Lucht Oibre, faoi Fhianna Fáil agus faoin Chomhaontas Ghlas. Agus is ea, tá sé fíor faoi Shinn Féin

agus faoin SDLP agus faoin Pháirtí Shóisialach agus gach páirtí eile acu.

Mar sin níl na polaiteoirí ag dul a shábháil na Gaeilge. Ná an státhóras ach oiread.

Má tá an Ghaeilge le maireachtáil beo ní mór go dtarlódh trí rud.

1 - Caithfear páistí a thógáil le Gaeilge. Agus lena chois, caithfidh siad sin a bhfuil Gaeilge acu, bíodh Gaeilge sa bhaile acu nó ná bíodh, an teanga a labhairt ar bhonn laethúil. Ní leis an státhóras is mó a dhéanann Gaeilgeoirí plé i nGaeilge ar bhonn laethúil. Déanann siad sin ar bhonn laethúil sa teaghlach, san ionad oibre, ar scoil, i measc a gcuid cairde, ag ócáidí sóisialta san oíche.

2 - Caithfimid cur le líon na ndaoine a bhfuil Gaeilge líofa acu. Ciallaíonn sé sin an Ghaelscolaíocht a threisiú agus a fhorbairt ag gach leibhéal. Is iad na Gaelscoileanna atá ag cur leis an linn de Ghaeil óga líofa agus ní mór cur leis an linn. Agus, ar ndóigh, caithfimid teacht ar shlí cheart chun go mbeadh líofacht mheasartha Gaeilge ag na daltaí sin a chaitheann 14 bliana ar scoil.

3 - Caithfear tacaíocht a thabhairt do phobal na Gaeltachta le go dtiocfadh leo cónaí ina n-áit dúchais agus saibhreas na teanga a choinneáil agus

a chur ar aghaidh chuig an chéad ghlúin eile. Cad é mar a chuireann tú muintir na Gaeltachta ag caint Gaeilge lena bpáistí? Ní thig liomsa an cheist sin a fhreagairt.

Ní dhéanfaidh Acht Gaeilge ná Coimisinéir Teanga, dá fheabhas iad, ní dhéanfaidh siad difear mór don trí rud sin. Sa Ghalltacht cibé. B'fhéidir go bhfuil argóint ar leith ann don Ghaeltacht.

Tá ról ag an stát sa trí ghné a luaigh mé ach mura bhfuil cumhacht againne, mura bhfuil eagrais agus pobail agus fiontair againn a chruthaíonn go bhfuilimid líonmhar agus vótaí againn agus cumhacht againn, ní bhrisfidh an stát a gcosa ag iarraidh cuidiú linn.

Is trua nach bhfuil ardán againn a thuilleadh do dhuine chomh cumasach le Seán Ó Cuirreáin lenár gcás a dhéanamh ar ardán poiblí. Ach b'fhéidir nach drochrud é go bhfuil a fhios anois ag pobal na Gaeilge sna 26 Chontae go bhfuil an stát ar nós cuma liom faoin Ghaeilge. Agus go bhfuil amanna ann nuair atá an stát naimhdeach don teanga.

Ó thuaidh thuig muid sin i bhfad ó shin.

Agus féach, ní bocht an méid a bhain muid amach in ainneoin an stát a bheith ar nós cuma fuinn.

Deacair díoltas a imirt ar bhaincéirí anaithnide



Conall Ó Móráin

DE réir Leabhar Eaxodus sa Bhíobla, ba chóir duine nó daoine a chúiteamh go hiomlán maidir lena gcaillteanas - 'súil ar shúil' a deir an sliocht mar gheall ar dhíoltas ar chion.

An tseachtain seo caite bhí orthu siúd atá féinfhostaithe a gcuid cánach a dhíol agus thug an-chuid acu faoi deara, den chéad uair, cé mhéad airgid sa bhreis a bhí agus a bheidh le díol acu leis an rialtas mar cháin mar gheall ar an méid atá tite amach lenár mbainc. Ní hé nár thuig na daoine seo céard a bhí tarlaithe. Níor tharla ach gur cuireadh an phian ina luí orthu agus bhí fearg orthu.

Bhí an fhearg chéanna ar éisteoirí Joe Duffy ar RTÉ Raidió 1 roinnt mhaith míonna ó shin nuair a thug oibrithe a dhíolann a gcuid cánach go seachtainiúil faoi deara cén costas a bhí orthu chun díol as peacaí na mbanc céanna.

Formhór acu siúd a bhí ag tabhairt a gcuid airgid do 'Chéasar' an tseachtain seo caite ritheann siad a ngnólachtaí féin. Agus ba chóir go dtuigfeadh lucht gnó cúrsaí gnó.



PIC LE BRIAN O' LEARY/PHOTOCALL

Bhí Banc Angla-Éireannach ag lár fhadhbanna airgeadais na tíre.

Mura dtuigeannt ní fada a leanfaidh a ré i ngnó.

Caithfidh mé a rá gur chuir sé ionadh orm nár thuig gach duine acu, go huile agus go hiomlán, cé mhéad damáiste airgid atá déanta ag ár mbaincéirí don tír - costas fisiciúil agus síceolaíochta. I ndáiríre tá an figiúr sin chomh mór nach féidir é a thuiscint. Tá sé cosúil le comhrá faoi spás - i ndeireadh báire bíonn na coincheapa chomh mór sin go bhfuil siad geall le bheith dothuigthe. Ach ní féidir an damáiste a chur ónár n-intinn mar tá an fhianaise le feiceáil i ngach aon chearn den tír.

Nuair a labhair an lucht gnó seo liom is díoltas a bhí siad ag lorg. Macalla ar an méid atá ráite chomh minic le bliain anuas a bhí sa mhéid a bhí le rá acu siúd liom. Is ormsa a cuireadh an cheist maidir le conas a d'fhéadfaí díoltas a bhaint as an méid atá tar éis titim amach.

Agus sin í an deacracht. Conas is féidir le haon duine díoltas a bhaint ar dhuine anaithnid agus cúiteamh a lorg ar na billiúin agus na billiúin eile de Euro. Ní raibh mé in ann freagra a thabhairt dóibh mar nach dóigh liom go bhfuil a leithéid réadúil.

Lá éigin (b'fhéidir) imeoidh daoine

le sloinnte cosúil le FitzPatrick agus Drumm ós comhair cúirte. Cheana féin is féidir tuar a dhéanamh go mbeidh a gcuid abhcóidí láidir ina gcosaint, a rá nach féidir lena leithéid de dhuine triail chothrom cúirte a fháil mar gheall ar an bpoiblíocht atá faighte faoin méid atá tarlaithe ó 2008 i leith.

Mura nglacann an breitheamh leis an méid sin agus má théitear ar aghaidh le cás cúirte, tá constaic mhór eile sa bhealach. Cé a chuirfear ar an ngiúiré? Ní cóir go mbeadh aon cheangal idir fir agus mná an ghiúiré le haon choir atá faoi chaibidil. Ach níl a leithéid de dhuine sa tír mar tá, agus beidh, muid ar fad thíos leis.

Is féidir a thuair freisin go mbeadh a leithéid de chás cúirte an-chasta agus dá bharr, má roghnaítear an dáréag ón bpobal coitianta, mar a dhéantar agus mar a chaithfear a dhéanamh, an bhfuil seans ar bith ann go dtuigfidh siad na rialacha agus na mionch-lásalacha a bhaineann le rialacha cuntasaíochta?

Mura dtuigeannt is féidir bheith cinnte go leanfaidh achomhairc in aon chás dá leithéid suas agus síos sna cúirteanna. Agus ansin, i ndeireadh báire, dá gciontófaí a leithéid, cén díoltas is féidir a bhaint amach ar dhaoine atá tar éis an oiread sin dochair a dhéanamh?

Arís ní costas airgid amháin atá i gceist ach an costas daonna - daoine aonaracha agus teaghlaigh iomlána go bhfuil orthu dul ar imirce de

dheasca an damáiste atá déanta ar an ngeilleagar anseo.

Níos measa ná sin, an bhfuil fuil ar lámha na mbaincéirí céanna de dheasca na ndaoine a chuir lámh ina mbás féin nuair a theip ar a gcuid gnónna nó nuair nach raibh post agus ioncam acu chun aisíoc a dhéanamh ar na hiasachtaí millteanacha a thug na baincéirí céanna dóibh?

Is dócha gurb é an bhuncheist ná céard é an cúiteamh cuí don damáiste seo uilig? Is féidir téarma príosúnachta a chur ar dhuine chun teachtaireacht a sheoladh i measc lucht gnó go gcuirfear faoi ghlas iad mura gclóionn siad leis an dlí. Ach ba chuma dá gcaithfeadh na 'ainmneacha móra' i gcás Anglo Irish Bank, agus na mbanc eile, an chuid eile dá saol sa phríosún, ní leor é mar fhíorchúiteamh don chuid eile againn.

Seo go díreach an frustrachas atá ós ár gcomhair nuair a thosaíonn na cásanna cúirte, má tharlaíonn a leithéid. Cosúil leis an teaghlach a chailleann mac nó iníon i dtimpiste bóthair de dheasca tiománaí ólta éigin, ní féidir an duine sin a thabhairt ar ais chun na beatha. Cosúil leis an scríos a rinne na baincéirí níl a leithéid de rud ann agus cúiteamh cuí. Níl seans ann go bhfaighidh muid sásamh ceart as aon chás cúirte.

Cuireann sé olc glan amach orm, ar son mo chlainne, mo chairde agus mo thíre, go bhfuil orm a leithéid a admháil.

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**



An tAire Stáit Donnchadh Mac Fhionnlaoidh, an tOllamh Ruairí Ó hUiginn, Cathaoirleach Choiste Eagarthóireachta Fhoclóir na Nua-Ghaeilge agus an tOllamh Luke Drury, Uachtarán Acadamh Ríoga na hÉireann ag seoladh cartlainne ar líne de théacsanna Nua-Ghaeilge in Acadamh Ríoga na hÉireann Dé Máirt seo caite.



Caomhín Ó Cadhla, Domhnall Ó Cléirigh agus Marcas Mac Ruairí ag an gcéad bhronnadh duaiseanna ag Cumann Peile 'Na Gaeil Óga' a bhí ar siúl ar an Aoine seo caite in Óstán Davenport i lár chathair Bhaile Átha Cliath.



Éireannaigh amuigh i Háiti ag tógáil tithe do mhuintir na háite leis an eagraíocht Haven. Thógadar 55 teach laistigh de shé lá le déanaí.



Kevin de Barra, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Anna Davitt, Coláiste Hibernia agus Carmel Nic Eoin, Comhordaitheoir Náisiúnta, An tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge ag an chéad Tionól Teagaisc. Reáchtáil an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge an chéad Tionól Teagaisc in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad tráthnóna Dé hAoine 11 Samhain agus Dé Sathairn 12 Samhain. D'fhreastail 450 múinteoir Gaeilge ag an dara leibhéal ar an mór-ócáid seo, ag a raibh tríocha ceardlann ar ghnéithe de theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge.



Oifigeach Gaeilge ó UCD, Caoimhe Seoige agus beirt scoláirí ó Theach na Gaeilge taobh amuigh den Teach Laighin le déanaí ag agóid a mhí-shástacht leis an gcinneadh Oifig an Coimisinéir Teanga a chomh nascadh le hOifig an Ombudsman.



Slua ag seoladh 'Luathreach Angela', aistriúchán Gaeilge ar 'Angela's Ashes' de chuid Frank McCourt a rinne Pádraic Breathnach. Is sa Chonsalacht Éireannach i Nua-Eabhrac a rinneadh an seoladh Dé Máirt seo caite

NUAHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUAHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Conamara

Rannóg phleanála plúchta ag gearáin - ainm agus seoladh ag teastáil feasta

Máirtín Ó Catháin

NÍLTAR ag glacadh le gearáin faoi shárú ar choinníollacha pleanála i gComhairle Chontae na Gaillimhe feasta muna bhfuil ainm agus seoladh tugtha leo. Tá an socrú seo déanta de bharr a bhfuil de ghearáin dá gcur isteach le scaitheamh anuas. Tuairiscítear méadú mór a bheith ar

Bóthar nua ag teacht faoi bhráid Comhairleoirí - ach ceist mhór faoin airgead

Máirtín Ó Catháin

CUIRFEAR trí rogha maidir leis an gcúrsa do bhóthar nua Chonamara faoi bhráid Chomhairleoirí Contae Chonamara ar an 5ú lá de mhí na Nollag. Beidh an bóthar atá ann faoi láthair as Gaillimh amach go Scríb ar cheann de na roghanna sin; chuile sheans go mbeidh dhá chúrsa eile ó thuaidh de bhóthar Chois Fharraige luaite freisin. Ach is cosúil go mbeifear ag moladh go gcoinneofar leis an mbóthar atá ann cheana féin as Baile na hAbhann siar chomh fada le Scríb. Ceist mhór a bheidh ansin do Chomhairleoirí Contae Chonamara. Ní bheadh aon aicearra sa bplean sin do dhaoine in iarthar Chonamara agus iad ag taisteal isteach go Gaillimh agus amach as Gaillimh. Bhí an moladh go mbeadh aicearra ann ar cheann de

na pointí móra a bhain leis an bhfeachtas i bhfabhar an bhóthair nua.

Ach d'fhéadfadh an bóthar nua a bheith i bhfad ó bhaile beag beann ar pé socrú a dhéanfaidh na Comhairleoirí Contae ar an 5ú Nollaig.

Níl aon ghealltanais ar airgead don phleanáil bhreise a bheidh le déanamh ar bhóthar nua Chonamara ag an bpointe seo.

Bhíothas a cheapadh go gcuirfí na moltaí faoi na cúrsaí le haghaidh an bhóthair ar taispeáint go poiblí. Ach caithfear athbhreithniú a dhéanamh air sin má tharlaíonn sé nach féidir leanacht ar aghaidh le pleanáil an bhóthair.

Dúirt urlabhraí i gComhairle Chontae na Gaillimhe go mbeadh riar maith obair phleanála le déanamh aríst sula roghnófaí an cúrsa ab fheiliúnaí don bhóthar.

Tá sé i gceist go dtriailfí an bóthar nua a thabhairt isteach faoin gcóras IROPI - córas faoinar féidir a dhul isteach ar thalamh caomhnaithe má tá cruóg mhór pobail i gceist. Chaithfí é sin a chruthú san Eoraip agus bheadh tuilleadh ullmhúcháin le déanamh lena aghaidh sin. Theastódh airgead breise rialtais leis an ullmhúchán sin a dhéanamh.

Idir an dá linn táthar ag súil go mbeifear in ann na constaicí pleanála a lagan le taobh ceann de na cúrsaí atá faoi chaibidil faoi láthair, go gairid. Ach má fhanann dhá chúrsa san bplean ní féidir na constaicí pleanála a lagan gar do na cúrsaí sin nó go roghnófar ceann acu. Chuile sheans nach féidir é sin a dhéanamh nó go mbeidh airgead ar fáil leis an gcuid eile den staidéar a dhéanamh. Níl an t-airgead sin ann anois.

an líon gearán atá ag dul isteach ó áiteacha ar fud an chontae uilig le bliain anuas, go háirithe.

Baineann na gearáin le réimse coinníollacha - cuid acu atá beag go maith is cosúil - atá leagtha síos le ceadúnais phleanála. Tá ceisteanna dá dtarraingt anuas faoi fhuinneoga nach bhfuil díreach san áit ar cheart dóibh a bheith, nó níos mó ná ba cheart dóibh a bheith. Sin sampla amháin den ábhar atá ag teacht chun cinn i nglaochanna teileafóin agus i litreacha chuig an rannóg phleanála sa gComhairle Chontae. Tá cuid de na tithe atá i gceist tógtha le scaitheamh maith ach níor dearnadh aon ghearán fúthu go dtí anois.

Bhí ag fiosrú sarú ar choinníollacha pleanála bunaithe ar eolas a thíocfadh isteach gan ainm ar bith leo san aimsir a caitheadh. Ach socraíodh le gairid go gcaithfeadh ainm agus seoladh a bheith leis na gearáin feasta; ní glactar anois le glaoch teileafóin anaithnid ná litreacha gan síniú. “Caithfidh muid a bheith in ann deimhniú a fháil ar ainm agus seoladh an té atá ag déanamh an ghearáin feasta,” a deir urlabhraí sa gComhairle Chontae. “Ní mór dúinn a bheith réasúnta cinnte freisin go bhfuil sárú déanta ar choinníollacha pleanála; tharla sé anois agus aríst nach raibh fadhb ar bith ann nuair a chuaigh muid amach.”

Níl a fhios cén fáth a bhfuil an oiread tuairiscí dá gcur isteach anois faoi shárú ar choinníollacha pleanála. Tá teoiric ann go bhfuil cuid mhaith daoine gan obair agus go bhfuil siad ag coinneáil súile ar an ríomhaire níos minicí. Tá níos mo eolais freisin



An tAthair Pádraig Standún, údar ‘I gCóngar i gCéin’, in éindí le Bernie Ní Fhlatharta. Ba í an t-iriseoir ón gCuradh Connachtach a sheol an leabhar go hoifigiúil in Áras Shorcha Ní Ghuairim tráthnóna Aoine seo caite, ag ócáid cheiliúrtha céad bliain ó rugadh Sorcha Ní Ghuairim. Pic: Micheál Mac Lochlainn

ag cuid mhaith daoine ar an ríomhaire a oibriú.

Tógann fiosruithe faoi shárú ar choinníollacha pleanála suas go leor ama sa gComhairle Contae. Bíonn ar oifigigh phleanála a dhul amach agus amharc a fháil ar an teach nó foirgneamh agus ar aon chuid eile den fhorbairt atá i gceist. Má tá coinníoll sáraithe meabhairítear sin don té ar leis an teach nó an foirgneamh. Ach

muna dtugtar aird ar an gcomhairle sin caitear ordú a thabhairt go gcloífi leis an gcead pleanála. Sa gcás agus nach dtabharfaí aird ar an ordú chaithfeadh an Chomhairle Chontae a dhul chun cúirte in aghaidh an té a bheadh ag sárú na gcoinníollacha pleanála. Ach seo próiseas casta agus tógann sé go leor ama. Is fearr leis an údarás áitiúil go bhfaighfí réiteach ar chúrsaí sula dtéitear i muinín an dlí.

Ag fiach ar na Francaigh

Máirtín Ó Catháin

AR an Fhrainc a bheidh compás turasóireachta Chonamara dírithe don bhliain 2012. Tá socrú déanta ag Fáilte Éireann san iarthar gur as an tír sin is fearr atá seans turasóirí a mhealladh an chéad bhliain eile. Taispeánann taighde atá déanta go bhfuil Conamara ar an dara háit is mó in Éirinn a gcaitheann turasóirí na Fraince saoire ann; is é Baile Átha Cliath is fearr uilig leo.

“Is é Baile Átha Cliath an áit is mó a bhfuil tóir ag na turasóirí as chuile thír air,” arsa Fíona Ní Mhonacháin, oifigeach sinsearach i bhFáilte Éireann san iarthar, “ach is mór is fiú go bhfuil Conamara sa dara háit ag na Francaigh. Caithfidh muid féachaint le cur leis sin.”

Tagann 344,000 turasóir sa mbliain as an bhFrainc go hÉirinn. Meastar go gcaitheann 46% díobh siúd tréimhse dá dturas i gConamara. “Má luann tú Éire i measc lucht turasóireachta sa bhFrainc chuile sheans gur ‘Conamara’ an freagra a thabharfaidh siad ort,” adeir Fíona Ní Mhonacháin. Creideann sise go bhfuil baint mhór ag amhrán a chas an fonadóir Michel Sardou leis sin. Tá cáil mhór ar Sardou sa bhFrainc agus in 1981 a rinne sé taifeadadh ar “Les lacs du Connemara”; tá an t-amhrán ar eolas ag cuimse daoine sa bhFrainc. Chas grúpa as tionscal na turasóireachta i gConamara leis i bPáras le gairid agus thug brontanas dó mar cheiliúradh ar thaifeadadh an amhráin 30 bliain ó shin.

Tá Fáilte Éireann san iarthar ag iarraidh tuilleadh airgid anois as ciste margaíochta na heagraíochta le cur lena bhfeachtas sa bhFrainc. Táthar ag súil gur féidir tuilleadh toscaireachtaí turasóireachta a thabhairt anonn le linn an gheimhridh agus táthar ag iarraidh feachtais phoiblíochta a eagrú.

“Tá muid den bharúil go bhfuil an oiread agus is fiú margaíochta déanta faoi Chonamara in Éirinn,” adeir Fíona Ní Mhonacháin. “Caithfidh muid díriú ar na margaí thar lear agus tá muid ag coinneáil leis an bhFrainc anois de bharr an eolais atá faoi Chonamara sa tír sin. Cuimhnigh freisin go bhfuil muintir na Fraince ar an dream is mó san Eoraip a fhaigheann laetheanta saoire óna gcuid oibre - faigheann siad 30 lá uilig, ar an meán. Tá sé tugtha faoi deara againn gur nós le cuid acu scaithín a chaitheamh i mBaile Átha Cliath agus roinnt laetheanta a chaitheamh i gConamara ina dhiaidh sin. Tá súil againn go dtiocfaidh tuilleadh acu de bharr an fheachtais seo.”

Buaiteoir: Comórtas Leabhair

COMHGHÁIRD-EAS le Caroline Murray ó Chontae an Chábhan a bhuaigh cóip de “I gCóngar i gCéin” leis an údar Pádraig Standún. Ba é freagra na ceiste: An Curadh Connachtach. Buíochas le Cló Iar-Chonnachta a bhronn an leabhar ar Gaelscéal.



CONNACHTA
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

Damhsóir as Ros Muc ceaptha ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh

Aíne Ní Chuaig



Róisín Ní Mhainín

Ní hiad na hamhráin atá ag cur Ros Muc sa nuacht an tseachtain seo. Cé go bhfuil muintir an cheantair, agus níos faide ó bhaile, fós ag ceiliúradh bhua Jimí Uí Cheannabháin ag Oireachtas na Samhna, tá cúis bhróid eile acu an tseachtain seo.

D'fhógair an tOllamh Gearóid Den-vir ag ócáid in Ionad na Léinn Éireannaigh in Ollscoil na hÉireann Gaillimh gur í Róisín Ní Mhainín as Cill Bhriocáin atá ainmnithe mar Dhamhsóir Sean-Nóis Cónaitheachta do 2012.

Tá cáil bainte amach ag Róisín mar dhamhsóir ó bhí sí ina cailín beag óg. Bhí sí ina curadh sa damhsa gaelach sular thosaigh sí ag foghlaim stíl an tsean-nóis. Bhí traidisiún láidir damhsa ina timpeall agus í ag fás aníos i Ros Muc, leithidí Chóilín Sheáin Darach Seoige ina measc. Ba dhamhsóir é Cólín a chuaigh i bhfeid-

dhm go mór uirthi, lena stíl shainiúil phearsanta.

Ach bhí Róisín ar dhuine de na mná óga a chuir tús leis an mbordadh faoin Damhsa ar an Sean-Nós i measc na n-óg, thart ar scór bliain ó shin. Tá sí ag múineadh an damhsa agus páirteach i dtaispeántais ar fud na tíre ó shin i leith. Tá duaiseanna go leor bainte amach ag Róisín, an tOireachtas ina measc, agus tá turais thar lear déanta aice chuig féilte ar nós Féile Milwaukee, ag léiriú chultúr agus thraidisiún Chonamara go paiteanta.

Mar chuid den cheapachán, beidh Róisín ag glacadh páirte i sraith thaispeántais ar feadh na bliana agus eagróidh sí ceardlann in Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Cuirfear tús leis na ceardlanna seo in Eanáir 2012 agus beidh fáilte roimh an phobal freastal orthu.

Cathair na Gaillimhe Triúr sa Draighean ag tacú le Cancer Care West

Aíne Ní Chuaig

REÁCHTÁLFAR dhá ócáid i gCathair na Gaillimhe ag an deireadh seachtaine ar mhaithe le hairgead a bhailiú do Cancer Care West. Cuireann an t-ionad, atá lonnaithe sa chathair ó bhí 1993 ann, tacaíocht agus cúram fiorthábhachtach ar fáil do dhaoine atá ag fulaingt le hailse.

Ar an Aoine 25ú Samhain, eagrófar ócáid 'Quinta Bella Notte' in Óstán Meyrick ar an bhFaiche Mhór. Tráth-nóna mór bia, dí agus amhrán atá i gceist i gcuideachta na n-amhránaithe Imelda Drumm agus John Molloy. Coinneoidh an pianódóir Michael Casey tionlacan leo don ócáid. Iarrtar ar aionna a gcuid gúnaí galánta, cultacha agus carbhat dubh a chaitheamh ar an oíche. Tosófar le fáiltiú Prosecco agus cuirfear béile ar fáil le réimse fionta speisialta do chuile chursa.

An oíche dar gcionn, Dé Sathairn 26ú Samhain, is in Óstán Radisson Blu a bheidh an dara hócáid ar mhaithe le Cancer Care West. Tá oíche mhór liteartha, ceoil agus comhrá geallta, i gcomhlúadar le Colm Tóibín, Peadar Ó Riada, Martin Hayes agus Caoimhín Ó Raghallaigh. Léifidh Tóibín roinnt sleachta as a chnuasaigh nua 'Brooklyn' agus 'Mothers and Sons'.

"Triúr sa Draighean" is ainm don albam a d'eisigh Ó Riada, Hayes agus Ó Raghallaigh anuraidh. Naoi gcinn déag de phíosá nuachumtha le Ó Riada atá ar an albam a taifeadh ina theach cónaithe 'An Draighean' i gCúil Aodha. Is as sin a d'eascair an t-ainm agus is faoin teideal sin a théann an triúr ceoltóirí i dteannta a chéile anois.

Chun clabhsúr a chur leis an ócáid ar an Satharn, tionólfar seisiún ceisteanna agus freagraí leis na haionna agus leis an lucht féachana. Is é Paul Fahy, Stiúrthóir Fhéile Ealaíon na Gaillimhe, a bheidh mar fhear an tí.



An t-amhránaí sean nós, Caitríona Ní Cheannabháin as Carna i gConamara ag glacadh an dara duais i gcomórtas Chorn Chóil Neaine Pháidín ó Kate Ní Dhonncha Uí Bhroin ag Féile na Mí i Ráth Chairn ag an deireadh seachtaine.

€25 an praghas atá ar na ticéid don ócáid fhiúntach seo.

Tá ticéid don dá ócáid le fáil ó Cancer Care West ag an uimhir 091-545000.

Maigh Eo Ócáid ómóis d'fhoireann RTÉ RnaG

Aíne Ní Chuaig

REÁCHTÁLFAR ócáid ómóis (Dé Céadaoin) anocht d'fhoireann RTÉ Raidió na Gaeltachta atá ag éirí as a gcuid oibre i Maigh Eo.

Bhí Máirtín Mac Donnchadha fostaíthe mar chláir reachtaire agus Gabrielle Uí Bhreisleáin mar rúnaí sa stáisiún i gCaisleán an Bharraigh le breis agus deich mbliana. Rinne siad beirt obair mhór chun an Ghaeilge agus Gaeltacht Mhaigh Eo a chur os comhair an phobail.

Cuireadh deireadh le 'I gCeartlár na nDaoine' in 2009 agus bhíodh 'Parlaimint Mhaigh Eo' ar siúl gach Luan ag 3.00in. Craoladh an t-eagrán deiridh de ag tús na míosa.

Deir Mairéad Ní Mhaoilchiaráin, iarcheannaire Thogra Mhaigh Eo, gur buille mór é a gcailliúint do phobal Gaeilge Mhaigh Eo.

"Chuaigh Máirtín thug sé labhairt leis an bpobal agus thug sé ardán dóibh," arsa Mairéad. "Bhíodh neart éisteoirí ag 'Parlaimint Mhaigh Eo' agus 'I gCeartlár na nDaoine'. Níl fhios againn cén áit a bhfaighidh siad eolas faoi chúrsaí Gaeilge sa chontae amach anseo."

Tosóidh an Ócáid Ómóis in Óstán an Welcome Inn i gCaisleán an Bharraigh anocht ag 8.30in. Tá oíche mhór cheoil agus siamsaíochta beartaithe. Cuirfear sóláistí ar fáil agus tá céad míle fáilte roimh chách. Tabharfaidh Máirtín Mac Donnchadha píosa cainte faoin teideal 'Dea chaint agus Deisbhéalaíocht' ag an ócáid, atá á heagrú ag Craobh Chaisleán an Bharraigh de Chonradh

na Gaeilge i gcomhar le Coiste Dúiche Mhaigh Eo / Thogra Mhaigh Eo.

Taispeántas Ardáin in Acaill

REÁCHTÁLFAR Taispeántas Ardáin na bliana seo i nGlór na dTonn, ar an Chorrán in Acaill ar an Aoine bheag seo, 25 Samhain. Cuirfear togha agus rogha na scoraíochta idir ceol, drámaíochta, amhránaíochta agus damhsa ar stáitse. Beidh aionna ó cheantair Ghaeltacht Acla, na hEachléime, Thuar Mhic Éadaigh, Bhaile Chláir na Gaillimhe agus Leitir Móir ag glacadh páirte. Ní ghearrfar aon táille ar an doras agus déanfar raifil ar an oíche. Tosóidh an ócáid ag 7.30in agus tá fáilte roimh chách.

Lá Oidhreachta Mhaigh Eo

Katie McGreal

BEIDH Lá Oidhreachta Mhaigh Eo ann Dé Sathairn, 26 Samhain, san Ionad Ealaíne Linenhall i gCaisleán an Bharraigh.

Beidh roinnt léachtaí agus ceardlanna ar siúl i rith an lae. Tabharfaidh Ger Delaney ón Ionad Taighde do Chlanna i ndeisceart Mhaigh Eo léacht ar conas is féidir oidhreacht chlainn a aimsiú agus labhróidh an seandálaí, Paul Gosling faoi sheanléarscáileanna an cheantair.

Beidh ceithre cheardlann ar siúl ó 2.30in ar an lá freisin. Tabharfaidh Benjamin Van der Wetering agus Ineke Scholte ceardlann ar chosaint sean-doiciméid, leabhair agus taifid a bhaineann le do chlann. Is féidir foghlaim faoi úsáid seanléarscáileanna an cheantair agus tú ag déanamh taighde ar stair na háite. Múinfidh an t-éiceolaí Karina Dingerkus faoi chaomhnú an dúlra agus míneoidh sí céard is féidir linn a dhéanamh chun cabhrú leis. Tabhar-

faidh Declan Cooke ó Inland Fisheries Ireland ceardlann ar aibhneacha agus lochanna an chontae. Tá na ceardlanna uilig saor in aisce ach moltar go gcláraíonn daoine mar níl ach spás do 25 duine.

Tabharfaidh an gabha dubh, Stephen Quinn, taispeántas ar a cheird agus beidh taispeántas ar chaoladóireacht agus tuadóireacht freisin, chomh maith le seó puipéad a bheas ar siúl ag 4in do pháistí.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Oifig Oidhreachta i gComhairle Chontae Mhaigh Eo ar 094 9047684.

Eitiltí nua idirnáisiúnta ón Iarthar

Katie McGreal

D'FHÓGAIR Ryanair an tseachtain seo go mbeadh 4 eitilt idirnáisiúnta nua acu ó Aerfort an Chnoic. Rachaidh na heitiltí ón gCnoc go Girona, cóngarach do Barcelona sa Spáinn, go Hahn, cóngarach do Frankfurt sa Ghearmáin, go Bergamo, cóngarach do Milano san Iodáil agus go Beauvais, cóngarach do Pháras sa Fhrainc. Cuirfear tús leis na seirbhísí ag deireadh mhí an Mhárta an bhliain seo chugainn.

Beidh 14 eitilt san iomlán ag Ryanair ó Aerfort an Chnoic leis na heitiltí nua seo agus beidh siad ar fáil idir mí an Mhárta agus mí Dheireadh Fómhair. Beidh dhá nó trí eitilt gach seachtain go dtí na háiteanna seo.

Táthar ag súil le 500,000 paisinéir san aerfort an samhradh seo chugainn agus go gcothóidh sé sin 500 post san aerfort freisin. Deirtear go dtiocfaidh €23 milliún isteach sa cheantar de bharr na n-eitiltí seo.

Ghuigh an tAire Turasóireachta agus Spóirt, Michael Ring gach rath ar Ryanair leis na heitiltí nua seo nuair a labhair sé faoin bhfógairt a rinneadh Dé Luain.

"Is forbairt fhíordhearfach é do thurasóireacht an cheantair," a dúirt sé.



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

Baile Átha Cliath

20 duine le cúisiú faoi fhíseáin Youtube

Colm Ó Broin

TÁ na Gardaí sa Longfort ag beartú 20 duine a chúisiú i leith físeán ar Youtube a bhaineann le troideanna 'alt-nocht' (bare-knuckle).

Chuir dhá chlann den Lucht Siúil, na 'Joyces' ó Ghaillimh agus na 'Longford Nevins', físeáin ar Youtube le roinnt seachtainí anuas ag tabhairt dhúshlán a chéile maidir le troideanna. Tá físeáin dá leithéid á gcur ar an suíomh le blianta beaga anuas ach is é seo an chéad uair do na Gardaí sa Longfort fiosrú a dhéanamh orthu. Maslaíonn an dá dhream a rinne na físeáin a chéile agus déantar bagairtí éagsúla chomh maith. Deir duine amháin go ngearrfaidh sé aghaidh duine ón gclann eile le scian Stanley.

Tá roinnt físeán feicthe ag níos mó ná 25,000 duine ar Youtube go dtí seo.

'Leap Card' - ticéad comhtháite taistil

Katie McGreal

D'FHÓGAIR an tÚdarás Náisiúnta Iompair an tseachtain seo caite go mbeidh ticéad comhtháite, 'Leap Card', ar fáil do chóras iompair phoiblí - bus, Luas, DART agus traenacha do chomaitéirí - i mBaile Átha Cliath roimh an Nollaig.

Beidh sé ar thriail ar feadh cúpla seachtain ag 1,000 duine a gheobhaidh €20 chun taisteal saor in aisce ar na ticéid seo. Coimeádfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair síuil orthu.

Beidh na Cártaí Leap ar fáil i 400 siopa éagsúil timpeall na cathrach agus beidh siad ar fáil le ceannach ar

líne, ar an suíomh Leap Card a bheadh acu freisin.

Ní bheidh aon difríocht sa phraghas agus tú ag úsáid na gcártaí seo agus gnáthphraghas ticéid go dtí deireadh na bliana. Ina dhiaidh sin, beidh praghas idir 10% - 25% níos lú ar fáil ar na Cártaí Leap.

"An príomhrud faoi na cártaí," a deir Tim Gaston, stiúrthóir an togra, "ná nach gcaithfidh sóinseáil a bheith agat don bhus agus ní chaithfidh tú am a chaitheamh ag ceannach ticéad."

Thosaigh plé ar na cártaí seo in 2002 agus tá €48 milliún caite acu orthu, €7 milliún faoi bhuiséad.

Cúr rua maraithe i mBaile Átha Cliath

FUAIR trí chúr rua (red kites) bás de bharr nimhe i dtuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath, cóngarach do Luasca, le déanaí.

"Tá díomá orm é seo a chloisteáil," a deir an tAire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, Jimmy Deenihan, "Déanfaimid sár-iarracht teacht ar na daoine atá freagrach agus pionós a chur orthu."

Bhí na cúir rua sin thart ar sé nó seacht mí d'aois agus scaoil an eagraíocht, 'Tionscnamh an Préachán Ceirteach a athbhunú in Éirinn' saor iad i mBaile Átha Cliath i mí Iúil mar chuid den ghrúpa de 39. B'in an chéad uair riamh a scaoil siad saor cúir rua i mBaile Átha Cliath. Scaoil siad 13 díobh saor i gCill Mhántain thart ar an am céanna. Tá ag éirí go maith leis an chuid eile díobh. Tá Marc Ruddock ón 'Togra Cúr Rua' sásta leis an dul chun cinn atá déanta leo.

Scaoileadar saor thart ar 120 cúir rua in Éirinn idir 2007 agus 2010.

'Gur Eile' le hAisteoirí Anamúla Bulfin

Áine Ní Chuaig

TÁ Aisteoirí Bulfin ag réiteach amach le tabhairt faoin stáitse arís, le geamaireacht nua an mhí seo chugainn. Is sa New Theatre ar Shráid Essex Thiar i mBarra an Teampaill a bheidh 'Gur Eile' le feiceáil san ardchathair, ón gCéadoin 7 Nollaig go dtí an Satharn 10 Nollaig ag 8.00in.

Tá an gheamaireacht nua seo, a scríobh Aodh Ó Domhnaill do dhaoine fásta, á léiriú ag Barry Barnes. Beidh ceol, amhráin, greann agus samhlaíocht fite fuaite sa léiriúchán, atá bunaithe ar dhá ghoraille a thagann ó Uganda go hÉirinn ag cuartú oibre. Ach is é an IMF atá rompu!

Le scór bliain anuas, tá go leor drámaí curtha chun stáitse ag Aodh Ó Domhnaill agus Aisteoirí Bulfin le chéile. Is as Baile Átha Cliath ó



Bláthnaid Ní Chofaigh, an láithreoir teilifíse, Shane Ó hAonghusa, An tOllamh Micheál Ó Dochartaigh ó Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath (UCD) agus Niamh Ní Fhearghail ag glacadh páirte i Spraoi UCD le déanaí. Is modúl acadúil é do mhic léinn Scéim Chónaithe Bhord na Gaeilge a thugann deis dóibh creidiúintí acadúla a fháil ar obair phraiticiúil.

dhúchas d'Aodh agus tá aithne mhór air mar scríbhneoir, mar aisteoir agus mar léiritheoir. Tá cuid mhór dá chuid drámaí léirithe in amharclanna ar fud na tíre thar na blianta. Bhain sé Gradam Stewart Parker anuraidh don dráma 'Idir an Dá Shúil'.

Is as Loch Garman do Barry Barnes, léiritheoir na geamaireachta. Ghlac seisean páirt i léiriúchán in Amharclann na Mainistreach, in Amharclann an Gheata agus sa Druid. Tá aithne mhór air i saol na teilifíse ó na páirteanna a ghlac sé in Veronica Guerin, Kings, Fair City, Ros na Rún agus Aifric.

Tá Sinéad Ní Uallacháin i bpáirt Bhanríon Shasana sa léiriú. "Tá mé ag súil go mór leis," a dúirt sí le Gaelscéal. "Ní fada uainn anois é agus caithfidh mé díriú isteach ar na línte." Tá lucht leanúna láidir ag Aisteoirí Bulfin i mBaile Átha Cliath agus beidh siad ag súil leis an slua a mhealladh isteach. "Beidh sé ag brath ar an aimsir agus ar chúrsaí airgid," a deir Ní Uallacháin.

€12 / €10 an praghas atá ar na ticéid agus is féidir áirithintí a dhéanamh tríd an New Theatre ag www.newtheatre.com nó ar (01) 6703361.

150 post nua i siopa Tesco Chabrach

D'OSCAIL Tesco siopa nua i gCabrach Dé Luain le 150 post nua don cheantar. Dúirt an comhlacht gurb é an siopa nua an chéad siopa 'zero-carbon' in Éirinn. De réir Tesco, beidh lorg carbóin neodrach ag an siopa de bharr na teicneolaíochta nua-aim-

seartha atá in úsáid ann. Bainfear úsáid as bith-dhíosal chun teas agus leictreachas a ghiniúint don siopa agus úsáidfear CO2 sna reoiteoirí seachas gnáthghásanna. Tá 14,000 duine fostaithe ag Tesco sa Phoblacht agus tá siad ag beartú 755 post eile a chruthú le linn 2011-2012.

Cill Dara

Colm Ó Broin

Fadhb hearóine Áth Í ag dul in olcas

TÁ fadhb hearóine Áth Í i gCill Dara ag éirí níos measa de réir tuairisc nua.

Sheol an South Western Drugs Taskforce taighde le déanaí a dúirt go raibh ar a laghad 50-90 andúileach hearóine sa bhaile ach go bhféadadh an fíorfhigiúr a bheith i bhfad níos airde. Dar le Stephen Joyce ón Tascfhórsa, caithfidh andúiligh thart ar €45,000 a bhailiú in aghaidh na bliana le híoc as na drugaí a úsáideann siad.

Deir an tuairisc go bhfuil drochthionchar ag an mborradh faoin druga sa bhaile, ina measc, ardú i gcoiriúlacht, foiréigean idir mhangairí drugaí agus ionsaithe a dhéanann mangairí ar andúiligh atá i bhfiacha leo. Tá líon beag clanna i mbun na mangaireachta i mBaile Átha Í, de réir na tuairisce. Deir an tascfhórsa go bhfuil gá le cláir chóirithe meiteadóin sa bhaile mar aon le cláir malartú steallairí le dul i ngleic leis an bhfadhb.

Comórtas - Ticéid le Buachan!

LÉIREOFAR Gur Eile i mBaile Átha Cliath ó 7-10 Nollaig @ 8.00in. Tá cúig pheire ticéid don gheamaireacht bronnta ag Aisteoirí Bulfin ar Gaelscéal. Chun d'ainm a chur sa mhála mór, freagair an cheist thíos agus seol do fhreagra agus sonraí teagmhála chuig: Comórtas Gur Eile, Gaelscéal, An Chuanóg, An Spidéal, Co. na Gaillimhe nó seol ríomhphost chuig eolas@gaelisceal.ie



Ceist: Cén amharclann ina mbeidh an gheamaireacht ar siúl?

Sprioc: Dé Máirt 29 Samhain 2011 @ 12 meán lae

* nóta: tá an gheamaireacht seo feiliúnach de dhaoine fásta os cionn 18 bliana d'aois amháin.

MUMHAIN
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

Béal Beo agus buaiteoirí an Oireachtais á gceiliúradh i mBaile Bhúirne

Seán Ó Loingsigh

SAN Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne oíche amárach, Déardaoin, agus an oíche dár gcionn beidh ceiliúradh speisialta ar bun maidir le rannpháiríthe atá ag baint leasa as scéimeanna amhránaíochta i gceantar Mhúscraí ar mhaithe lena dtaispeántais ag an Oireachtas agus chun a n-oidhreacht áitiúil a chur chun cinn.

Is iad leanaí os na bunscoileanna i gCill na Martra agus i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh a bheidh ar stáitse oíche amárach chomh maith le daltaí ón dá mheánscoil i nGaeltacht Mhúscraí - Coláiste Ghobnatan agus Scoil Mhuire.

Tá dhá scéim ag cabhrú go mór leis an dtraidisiún i nGaeltacht

Múscraí

Gradaim sparánachta bronnta i gcuimhne Bhriain Uí Thuama

Seán Ó Loingsigh

TÁ sparántacht le haghaidh ghradaim Ghaeilge deonaithe ag Muintir Bhriain Ó Tuama i gcuimhne an mhic léinn óig ó Bhaile Bhúirne a cailleadh i gcathair Chorcaí dhá bhliain ó shin.

Ag searmanas speisialta i gColáiste Ghobnatan i mBaile Bhúirne oíche Dé hAoine seo caite bronnadh sparánacht nua-bhunaithe Bhriain Uí Thuama ar triúr dalta de chuid Choláiste Ghobnatan a bhain amach na marcanna ab airde in ábhar na Gaeilge san Ardteist i mbliana.

Bhronn athair Bhriain, Colmán Ó Tuama atá mar mhúinteoir Gaeilge i gColáiste Ghobnatan, an chéad duais de €1,000 ar Aoife Ní Mheachair ó Chúil Aodha, agus an dara duais agus an tríú duais de €600 agus €400 faoi seach ar Nollaig Ó Loingsigh agus ar Eilín Ní Chróinín ó Chill na Martra.

Bhain an triúr amach grád A1 sa scrúdú ardleibhéal in ábhar na Gaeilge san Ardteist i mbliana, agus thug Príomhoide Choláiste Ghobnatan, Breandán Ó Lionáird, le fios don slua ag an ócáid bhronnta gur cuireadh in iúl don scoil a n-ord fiúntais maidir leis na marcanna a fuair eadar sa ghrád úd.

Chuir Colmán Ó Tuama síos ar a mhac Briain, scoláire a bhí díograiseach ó thaobh na Gaeilge de agus a roghnaíodh a chomhscoláirí chun labhairt ar a son ag imeachtaí speisialta de chuid an Choláiste.

Ba ag an dtráth so bliana i 2009 a bádhdh an mac léinn 19 bliain d'aois i dtimpiste thragóideach in abha na Laoi i gcathair Chorcaí, agus thug Colmán le fios don slua de 80 duine a bhí i láthair ag searmanas na ngradam go raibh an chlann fós ag dul i ngleic lena chailliúint.

“Tá sé deacair teacht timpeall ar seo, ach táimid ar ár ndícheall,” a dúirt Colmán.

Iar-dhalta de chuid Choláiste Ghobnatan ab ea



Múinteoir Gaeilge agus Staire Choláiste Ghobnatan, Colmán Ó Tuama, a bhronn gradaim Sparánacht Bhriain Uí Thuama i gcuimhne a mhic Briain ar sár-scoláirí Gaeilge an Choláiste in Ardteist 2010-2011 - Aoife Ní Mheachair, Nollaig Ó Loingsigh agus Eilín Ní Chróinín - agus an dalta scoile Andrea Ní Ríordáin gur bhronn an Príomhoide Breandán Ó Lionáird Gradam Gaeilge Mhártain Uí Shíadhail uirthi ag an ócáid chéanna i mBaile Bhúirne oíche Dé hAoine seo caite. PIC: Diarmuid Ó Conaill

Brian go raibh ardmheas aige ar a theanga dhúchais, agus b'í an Ghaeilge a bhí mar phríomhábhar aige agus é i mbun staidéir sa dara bhliain in Ollscoil Chorcaí.

Dúirt Colmán gur bhain Briain ana thaitneamh as a thréimhse i gColáiste Ghobnatan, agus gur bheartaigh an chlann an sparánacht €2,000 a chur ar fáil mar bhuíochas agus mar thacaíocht don scoil.

Agus é ag gabháil buíochais do mhuintir Uí Thuama, mhínigh Breandán Ó Lionáird go raibh an sparánacht curtha ar fáil ag muintir Uí Thuama féin, neamhspleách ar Chiste Bhriain Uí Thuama atá ag cabhrú le lucht tárthála teacht ar dhaoine a bhíonn ar iarraidh. Thug an slua a bhí i láthair bualadh bos faoi dhó don mbeart is déanaí.

“Tugann sé sin spreagadh nach beag do scoláirí

na scoile a ndícheall a dhéanamh maidir leis an nGaelainn,” a dúirt Breandán Ó Lionáird.

Ag an ócáid chéanna oíche Dé hAoine seo caite bhronn príomhoide Choláiste Ghobnatan Gradam Mhártain Uí Shíadhail - plaic agus €150 - ar Andrea Ní Ríordáin ó Chill na Martra, dalta de chuid na meánscoile a rinne sár-iarracht ó thaobh na Gaeilge de i rith na scoilbhliana 2010-2011. Bronnadh an gradam so i gcuimhne ar Mhártan Ó Siadhail, iar-bhainisteoir an Choláiste Samhraidh Gaeilge de chuid Gael Linn i mBaile Bhúirne a fuair bás le hailse i 2007.

“Do bheartaigh Gael Linn gur chóir an méid a bhí á dhéanamh ag Mártan a mharcáil,” a dúirt Breandán Ó Lionáird agus é ag moladh obair Mhártain Uí Shíadhail agus na heagraíochta Gael Linn a chuir an gradam ar fáil i gcuimhne a gcara.

Mhúscraí - scéim amhránaíochta Aisling Gheal a bunaíodh deich mbliana ó shin agus scéim eile de chuid an Ionaid Chultúrtha a bunaíodh anuraidh ‘Béal Beo’ chun scileanna na n-agallamh beirte agus

na lúibíní a mhúineadh do dhaoine óga.

Is é an t-iarmhúinteoir scoile agus an drámadóir Seán Ó Muimhneacháin ó Chúil a’Bhuachaigh a bhíonn i mbun na scéime Béal Beo

sna scoileanna agus beidh Seán agus a comhleacaí Eibhlín Ní Lionáird ag cur na réalta óga i láthair san Ionad Cultúrtha oíche amárach.

Oíche Dé hAoine beidh buaiteoirí ón Oireachtas i gCill Áirne ar stáitse - ina measc beidh Liam Ó Cróinín a bhuaigh Comórtas Amhránaíochta na bhFear faoi 35 ag an Oireachtas i gCill Áirne chomh maith lena chomharsa ó Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh, Eibhlís Uí Thuama, a bhain an dara háit i mór-Chomórtas Sean-nós na mBan.

Corca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Múscailt Uíbh Ráthaigh

BHÍ sceitimíní áthais ar lucht eagair, ‘Múscailt Uíbh Ráthaigh,’ a bhí ar siúl an deireadh seachtaine seo tharainn in Óstán an Bayview ar an gCoireán. Ceann dos na nithe ba shuntasáí ná an líon gnó beag atá ag feidhmiú sa cheanntar Gaeltachta ansiúd agus a bhí ag taispeáint a bhfuil ar bun acu. Bhí ceithre sheomra in úsáid don taispeántas a chuir na comhlachtaí sin ar fáil.

“Beartas b’ea é seo”, arsa Caitlín

Breathnach Comhordnóir agus rúnaí Chomhchoiste Uíbh Ráthaigh, “le léargas a thabhairt don saol ar cad atá ar bun sa cheantar agus súil againn le tuairimí a chuirfeadh treis leis an obair”. Ortha siúd a bhí ag caint bhí Brian Lucey Ollamh le hEacnamaíocht i gColaiste na Tríonóide gur ón gCoireán dó ó dhúchas.

D’fhreastail sé ar an tsean-Cheard Scoil ar an gCoireán atá anois aiséirithe mar ‘Tech Aimirgín’.

Labhair daoine eile mar Thomás Ó Súilleabháin, ó Teagasc, Brian Mac Cárthaigh, príomhfheidhmeannach Fexco, i gCill Orglan, Lorcán O Cinéide iar-Phríomhfheidhmeannach Eagraíocht Iascairí Éireann, Dónal Mac ‘n tSítigh agus Brian ó Seachnasáigh ó ‘Skill-Net’. Bhí gasra scolairí ó Cholaiste na Seilg ann lean dtuairimí a nochtadh. Ar na seastáin a bhí ann ó lasmugh don gceantar bhí ceann ó Sheirbhísí Oideachais Chiarraí, agus Coláiste Hibernia. An rud ba shuntasáí dar le Caitlín Breathnach ná go raibh dearcadh an-dhearfach ag gach aon duine. Fear a thuil an-mholadh ná Padraig Ó Sé.

Dar le go leor daoine gur beag gnó a tosnaíodh sa cheantar ná go raibh sé ina bhun agus ina bharr.

“Tá saothar mór déanta ag an bhfear sin”, arsa Caitlín. Nuair a labharamar le Pádraig Leo Ó Sé, a meashtar a chéad chuimhne ar an



John O’Gorman ó ESB Networks, Gordon Daly agus Gerard Dollard ó Chomhairle Contae an Chláir, an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan, agus Ian Talbot ó Chambers Ireland ag fáil na duaise ‘Innovation in Technology’ a bhuaigh Comhairle Contae an Chláir le déanaí.



Tá taispeántas ar siúl de shaothar ceardaíochta agus ceoil i nDánlann Theach na Cúirte in Inis Díomáin, Co. an Chláir. S'iad an triúr déantóir uirlisí ceoil atá i gceist ná Pól Ó Dúlaioich (an chlárseach), Máirtín Ó Dúill (an fheadóg mhór) agus Daithí Ó Spealláin (pib uilleann). Tá an taispeántas ar oscailt ó 11.00rn-4.00in agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí an Satharn beag seo, 26 Samhain.

gcómhdháil bhí sé an-mholtach ar a raibh déanta ag Údarás na Gaeltachta. Dar leis go mba cheart d'ardbhainistíocht an Údaráis a bheith níos 'glóraí', mar go raibh dar leis "míorúiltí curtha i gcrích acu i ngan fhios don saol, agus i ngan fhios dos na daoine atá i dTeach Laighean agus in ard réimsí na roinne airgedaís".

"Cinnté táim mórálach as gach duine atá bainteach agus ag glacadh páirte sa chomhdháil go mór mhór an Comhchoiste a bhí freagrach as an ndeireadh seachtaine taibhseach seo a réiteacht, ach ba chóir go mbeadh an tÚdarás níos feiceálaí mar tá a ngaiscí curtha i gcrích acu in aiteanna ná raibh dada."

Mheas sé go mba cheart don Údarás "ocaídí mar seo" a bheith acu ar fud Ghaeltachtaí na Mumhan agus na nGaeltachtaí ar fad. Tá siad ró-fhada fágtha ar an dtrá fholamh ag lucht na meán agus ag glugairí mí-thuiscionacha, dar leis. "Seo slí le cothrom na Féinne a aimsiú do thodhchaí mhuintir na Gaeltachta an tÚdarás agus gach a mbaineann leo", arsa Mac Uí Shé.

Orthu siúd eile a bhí i láthair bhí, triúr d'oifigigh réigiúnacha an Údaráis sa Mhumhain, Áine Máire ní Ghearrailt, Dónal Ó Liatháin agus Máire Ní Shé, Ben Hill ó Kerry Hampers,

"Chuir na cainteoirí, go mór mhór an Luasach, misneach orainn", arsa Caitlín Breathnach "agus is abhar mórtais don gceantar a bhfuil ar bun ag go leor gnónna beaga ó Sheacláidí

na Sceilge go dtí an gcomhlacht Tréadliachta. Táimíd buíoch don Údarás a chabhraigh linn, do mhuin-tir an cheantair a bhí anseo ina sluaite thar an trí lá; gan amhras na cainteoirí agus cách go raibh aon bhaint acu leis an gComhdháil."

Mícheál Ó Suilleabháin, 1929-2011

Bhí Mícheál Ó Súilleabháin ar tí éirí agus dul anonn go dtí an phictiúrlann An Phoenix sa Daingean le léargas a thabhairt do chách ar an scannán a bheadh, ar an Máirt ina dhiaidh sin, ar taispeánt don Chumann Scannán nuair a bhraith sé taom laghachair á bhualadh. Chuir a bhean chéile Máire, scéala go dtí an ndochtúir. Ba ghearr go raibh 'Éolaí na scannán', mar a thugadh scata air básaithe. Bhí fear as an ngnath ar lár. 'Midnight In Paris', an scannán a bhí ar taispeánt an oíche a fuair sé bás. Beidh sé ag tabhairt éachtaint fé sna spéartha síoraí.

Bhí agus tá an Phoenix i gceartlár an bhaile agus bhí airgead mór á thairiscint do Mícheál ag lucht forbartha le blianta beaga ach mar a deireadh sé, ba chuid do shaol an bhaile agus an cheantair an Phictiúrlann "agus fanfaidh sé faid is táim beo".

Fad is bhíodh Mícheál ag tabhairt

réamhthuaisce ar an chéad scannán eile gach oíche Dé Máirt bhíodh caifé, té agus briosaí saor in aisce ar fáil. Bhaineadh an lucht féachana an-shásamh as tuairiscí an tSúilleabhánaigh. Fear é go raibh ard acmhainn ghrinn agus cainteoir cumasach.

Fear gnó b'ea é ina óige agus bhíodh sé ag díol mine, plúir agus a leanann. Bhí lorráí aige agus thugadh camachuaud seachtainiúil ar stráice mór do Iarthar Duibhneach. Bhíodh daoine ó gach pairt don ndomhan i ndan dídean a fháil sna láthracha lóistín a bhí ag Mícheál sa Daingean. Bhí sé ina chúl taca ar feadh na mblianta ag cur cás Bord Chuan an Daingin i láthair shaol na poilitíochta agus ranna Stáit. Níor ghlac sé riamh aon tseasmh mór ar aon taobh don saol poilitíochta, ach bhí sé an-cháirdiúil le cúpla daoine sinsireach i bhFine Gael agus leis an iar-Thaoiseach Cathal ó hEocha.

Má bhí sé disbhéalach bhí sé chomh cumasach céanna ar an bpeann. Tá samplaí do chuid dos na cinn is mó grinn le clos coitianta. Thar aon rud eile ba shaineolaí é ar chúrsaí scannán.

Tháinig cairde agus an pobal i gcoitinne ar a shocraid mar a raibh Garda onóra ag baill do iar Choimisineirí Cuain agus Coiste Comhairleach Chuan an Daingin. Maireann a bhean Máire, beirt mhac Proinsias agus Seán, iníon Caitlín agus deirfiúr Eibhlín. Fuair deirfiúr eile dó, Máire, bás i Nua Eabhrach Mheiriceá dhá lá roimh a bhás. Guímíd solas síoraí dá anam mór-phearsa eolach neamhghnáthach.

Filíocht faoi bhláth arís eile

IS minic é ráite gur comhartha é go bhfuil an prós nó an cumas ceart scríobhnóireachta ag dul i ndisc nuair a thagann an fhilíocht ar barra.


Mas fíor san ní bheadh aon leabhar pé acu gearrscéalta, leabhra tagartha, beathfhaisnéisí ná úrscéalta ar an magadh i gCorca Dhuibhne.

Go cinnte tá bláth as an gcoitiantacht tagtha ar chúrsaí filíochta. Bhíomar ag tagairt an tseachtain seo caite fé an bhféile trí lá a bhí i mBaile 'n Fheirtéaraigh, ach níorbh shin é ar fad, mar go raibh filí ar a dtriail ar an gCéadaoin seo caite arís i dTábhairne Uí Chatháin.

'Aos Cró', fé cheannas Simon Uí Fhaolain a bhí an oíche agus mar is gnáthach bhí Aoi i láthair. 'Sé 'Seán/Jackie Mac Donncha, ó Chill Chiaráin a bhí ar a thriail ar an gCéadaoin seo caite. Fuair sé sár éis-teacht agus an-mholadh, go mór mhór as a dhánta gearr, cliste. Ar ócaidí mar seo iarrtar ortha siúd a bhíonn ar an láthair a gcuid a aithris, más áil leo agus is gnáthaí go mbíonnán dán nó dhó ag a bhformhór.

Orthu siúd a d'aithris dán nó dhó bhí, Bríd Ní Mhóráin, Dairína Ní Chinnéide, Áine Nic Amhlaidh, Tomás Ó Ciobháin agus Peadar Ó hUalaigh. Dála an sceil tá go leor gradam agus duaiseanna filíochta gnóthaithe cheanna féin ag cuid acu siúd a bhí i láthair.

ULAIDH NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelisceal.ie

Cead pleanála ag Gaelscoil

Anton Mac Caba

AN tseachtain seo caite, thug Comhairle Contae Dhún na nGall cead pleanála i dtaca le foirgneamh úrnua do Ghaelscoil na gCeithre Máistrí i mBaile Dhún na nGall. Tugadh cead i dtaca le foirgneamh dhá stór le hocht seomra ranga, halla agus áiseanna eile. Is i nDroim Bairr, ar imeall thuaidh an bhaile, atá an scoil suite.

Is i bhfoirgneamh réamhdhéanta a bhí an scoil lonnaithe go dtí seo. Tá sé ann le dosaen bliain. Tá 88 dalta ar an scoil, agus seisear múinteoirí.

Tá rud beag Gaeilge ar fad i gceantar an Bhearnais Mhóir, idir Baile Dhún na nGall agus Bealach Féich. Leis, tá roinnt teaghlach ó cheantair Ghaeltachta sa chuid eile den chontae ina gcónaí fán bhaile.

Ní raibh urlabhraí thar cheann na scoile ar fáil.

Caillteanas ag óstán Thoraí

RINNE an t-óstán ar Thoraigh caillteanas oibriúcháin €148,680 an-raidh, de réir cuntas a comhdaíodh leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Ba mhéadú sin ó €86,889 an bhliain roimhe.

Tá cáil ar an óstán ar dhá chúis. Tá sé ar an óstán is iargúlta in Éirinn, é ar oileán naoi míle amach san fharraige.

Leis, bhain sé cáil dhomhanda amach dhá bhliain ó shin de bharr cáis san Ard-Chúirt i mBaile Átha Cliath. Rialaigh an chúirt gur leag Patrick Doohan, úinéir Óstán Thoraí, teach a dódh agus a bhí suite idir an t-óstán agus an fharraige - gan cead úinéir an tí. Bhí an cás ina scéal nuachta chomh fada ar shiúl leis an Rúis, an Íoslainn agus cósta thiar Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Is iad stiúrthóirí Óstán Thoraí Teoranta ná Patrick agus Bernadette Doohan. Tá seoladh i Leitir Ceanainn acu: is as Toraigh ó dhúchas do Patrick Doohan.

Osclaíodh an t-óstán i mí na Bealtaine 1994. Tógadh é ar an suíomh

mar a raibh Wards' Hotel. Stop Roger Casement, Pádraig Mac Piarais agus Thomas McDonagh i dteach Ward. Druideadh Wards' aimsir an Dara Cogadh Mór: leagadh é le hÓstán Thoraí a thógáil.

Tá Óstán Thoraí ar an mhargadh le níos mó ná bliain. Go dtí seo, níor díoladh é.

Ilghnéitheacht chultúrtha á cur chun tosaigh

Katie McGreal

TÁ Comhairle Chontae Dhún na nGall ag iarraidh ilghnéitheacht chultúrtha a mhealladh sa chontae trí 'One Donegal Cultural Diversity Month' a eagrú i mí na Samhna.

Cé go bhfuilimid ag teacht go deiread na míosa, tá neart imeachtaí fós ar siúl. Inniu, tá ceardlann ar ilghnéitheacht chultúrtha ar siúl i Scoil Náisiúnta Mhuire i bPaiteagó ó 10.30rn.. Beidh deis ag na daltaí bia ó thíortha eile a bhlaiseadh agus éadaí na dtíortha sin a fheiceáil ag an gceardlann seo.

Ag an am céanna, beidh taispeántas cócaireachta ar bhia ón Áise ar siúl sa Halla Resource i Leitir Ceanainn. Ar an Déardaoin, 24 Samhain, buailfidh an club leabhar le chéile sa leabharlann lárnach i Leitir Ceanainn chun leabhar na míosa 'The Reluctant Fundamentalist' le Mohsin Hamid a phlé ag 7in. Bíonn fáilte roimh bhaill nua i gcónaí agus tá tuilleadh eolais ar fáil ó Una Matthewson ar 074 9124950 nó umatthew@donegalcoco.ie.

Beidh oíche 'open mic' ar siúl i bPort na Fáilte i Leitir Ceanainn ag an am céanna. Tosóidh sé ag 7in agus, chomh maith leis sin, beidh deis ag daoine an scannán 'The Pipe' a fheiceáil saor in aisce san Ionad Cultúrtha áitiúil ag 8in.

Ar an Aoine, 25 Samhain, beidh ceardlann do pháistí ar siúl sa Halla Resource i bPaiteagó ó 10rn agus arís ag 3in. Beidh seimineár ar siúl ar an lá sin do dhaoine fásta freisin faoin tábhacht a bhaineann le scéalta a insint agus na fáthanna go gcaithimid scéalta a insint agus iad a chur amach sa saol digiteach. Beidh sé ar siúl san Ionad Cultúrtha áitiúil i Leitir Ceanainn ó 10.30rn. Tá tuilleadh eolais ar na himeachtaí seo agus cinn eile ar fáil ó Mhertina Doyle ar 071 9861924 nó theforge-frc@eircom.net.

Fear Manach Forbairt ar Chanáil Uladh

Anton Mac Caba

TÁ súil ag Uiscebhealaí Éireann go gcuirfear tús le hobair ar athoscailt Chanáil Uladh ón Éirne go Cluain Eois i gCo Mhuineachán taobh istigh de dhá bhliain.

Tá sin i ndiaidh gur chuir an foras tras-teorainn isteach ar chead pleanála ón tSeirbhís Pleanála sa

Dún na nGall

Deireadh le cur le Deoise Ráth Bhoth?

Danny Brown

Tá seans maith ann go gcuirfear deireadh le Deoise Ráth Bhoth. Tá an deoise chonspóideach faoi bhagairt comhnasctha le Deoise Dhoire ag an am céanna go bhfuil cléir agus tuataí na deoise ag fanacht ar thuarscáil ón Choimisiún um Páistí a Chosaint san Eaglais Chaitliceach.

Tá sé ráite san iris The Irish Catholic go bhfuil an Chuairt Aspalda, atá anseo ón Vatacáin, ag caint ar dheireadh a chur le 12 deoise bheag agus iad a nascadh le deoisí móra.

I measc na ndeoisí eile a bhfuil-tear ag déanamh breithiúnais orthu, tá Caiseal agus Imligh, Achadh Conaire, Ardach agus Cluain Mhic Nóis, Clochar, Cluain Fearta, An Droim Mór, Ail Finn, Cill Ala, An Chill Mhór agus Osraí.

Meastar go bhfuil baint ag na moltaí seo leis an easpa sagart a bheas ar fáil do riarachán deoisí amach anseo agus go bhfuil an Vatacáin ag iarraidh athruithe a dhéanamh anois a sheasfaidh leis an eaglais in Éirinn nuair a éiríonn rudaí níos measa ó thaobh líon na sagart sa tír de.

Cé go bhfuil cuid den chléir i nDeoise Ráth Bhoth ag cur fáilte roimh an mholadh, ag rá go bhfuil

ciall le deoise mhór amháin a dhéanamh de Dhoire agus Ráth Bhoth, mar atá ag Eaglais na hÉireann, tá daoine eile sa deoise buartha go bhfuil comhcheilg ar bun ag údaráis na hEaglaise an damáiste a bheas sa tuarscáil a laghdú. Cuireadh moill ar eisiúint na tuarscála ceithre huaire agus níor tugadh míniú ar bith cén fáth. De réir théarmaí an chonartha atá ag an Choimisiún leis an Eaglais, níl cead acu labhairt ar an tuarscáil go dtí go bhfoilsítear í.

Tá úinéireacht ag an Easpag ar an tuarscáil agus níl seisean ná a chuid urlabhraithe ag míniú cén fáth gur cuireadh na moilleanna seo ar an tuarscáil a eisiúint.

Tá eagla ar na hÍobartaigh sa deoise go bhfuil rudaí i bhfad níos measa ná mar a chreid siad agus go bhfuil an Eaglais ag fanacht ar sé thuarscáil a bheith réidh agus go bhfoilseofar iad uilig ag an am amháin.

Dhéanfadh sé sin gearáin na nÍobartach a mhaolú agus, i gcomhthéacs Dheoise Ráth Bhoth, bheadh aird na meán cumarsáide go náisiúnta ar na sé thuarscáil in áit ar cheann Ráth Bhoth amháin, mar a tharla roimhe seo le Deoise Fhearna agus le Deoise Bhaile Átha Cliath.

cainteanna le húinéirí talún; ansin na hacmhannaí ó thaobh airgeadais de bheith ar fáil. “Tá súil againn bheith ábalta dul ar aghaidh leis in 2013,” arsa an t-urlabhraí.

Oiriall Club Óige nua in Ard Mhacha ag lorg cabhrach

Katie McGreal

TÁ lucht Ghaeltacht Oirdheisceart Uladh ag lorg daoine fásta a mbeadh suim acu a bheith mar cheannairí sa chlub óige nua atá siad a thosú sa Mhullach Bán i nDeisceart Ard Mhacha go luath in 2012.

Cuirfear cúrsa ceannaireachta de chuid Ógras, eagraíocht Ghaeilge do chlubanna óige, ar siúl i dTí Chulainn ar an Mhullach Bán ar an Satharn seo chugainn, 3 Nollaig, ó 9.30m go dtí 3:30in do dhaoine a bhfuil suim acu cabhair a thabhairt sa chlub.

Labhrófar faoi ról an cheannaire, árachas agus cosaint leanaí i rith an lae agus beidh ceardlann chluichí ar siúl le taispeáint do dhaoine conas na daoine óga a mhúineadh agus a spreagadh. Labhrófar faoi phleanáil sa chlub agus faoin gclár oibre agus beidh deis ag gach duine ceisteanna eile a chur freisin.

Beidh an club óige bunaithe i dTí Mullach Bán i nDeisceart Ard Mhacha agus beidh sé dírithe ar dhéagóirí atá sa mheánscoil. Chláraigh siad le hÓgras agus níl dátaí deimhnithe go fóill mar gheall ar dháta tosaithe ach deir Tomás Mac Gráinne gur phléadar oíche Aoine mar oíche an chlub agus go bhfuil siad ag súil le go dtosófar an club go luath i ndiaidh shaoire na Nollaig.

Má tá tuilleadh eolais uait faoin



Cathal Ó Gallchóir, Bainisteoir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair, Eithne Uí Dhochartaigh, Abhcóide agus ball de Chraobh na gCeithre Chúirt de Chonradh na Gaeilge agus Éamonn Mac Niallais ó Ghuth na Gaeltachta i láthair ag an chéad seisiún den tSeirbhís Saor-Chomhairle Dlí as Gaeilge sa Chrannóg i nGaoth Dobhair le déanaí.

gclub nó faoin gcúrsa ceannaireachta téigh i dteagmháil le Tomás ar tmcgrane@hotmail.com nó 087 2483092.

Béal Feirste Féile na Ceathrún Gaeltachta

Katie McGreal

BEIDH Fleadh Feirste 2011 ar siúl i mBéal Feirste an deireadh seachtaine seo, 24 - 27 Samhain.

Beidh taispeántas grianghrafadóireachta le feiceáil le linn na féile ar bhallaí Chaifé Feirste sa Chultúrlann agus beidh seisiúin cheoil ar siúl san ionad Gaeilge ag amanna éagsúla le linn na féile.

Cuirfear ceardlann ar phéinteáil tírdhreach do pháistí ar siúl i nDánlann Dillon ag an gCultúrlann ar an Aoine ó 3.30in agus an oíche sin beidh ceolchoirm leis an amhránaí Marianne Green ón Danmhairg ó dhúchas ar siúl ó 8in.

Ar an Satharn, beidh ceardlann damhsa ar an sean-bóth do pháistí agus déagóirí ar siúl ó 2in agus roimhe sin, beidh Plúra-Lúra agus Nóra Bheag agus a gcairde ann chun scéalta a hinsint do na páistí agus amhráin agus damhsaí a thaispeáint do na páistí beaga. Taispeánfar an scannán ‘The Secret of Kells’ in amharclann na Cultúrlainne saor in aisce ó 3.30in.

Seolfaidh Club Leabhar Choisceim Fheirste dhá leabhar filíochta, ‘Lúb ar Lár’ le Máire Wren agus ‘Lastar Coinneal’ le Daithí Ó hÓgáin ar an Satharn chomh maith ag 1in agus seolfar an leabhar gramadaí ‘Gaeilge gan Stró! - Beginners Level’ le hÉa-

monn Ó Dónaill ag 4in.

Oíche Shathairn, beidh damhsa agus ceol ar siúl go mall san oíche leis an cheoltóir, Bernadette Morris, agus Dianne Ní Channáin, amhránaí as Gaoth Dobhair, ag Club na Féile ag Cumann Chluain Ard.

Cuirfear tús le Club an Domhnaigh ag 6.30 in Ionad Uíbh Eachach in Iveagh Crescent. Beidh ceol ann le Maria Rafferty agus beidh an file, Gearóid Mac Lochlainn, ann freisin. Taispeánfar an scannán ‘Lipservice’ chomh maith.

Tá tuilleadh eolais faoi fhéile seo na Ceathrún Gaeltachta ar fáil ón gCultúrlann ar 028 9096 4180 nó ar an suíomh www.fleadhfeirste.com.

Dianchúrsa Gaeilge in Áth na Long

Katie McGreal

TÁ Conradh na Gaeilge i mBoirche Íochtar ag eagrú dianchúrsa Gaeilge an Satharn seo, 26 Samhain in Áth na Long, Contae an Dúin. Beidh ranganna ann do gach duine ó ghlantó-saitheoirí go dtí daoine a bhfuil Gaeilge mhaith acu.

Tosóidh ranganna ag 10m agus críochnóidh siad ag 4in agus beidh uair an chloig ann i gcomhair lóin. Tá costas £20 in aghaidh an duine ann don lá agus tá lón curtha san áireamh ar sin. Beidh lón ar fáil sa Harbour Inn ó 1.30in.

Beidh seisiún ceoil agus amhránaíochta sa Harbour Inn sa tráthnóna i ndiaidh na ranganna. Beidh ceol ann ón Teaghlach McCrickard.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Rónán Mac Murchaidh ar 028 437 878 nó 075 0042 8600.



Grúpa ó Scéilp na hÓige ó cheantar Charn Tóchair i nDoire ag glacadh páirte in Oireachtas na Samhain 2011 i gCill Airne.

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.guelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

GAEILGE- ARDTEISTIMÉIREACHT 2012 LE MÍCHEÁL Ó RUAIRC

Béaltrialail 2012

Cuid 2: (ar lean ón tseachtain seo caite)

Inis dom faoin haca/peil Ghaelach/iománaíocht/sacar.

Bíonn **cúig imreoir déag** (15)/ **aon imreoir déag** (11) ar an bhfoireann. Bíonn an **reiteoir i gceannas** ar an gcluiche. **Séideann sé an fheadóg** nuair a tharlaíonn **calaois** (foul). Nuair a tharlaíonn calaois istigh sa **chearnóg/sa bhosca** tugann sé **cic phionóis**. Uaireanta bíonn an bua ag foireann amháin agus uaireanta eile críochnaíonn an cluiche **ar chomhscór**. Usáidtear **camán agus sliotar** i gcluiche iománaíochta agus **maide haca** sa chluiche haca.

Is aoihbhinn liom **peil Ghaelach**. **Leanaím** na Dubs. Ceapaim go bhfuil Stephen Cluxton **ar fheabhas**. É féin agus an ‘Gooch’ Cooper as Ciarraí. Is aoihbhinn liom **iománaíocht** freisin. Tá foireann Chill Chainnigh dochreidte maith. Ní dóigh liom go bhfuil iománaí níos fearr ná Henry Sheflin ar chlár na cruinne. Is maith liom snúcar, leadóg, cispheil agus eitheil chomh maith.

Tá suim mhór agam sa **lúthchleasaíocht** agus is **reathaí** (runner) agus **ráibeálaí** (sprinter) maith mé. Tháinig mé sa chéad áit sna chomórtais lúthchleasaíochta i Santraí anuraidh.

Is maith liom spórt. Déanann sé maitheas don sláinte. Mar a deir an seanfhocal: **Is fearr an tsláinte ná na táinte**. Ní dóigh liom/sa dóigh liom go dtugann daoine óga **aire mhaith dá sláinte**. Déanann na toitíní, an t-ól agus **easpa cleachtadh coirp dochar uafásach** do shláinte daoine óga. Níl **bia gasta** cosúil le sceallóga agus ispíní go maith don sláinte. Ba cheart go mbeadh an spórt agus an cleachtadh coirp mar **ábhar scoile, dar liom**. Is scannal uafásach é nach dtugtar níos mó ama don spórt i scoileanna na tíre seo.

An raibh post páirtaimseartha agat an samhradh seo caite?

Bhí post páirtaimseartha agam. Bhí mé ag obair in ollmhargadh/i dteach tábhairne/in óstán/sa siopa áitiúil/san ionad siopadóireachta. Bhí mé ag obair trí lá sa tseachtain: Dé hAoine, Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh. Bhí mé ag obair go crua ó mhaidin go hoíche. Ní raibh an pá go maith. Bhí an obair dian. Bhí mé ag glanadh an urláir, ag líonadh na seilfeanna, ag obair sa seomra stórais agus ag freastal ar na custaiméirí anois is arís. Bhí mé ag obair ar feadh dhá mhí agus ansin chuaigh mé ar mo laethanta saoire.

Cad é an post/slí bheatha ab fhearr leat?

Ba mhaith liom a bheith i mo:

Altra, gruagaire, innealtóir, státseirbhíseach, fear múchta tine, teicneoir, fear/bean gnó, ceoltóir aisteoir, iriseoir, cuntasóir, múinteoir, ailtire, dlíodóir, léiritheoir teilifís, sciamlhannaí, fáilteoir, cócaire, píolóta, dochtúir, tréidlia, craoltóir, poitigéir (pharmacist), eolaí (scientist), garda, ionadaí taistil

Cén fáth?

Mar is post/slí bheatha s(h)uimiúil é. Bhí suim agam riamh a bheith i mo _____. Tá an pá go han-mhaith agus taitníonn an obair sin go mór liom.

Conas a chaitheann tú na laethanta saoire?

De ghnáth, téim **ag taisteal** le mo chlann. An samhradh seo caite/dhá bhliain ó shin chuamar go dtí an Fhrainc/an Spáinn/an Iodáil/an Ghearmáin. Thugamar cuairt ar EuroDisney. Bhí sé go hiontach. Thóg mé féin agus mo mham an traein agus chuamar suas ar an **Sliabh Draíochta**. Bhí sceitimíní áthais orm ach bhí eagla an domhain ar mo mham bhocht! Bhí **saoire cois farraige** againn. Gach lá chuamar ag snámh sa bhfarraige. Bhí an trá go hálainn. Bhí an **ghrian ag scoilteadh na gcloch**. Gach oíche chuamar go dtí an discó. Chuamar go dtí an bhialann gach oíche agus bhí saoire iontach againn.

An raibh tú riamh sa Ghaeltacht?

Bhí mé/ní raibh mé sa Ghaeltacht. Chuaigh mé go dtí an Ghaeltacht dhá uair nuair a bhí **sa chéad agus sa dara bliain**. Chuaigh mé go dtí Gaeltacht _____. Bhain mé taitneamh as. D’fhan mé **i dteach lóistín**. Bhí **bean an tí** go deas, cairdiúil. Ní raibh/bhí an bia go deas. Bhí ranganna againn gach maidin, snámh nó cluichí gach tráthnóna agus céilí san oíche. Thaitin an céilí go mór liom. Uaireanta d’éirigh mé uaigneach agus bhí áthas an domhain orm nuair a thug mo thuismitheoirí cuairt orm ag an deireadh seachtaine. D’fhoghlaim mé a lán Gaeilge. Ba mhaith liom dul ar ais uair éigin.

An bhfuil saol deas ag déagóirí/daoine óga an lae inniu?

Tá/níl saol deas acu. Tá a lán **brú agus strus** orthu. Tagann an brú agus an strus sin ó thuismitheoirí, ó mhúinteoirí agus ó na scrúduithe. Bíonn a lán **fadhbanna eile** ag déagóirí freisin. Is iad na fadhbanna is mó ná **drugaí, ólachán, foréigean agus difhostaíocht**. Cuireann an scoil agus Scrúdú na hArdteistiméireachta brú uafásach ar dhaoine óga a bhíonn **ag lorg pointí**. Níl sé **ceart ná cóir** go mbeadh an brú sin orthu, dar liom. Mar a deir an seanfhocal: **Mol an óige agus tiocfaidh sí**. Uaireanta bíonn saol deas ag daoine óga chomh maith agus baineann siad taitneamh as an saol.

Cad a dhéanfa dá mbuafá an Crannchur Náisiúnta/Lotto?

Nílím cinnte cad a dhéanfainn. Is doigh liom go:

cheannóinn (I would buy) _____
rachainn (I would go) _____
thabharfainn (I would give) _____
chuirfinn (I would put) _____
d’infheisteóinn (I would invest) _____
chaithfinn (I would spend) _____
dhéanfainn (I would do) _____

Litríocht Bhreise:

Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

Maidir leis an scéal béaloidis *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne*, déan cur síos **gairid** ar locht mór amháin a bhaineann leis an bpríomhcharachtar sa scéal sin.

Is é Diarmaid ó Duibhne príomhlaoch an úrscéil *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne*, cé gur laoch tragóideach é. Titimid i ngrá leis ón gcéad nóiméad a gcastar orainn é. Ní hionann sin is a rá nach bhfuil a lochtanna féin ar Dhiarmaid, áfach, mar feictear dúinn ó am go chéile gurb é féin an namhaid is measa atá aige! B’fhéidir gur thuig sé nach raibh aon dul as aige ón droch-chinniúint a bhí i ndán dó, ach feicimid go minic é ag déanamh rudaí a chuireann go mór le fearg agus le fonn díoltais Fhinn mhic Chumhaill. Tuigimid go maith nach raibh aon dul as ag Diarmaid nuair a cuireadh faoi gheasa é agus go raibh air éalú le Gráinne, ach níor ghá dó Fionn bocht a ghortú a thuilleadh anuas air sin.

Is é sin go díreach an rud a rinne Diarmaid, áfach. Feicimid amaidíocht seo Dhiarmada arís is arís eile, go háirithe ag Doire Dá Bhaoth, ag Dubhros Ó bhFiafrach agus ar bharr Bhinne Gulban.

Go luath sa scéal agus tús curtha ag Fionn leis an tóraíocht, bhí Diarmaid agus Gráinne i nDoire Dá Bhaoth. Chuir Oisín agus a chairde dhá rabhadh chucu ag insint dóibh go raibh Fionn ag teacht sa tóir air. Cé gur chomhairligh Gráinne dó imeacht, d’fhan Diarmaid san áit. Bhí a fhios aige go maith go mbeadh fearg ar Fhionn.

Tamall ina dhiaidh sin, nuair a tháinig Fionn go Doire Dá Bhaoth agus nuair a chuir sé ceist ar Dhiarmaid an raibh sé sa doire, dúirt Diarmaid: ‘Atáimse anseo.’ Ansin sheas sé suas agus thug sé trí phóg do Ghráinne os comhair na bhfear go léir. Tháinig fearg agus éad ar Fhionn láithreach agus dúirt sé go gcaillfeadh Diarmaid a cheann mar gheall ar na póga sin.

Sular imigh Diarmaid ó Dhoire Dá Bhaoth dhiúltaigh sé dul isteach faoi bhrat Aonghusa nuair a bhí seans aige éalú go ciúin ón áit. Ach theastaigh ó Dhiarmaid fanacht mar a raibh aige. Ar deireadh thiar, nuair a casadh Fionn ar Dhiarmaid ag an seachtú doras adhmaid, chuir Diarmaid in iúl dó go raibh sé ag imeacht agus léim sé amach le tacaíocht óna dhá lansa. Chomh luath is a thuirling sé ar an talamh, chas sé timpeall agus chuir sé in iúl d’Fhionn agus do na Fianna go raibh sé saor. Ní haon ionadh go raibh fearg mhór ar Fhionn bocht! Ní haon ionadh ach oiread gur líonadh a chroí le héad agus le fonn díoltais.

Nuair a shroich Fionn agus na Fianna Dubhros Ó bhFiafrach, ghlac siad sos agus thosaigh siad ag imirt fichille ag bun an chaorthainn. Bhí Oisín, Oscar, Díorraing agus Mac Lughach ag imirt le chéile i gcoinne Fhinn. Bhí Diarmaid ag breathnú anuas ar an gcluiche ó bharr an chrainn agus chonaic sé go raibh ag éirí go maith le Fionn. Bhí an baol ann go mbuafadh sé an cluiche. Agus céard a rinne Diarmaid ansin? Bhain sé caor ón gcrann, chaith sé uaidh í agus bhuail sé an fear ar chóir d’Oisín a bhogadh ar an mbord fichille! Bhog Oisín an fear sin agus bhí leis! Tharla an rud céanna dhá uair eile! Níorbh aon amadán é Fionn, áfach, agus bhí a fhios aige go raibh Diarmaid i láthair. Dá bhrí sin chuir sé ceist os ard ar Dhiarmaid an raibh sé thuas sa chrann - agus d’imir Diarmaid a sheanchleas. D’fhreagair sé go raibh sé i láthair agus phóg sé Gráinne trí huairte os comhair na bhfear go léir.

Agus Diarmaid ag imeacht ón gcaorthainn d’fhógair sé d’Fhionn agus na Fianna go raibh sé saor. Agus bhí fearg Fhinn ag méadú i gcónaí, ní nach ionadh.

Oíche amháin nuair a bhí Diarmaid agus Gráinne ina gcodladh i Ráth Ghráinne chuala siad gadhar ag tafann trí huairte i rith na hoíche sin. Chomhairligh Gráinne do Dhiarmaid gan dul amach sa tóir ar an ngadhar, ach bhris ar a fhoighne ag Diarmaid agus d’imigh sé amach go luath ar maidin. Is dócha gur thuig Gráinne go raibh beatha Dhiarmada i mbaol, mar d’impigh sí air arís is arís eile gan dul amach. Níor bhac Diarmaid le comhairle a mhná, áfach. Ní hamháin sin, ach níor ghlac sé lena comhairle nuair a mhol sí dó an Móraltach (claíomh Mhanannáin) agus an Ga Dearg Dhuinn (ga maith dá chuid féin) a thabhairt leis. Níor thug sé leis ach an Beagaltach (claíomh dá chuid féin) agus Mac an Chuill (a chú féin) ar shlabhra.

Nuair a casadh Diarmaid agus Fionn ar a chéile ar mhullach Bhinne Gulban theastaigh ó Dhiarmaid dul sa tóir ar Thorc Bhinne Gulban. Ach d’inis Fionn dó go raibh sé faoi gheasa gan é sin a dhéanamh nó go dtiocfadh a bhás dá bharr. Thuig na Fianna - agus Diarmaid san áireamh - go rímhaith nár cheart d’aon duine dul i gcoinne na ngeas. Níor ghlac Diarmaid le comhairle Fhinn, áfach. Lean sé an torc agus tá a fhios ag an léitheoir an droch-chríoch a rug air mar gheall air sin.

Níl dabht ar bith, mar sin, ach gurbh é an príomhloch a bhí ar Dhiarmaid ó Duibhne ná go raibh sé ceandána agus nár ghlac sé riamh leis an dea-chomhairle a tugadh dó.

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.gaelisceal.ie



Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

GAEILGE- TEASTAS SÓISEARACH 2012 LE MÍCHEÁL Ó RUAIRC

Léamhthuiscint An Cheathrú Rua

1. Tá an Cheathrú Rua suite i gConamara, i gContae na Gaillimhe. Tá Oileán Árann ar an taobh ó dheas di, thart ar deich míle amach ar an bhfarraige.
2. Tá thart ar dhá mhíle duine ag cur fúthu sa Cheathrú Rua, má chuirtear an baile agus an ceantar máguaird san áireamh. Ach tá an baile féin sách beag, agus ní bheadh ann ach cúpla céad duine.
3. Mar sin féin tá go leor áiseanna ar fáil ar an gCeathrú Rua, i bhfad níos mó ná mar is gnách do bhaile chomh beag léi. Tá dhá óstán ann, teach lóistín agus go leor tithe ina bhfaigheadh duine lóistín na hoíche. Tá scoil, séipéal, oifig an phoist, banc, siopa poitigéara, leabharlann, bialann agus stáisiún gardaí ann chomh maith. Tá ceithre ghnáthshíopa agus siopa éadaigh i gceartlár an bhaile agus roinnt siopaí eile scaipthe ar fud an cheantair.
4. Tá trí cinn de thithe tábhairne sa Cheathrú Rua agus is minic go mbíonn ceol le clos iontu. Is minic a bhíonn oíche cheoil agus litríochta in Áras Uí Chadhain sa bhaile chomh maith. Tá go leor áiseanna eile i mbailte ata gar go maith don Cheathrú Rua. Tig leat dul ag iascach ó chuan Ros a' Mhíl nó dul ar bhád a thabharfadh go hÁrainn tú.
5. Ach is iad na háiseanna is luachmhaire atá gar don Cheathrú Rua ná an stáisiún raidió i gCasla agus stáisiún teilifíse TG4 i mBaile na hAbhann. Cuireann Raidió na Gaeltachta agus TG4 seirbhís fíor-luachmhar ar fáil do mhuintir Chonamara.



Trá an Dóilín, An Cheathrú Rua.

Ceisteanna

- (i) Cá bhfuil an Cheathrú Rua suite?
- (ii) Cé mhéad duine atá sa bhaile féin?
- (iii) Luaigh trí cinn de na háiseanna atá sa Cheathrú Rua.
- (iv) (a) Cad a bhíonn ar siúl in Áras Uí Chadhain?
(b) Cén tábhacht a bhaineann le Ros a' Mhíl?
- (v) Cá bhfuil (a) Raidió na Gaeltachta agus (b) TG4 suite?

Cúinne na Gramadaí 10! Cuid 2: (ar lean ón tseachtain seo caite)

(i) Séimhiú ar Aidiachtaí

- (a) Sa Tuiseal Ainmneach, Uatha, má's ainmfhocal baininsneach a thagann roimhe m.s. an bhean mhór; an fheadóg ghlas; an oíche chiúin,
- (b) Sa Tuiseal Ginideach, Uatha, firinsneach m.s. cos an fhir mhóir; sciathán an éin bhig, hata an fheirmeora bhacaigh,
- (c) San Uimhir Iolra, má chríochnaíonn sé ar chonsan caol na fir mhóra, na capaill bheaga, na caisleáin ghalánta
- (d) ar lorg idir i gcás comhaireamh cailíní idir bheag agus mhór

(ii) An Aidiacht Shealbhach

- an tríú pearsa, uimhir uatha, baininsneach roimh ghuta m.s. a huncail (her uncle), a hainm, a háit dhúchais, a hanam

(iii) Séimhiú ar Bhriathra

- (a) ar thúsconsain Séimhítear iad go hiondúil san Aimsir Chaite, san Aimsir Ghnáthchaite, sa Mhodh Choinníollach m.s. bhris mé; chuirinn; dhíolfá
- (b) ar lorg na míreanna a, ní, má, ar, ó, níor, nár, gur, cár, sular, murar srl m.s. a bhailigh, ní théann, má bhíonn, ar dhúisigh, ó chaill, níor mharaigh, nár thug, gur bhuaigh, cár fhág, sular shroich, murar ghoill

(iv) Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile agus má thosaíonn an tarna ceann ar chonsan

m.s. Teach Pheig, athair Sheáin, deirfiúr Mháire, Coláiste Phádraig srl

N.B. Tá go leor cásanna eile ann ina séimhítear focail ach is leor an méid thuas (Cuid 1 agus Cuid 2) don ghnáthscolaire.

Cleachtaí - Tá botúin sna habairtí thíos. Ceartaigh na botúin sin.

- (i) Dúisigh mé de geit tráthnóna inné.
- (ii) Tá trua agam don cailín sin. Fuair a uncail agus a aintín bás anuraidh.
- (iii) Má ceannaíonn tú scaireanna sa stocmhargadh, beidh tú saibhir lá éigin.
- (iv) Sular caill sé an madra, bhí sé ag pleidhcíocht leis na garsúin crosta.
- (v) De barr na timpiste, ní beidh Scoil Bríde oscailte ar feadh míosa.

Cúinne na Gramadaí 9: Freagraí

- (i) ... mhaidin ... go hálainn.
- (ii) ... an choiligh
- (iii) ... fhaca ... mo dheartháir ... mo chara ... sa bhialann
- (iv) ... beirt phóilíní ... trí chapall.

Gaelscéal AR SCOIL
www.oideachas.gaelisceal.ie

Na bigí gan FORLIONADH oideachais
GAELSCÉAL AN SCOILBHLIAIN SEO!
Tá neart ábhair ar fáil atá úsáideach
i ranganna Gaeilge, OSSP, QSPS
agus sa gairmthreorach

Glac sintiús anois trí theagmháil a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir oideachais ag
caroline.nichualain@gaelisceal.ie /091-897766

www.oideachas.gaelisceal.ie

Léamhthuiscint

Téigh chuig suíomh oideachais Gaelscéal chun cleachtaí léamhthuisciana a fháil bunaithe ar ailt nuachta a bhí in Gaelscéal. Tá cleachtaí léamhthuisciana ann atá feiliúnach don Ardeistimeireacht agus don Teastas Sóisearach.

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.gaelisceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

OSSP - OIDEACHAS SAORÁNACH SÓISIALTA POLAITIÚIL

Ceartha leanaí

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

An tseachtain seo caite in Gaelscéal ar Scoil rinneadh plé ar an méid atá leagtha síos i gcoinbhinsiún um chearta páistí.

Is doiciméad atá sa choinbhinsiún seo a dhéanann cur síos soiléir ar chearta daonna. Shínigh Éire an coinbhinsiún sa bhliain 1990. Ciallaíonn sé seo go n-aithníonn an rialtas Éireannach go bhfuil cearta speisialta ag páistí agus go gcaithfear iad a chosaint.

Tá 54 airteagal sa choinbhinsiún. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu sa cheithre réimse seo a leanas:

Ceartha maireachtála: Sna hairteagail seo cosnaítear cearta bunúsacha páistí: bia, éadach agus foscadh.

An Ceart ar Chosaint: Tá sé tábhachtach go mbeadh deis ag leanaí maireachtáil i dtimpeallacht atá sábháilte.

Ceartha Forbartha: Tá sé de cheart ag gach leanbh a chumas iomlán a fhíorú. Díríonn an chuid seo den doiciméad ar an gceart atá ag páistí ar oideachas agus ar spraoi.

Tuilleadh eolais le fáil faoin ábhar ag www.gaelisceal.ie/oideachas

Oifig Ombudsman na Leanaí

Déanann an oifig seo cinnte de go bhfuil cearta leanaí á gcosaint. Déanann siad cinnte de go ndéanann an rialtas agus daoine eile na cinntí cearta ar son daoine óga.

Tá an obair a dhéanann an tOmbudsman leagtha síos i ndlí dar teideal an tAcht um Ombudsman do Leanaí 2002. Seo iad príomhréimsí oibre an Ombudsman:

- Gearáin a láimhseáil go neamhspleách
- Cumarsáid agus Rannpháirtíocht
- Taighde agus polasaithe



Emily Logan,
Ombudsman na Leanaí

Ciallaíonn sé seo gur féidir le hOifig an Ombudsman do Leanaí:

- Tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga agus do leanaí maidir lena gcearta.
- Dul i gcomhairle le daoine óga faoi na rudaí atá tábhachtach dóibh. Nuair a bhíonn Oifig an Ombudsman do Leanaí ar an eolas faoi na rudaí atá tábhachtach do dhaoine óga, is féidir leo an rialtas agus daoine eile a chur ar an eolas.
- Taighde a dhéanamh chun tuiscint níos fearr a fháil ar na rudaí atá tábhachtach do dhaoine óga.
- Comhairle a thabhairt don rialtas agus do dhaoine eile faoi na rudaí atá tábhachtach do dhaoine óga.
- Glacadh le gearáin agus, más féidir, rud éigin a dhéanamh faoi na gearáin sin. Is féidir gur leanaí nó daoine óga a dhéanann na gearáin nó daoine fásta ar a son daoine óga.

Fostú páistí

Tá 250 milliún páiste ar fud an domhain fostaithe. Tá os cionn leath de na páistí seo faoi 12 bhliain d'aois. Ní fhaigheann na leanaí seo atá ag obair i monarchana, siopaí agus ar fheirmeacha an deis saol ceart a chaitheamh mar a chaitheann leanaí eile den aois chéanna nach bhfuil fostaithe.

Firicí faoi fhostú páistí

- Meastar gur fostaithe iad 12 % de leanaí san India atá idir 5 bliana agus 14 bliana d'aois.
- Cuirtear brú ar chuid leanaí bheith ag obair 18 n-uaire an chloig in aghaidh an lae.
- Is minic a dhíolann fostaithe leanaí le fostaithe eile.
- Tá GAP, Primark agus H&M ar chuid de na comhlachtaí a bhí i dtrioblóid le blianta beaga anuas mar go raibh páistí fostaithe ina gcuid monarchana.

Firicí faoi fhostú páistí

- Meastar gur fostaithe iad 12 % de leanaí san India atá idir 5 bliana agus 14 bliana d'aois.
- Cuirtear brú ar chuid leanaí bheith ag obair 18 n-uaire an chloig in aghaidh an lae.
- Is minic a dhíolann fostaithe leanaí le fostaithe eile.
- Tá GAP, Primark agus H&M ar chuid de na comhlachtaí a bhí i dtrioblóid le blianta beaga anuas mar go raibh páistí fostaithe ina gcuid monarchana.

GLUAIS

Ceartha leanaí - children's rights
Chosaint - Protect
Airteagal - Article
Ceartha maireachtála -
the right to survival
An Ceart ar Chosaint -
the right to be protected
Ceartha Forbartha -
the right to develop
Oifig Ombudsman na Leanaí -
Ombudsman for children

OSPS - OIDEACHAIS SHÓISIALTA PHEARSANTA AGUS SLÁINTE

Caithreachas

De ghnáth tarlaíonn caithreachas i gcailíní idir 8 mbliana agus 13 bliana d'aois agus i mbuachaillí idir 10 mbliana agus 15 bliana d'aois. Athraíonn do chorp i rith na mblianta seo níos scioptha ná mar a d'athraigh roimhe. Forbraíonn gach duine ag ráta difriúil. Mar sin, níl bódh náire ná imní ort má tá tú ag forbairt níos scioptha nó níos moille ná daoine eile. Tá sé tábhachtach go n-aithníonn tú na hathruithe a bheidh ag teacht ort. Is féidir na hathruithe a thagann ar dhéagóirí a chur i gceithre ghrúpa.

1. Athruithe mothúchánacha

I rith caithreachais tagann go leor athruithe ar do chuid mothúchán. Is ceimiceáin iad hormóin a rialaíonn na horgáin ghnéis. Bíonn tionchar acu ar do chuid mothúchán. I rith caithreachais is féidir leat bheith in ísle brí lá amháin agus sona sásta an lá dar gcionn. De réir mar a éireoidh tú níos sine, socróidh do chuid mothúchán síos.

2. Athruithe Intinne

Forbraíonn d'intinn i rith caithreachais agus tosaíonn tú ag smaoineamh mar a dhéanann duine fásta. Beidh tuiscint níos fearr agat ar an saol ná mar a bhí agat nuair a bhí tú níos óige. Ar nós gach athrú eile i rith caithreachais, forbraíonn intinn daoine ag rátaí difriúla. Bíonn forbairt na hintinne ag brath ar intleacht agus ar thairbhí an duine. Beidh d'intinn ag forbairt i rith do shaoil ar fad.

3. Athruithe Sóisialta

Le linn caithreachais athraíonn an caidreamh a bhíonn agat le daoine. Athruithe sóisialta a thugtar orthu seo. Ag an staid seo, leathnaíonn cailíní agus buachaillí a gcirocal sóisialta. Déanann siad níos mó cairde ar scoil agus sa phobal. Cuireann déagóirí níos mó suime i gcluichí, i spórt, i ndamhsa, in amhránaíocht agus ina bheith ag dul amach in éineacht le cairde chuig cóisirí agus imeachtaí eile sóisialta.

4. Athruithe fisiceacha

Tagann athruithe móra fisiceacha ar chailíní agus ar bhuachaillí le linn caithreachais. Bíonn náire ar roinnt déagóirí faoi na hathruithe seo ach tá sé tábhachtach a thuiscint go mbíonn gach déagóir ag dul tríd an rud céanna agus nach rud as an ngnách é.

GLUAIS

Caithreachas - puberty
Athruithe mothúchánacha -
Emotional change's
Athruithe Intinne - Mental change's
Athruithe Sóisialta -
Social change's
Athruithe fisiceacha -
Physical change's



Gaelscéal AR SCOIL



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

SRAITH PICTIÚR 4

Pleananna don samhradh atá rompu



FOCLÓIR

- | | |
|-------------------------|--------------------------|
| 1. Ag staidéar | 6. Cúrsaí airgid |
| 2. An samhradh | 7. Iasacht? |
| 3. Laethanta saoire | 8. An cúlú eacnamaíochta |
| 4. Ceolchoirm | 9. Post samhraidh |
| 5. Imníoch/buartha faoi | 10. Cead a fháil |

CEISTEANNA

1. Meas tú an bhfaighidh na buachaillí post samhraidh?
2. Céard a bhí beartaithe acu don samhradh?
3. Meas tú an dtabharfaidh na tuismitheoirí cead dóibh dul ar saoire?

NATHANNA & FRÁSAÍ

- Déan do mhargadh de réir do sparáin
- Bhí siad ag staidéar go dian dícheallach
- Is léir go raibh na leaideanna buatha faoi chúrsaí airgid
- Is é mo bharúil/mo thuairim...
- De réir cosúlachta...
- Déarfainn nach raibh na leaideanna seo ró-bhuartha faoin staidéar
- Bhí na buachaillí ag tnúth leis an samhradh

Béaltriail 2012 - 'Fadhbanna an Aosa Óig' - Frásaí Cabhracha Alcól

- Tá a fhios ag an saol mór go bhfuil an t-alcól ar cheann de na fadhbanna is mó atá againn in Éirinn inniu.
- Tá an fhadhb le mí-úsaid alcóil ag dul in olcas dar liom mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta agus an easpa dóchais atá timpeall na tíre i láthair na huaire.
- Bíonn go leor déagóirí ag ól go trom na laethanta seo. Is dóigh liom go dtéann déagóirí i muinín an óil chun éalú óna gcuid fadhbanna.
- Ní rud nua é seo in aon chor agus cinnte ní inniu ná inné a thosaigh an fhadhb seo. Tá a fhios ag gach mac máthar go bhfuil cultúr an ólacháin in Éirinn chomh sean leis na cnoic.
- I mo thuairimse, ní féidir an milleán a chur ar dhéagóirí ach an oiread. Tá cáil an óil ar mhuintir na hÉireann i bhfad is i gcéin le fada an lá. Tugann go leor tuismitheoirí agus daoine fásta drochshampla dúinn i dtaobh an óil, i mo thuairimse.
- An gcreidfeá go bhfuil roinnt páistí bunscoile ag ól anois! De réir fhigiúirí na Roinne Sláinte bainean níos mó ná leath de pháistí na tíre triail as alcól agus iad faoi dhá bhliain déag d'aois. Tá sé sin náireach amach is amach.

Brú

- Tá a lán brú ar dhéagóirí inniu. Cuireann an Ardeist brú as cuimse orainn. Bíonn orainn ardphointí a fháil.
- Fiú má tá céim mhaith agat ní chiallaíonn sé sin go bhfaighidh tú post maith.
- Braithim faoi bhrú chun torthaí maithe a fháil, caithfidh mé a admháil.
- Ceapaim go gcuireann córas na bpointí an iomarca brú ar dhéagóirí agus go mbeadh measúnú leanúnach i bhfad Éireann níos fearr mar chóras.
- B'fhearr liom go mór measúnú leanúnach in ionad chóras na bpointí, caithfidh mé a rá.

Nathanna deasa le foghlaim

Tá a fhios ag gach mac máthar...	Tá an fhadhb sin chomh sean leis na cnoic...
Creid é nó ná creid...	Tá an fhadhb ag dul in olcas...
I láthair na huaire	Caithfidh mé a admháil / a rá

Cén ghné den ghramadach atá i gceist anseo thíos?

An tAos Óg	ACH	Fadhbanna an Aosa Óig
Déagóir	ACH	Saol an Déagóra
Alcól	ACH	Fadhb an Alcóil

Déan plé ar na ceisteanna 1-10 ar an ábhar seo leis an duine in aice leat.

Deich gceist - Fadhbanna an Aosa Óig - Éire 2011

1. Céard iad na rudaí a chuireann as do dhéagóirí inniu dar leat?
2. An gcuireann an cúlú eacnamaíochta isteach ortsa?
3. Céard faoi chibear-bhulaíocht. Céard atá i gceist leis?
4. An mbraitheann tú faoi bhrú? Cad is cúis leis sin?
5. Pléitear piarbhrú go mion minic sna meáin. Cad é do bharúil faoi?
6. An bhfuil fadhb le déagóirí ag tógáil drugaí i do cheantarsa?
7. An aontofá leis an tuairim gur druga é an t-alcól a dhéanann damáiste as cuimse don tsláinte nuair a bhaintear mí-úsáid as?
8. An mbíonn deis agat labhairt faoi na rudaí sin i ranganna ar scoil?
9. Cad é do bharúil faoin Ardeist agus córas na bpointí?
10. An ann do chóras níos féaráilte/fearr ná córas na bpointí, dar leat?

www.oideachas.gaeilsceal.ie



Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

Rang Cainte - 'Fadhbanna an Aosa Óig Inniu'

Bíonn sé deacair uaireanta daltaí a spreagadh chun cainte i nGaeilge sa seomra ranga. Leis na hathruithe sa siollabas is gá dúinne mar mhúinteoirí straitéisí éagsúla a úsáid chun na daltaí a mhealladh chun cainte. Smaoineamh an-mhaith is ea an Geandáil Ghasta chun iad a chur ag caint. Is féidir triail a bhaint as i dtosach le hábhar simplí atá réamhullmhaithe go maith sa rang. D'fhéadfai fiú leas a bhaint as chun measúnú a dhéanamh ar an nGaeilge labhartha. Bí cinnte go mbíonn an t-ábhar don gheandáil ghasta pléite go mion sa rang roimh ré nó ní éireoidh leis. Oireann an saghas ranga seo do dhaltai ar gach leibhéal, ach déanaigí cinnte an tasc a chur in oiriúint do do rang féin i gcónaí. Má bhraitheann na daltaí go bhfuil an tasc ró-chasta dóibh ní éireoidh leis. Baineann daltaí an-taitneamh as a bheith ag bogadh timpeall an tseomra agus is breá leo an deis a fháil úsáid a bhaint as a gcuid Gaeilge in átha-isféar spráil. Ach bígí réidh do ghleo agus do thorann! Slí mhaith chun dul i ngleic leis seo ná chun comhartha a chrochadh ar dhóras do sheomra 'Rabhadh - Torann & Gleo - Rang Cainte ar siúl'!!

Geandáil Ghasta - treoir phraiticiúil

Bíodh ceisteanna ullmhaithe agat roimh ré don ábhar cainte. D'fhéadfai leas a bhaint as an deich gceist atá déanta amach againne i gcomhair 'Fadhbanna an Aosa Óig'. [Déan cinnte na ceisteanna a chur in oiriúint do leibhéal do ranga.]

- Cuir na daltaí ina seasamh.
- Roinn an rang ina dhá chuid: scrúdaitheoirí / daltaí.
- Tabhair amach dhá cheist an duine do gach scrúdaitheoir.
- Cuir an dá líne ag seasamh os comhair a chéile ansin.
- Bíodh feadóg nó gleas éigin agat chun torann a dhéanamh.
- Abair leis na scrúdaitheoirí go mbeidh orthu na ceisteanna a chur ar an duine os a gcomhair amach.
- Ach nuair a shéidtear an fheadóg, caithfidh na daltaí bogadh ar aghaidh go sciobtha!
- Ní bhíonn ach líne na ndaltaí ag bogadh, fanann na scrúdaitheoirí san áit ina bhfuil siad.
- Ba chóir go gcuimhneodh an scrúdaitheoir ar ainm/cúpla freagra duine amháin, mar go mbeidh an múinteoir ag lorg aiseolais ó na scrúdaitheoirí ag deireadh an tseisiúin.

Is straitéis iontach é seo chun na daltaí a chur a suaimhneas le caint os comhair a chéile ag tús topaice nua mar go mbíonn gach duine ag caint ag an am céanna! Tabharfaidh sé níos mó muiníne dóibh roinnt cainte/cleachtaidh a dhéanamh. Cuireann sé le hatmaisféar an ranga freisin ar ndóigh.

Rabhadh: Bígí an-dian ar bhéarlóireacht!

Deich gceist - Fadhbanna an Aosa Óig - Éire 2011

1. Céard iad na rudaí a chuireann as do dhéagóirí inniu dar leat?
2. An gcuireann an cúlú eacnamaíochta isteach ort?
3. Céard faoi chibearbhulaíocht. Céard atá i gceist leis?
4. An mbraitheann tú faoi bhrú? Cad is cúis leis?
5. Pléitear brú comhaoise nó piarbhrú go mion minic sna meáin. Cad é do bharúil faoi?
6. An mbíonn déagóirí ag tógáil drugaí i do cheantarsa?
7. An aontófá leis an tuairim gur druga é an t-alcól a dhéanann damáiste don tsláinte?
8. An mbíonn deis agat labhairt faoi na rudaí sin i ranganna ar scoil?
9. Cad é do bharúil faoin Ardteist agus córas na bpointí?
10. An ann do chóras níos fearáilte/fearr ná córas na bpointí, i do thuairim?



Smaoineamh -

Féachaigí ar chlár NA RÚIN sa rang mar ábhar spreagtha don topaic 'saol agus fadhbanna déagóirí in Éirinn 2011'. Baineann an dráma Na Rúin le saol an déagóra. Féach ar Chúinne na Teicneolaíochta chun tuilleadh eolais a fháil faoi na Rúin & cleachtaí ranga bunaithe ar na Rúin.

Ábhar Spreagtha

- Bain úsáid as an suirbhé mar aon le pictiúir / léamhthuisint oiriúnach nó píosa fise ó Na Rúin chun suim na ndaltaí san ábhar nua a mhúscailt.
- Taispeáin an t-ábhar spreagtha atá roghnaithe agat dóibh i dtosach. Déan iarracht réamheolas agus tuairimí na ndaltaí ar an ábhar a fháil trí sheisiún ransaithe smaointe a éagrú.
- Déan cinnte iachall a chur orthu stór focal / nathanna a thagann chun solais a bhreacadh ina gcóipleabhar.
- Ansin, cuir i ngrúpaí de bheirt iad.
- Caithfidh siad an suirbhé a líonadh isteach agus a gcuid tuairimí i dtaobh na ráiteas a nochtadh.
- Is féidir leo úsáid a bhaint as an ábhar spreagtha, foclóirí, téacsleabhair agus na nótaí ón gclár, chun cabhrú leo.
- Bí cinnte treoir ama a thabhairt dóibh, m.sh. 10 nóiméad.
- Ag deireadh an tseisiúin, iarr ar chuid de na grúpaí a gcuid tuairimí a chur i láthair
- Don obair bhaile - díospóireacht ranga ar siúl amárach agus caithfidh gach duine 3 phointe a ullmhú ar son nó in aghaidh an rúin - 'Tá saol an mhada bháin ag déagóirí inniu'.

SUIRBHÉ RANGA

Tá saol an
mhada bháin
ag déagóirí
inniu



Níl aithne agamsa
ar aon duine a
d'fhulaing
de bharr
chibear-bulaíochta



Ní dhéanann
alcól aon
dochar
don tsláinte!



Bíonn go leor déagóirí ag ól go trom na laethanta seo. Is dóigh liom go dtéann déagóirí i muinín an óil chun éalú óna gcuid fadhbanna.

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.guelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

COMHAIRLE GAIRMTHREORACH

Iniúchadh ar Fhiontraíocht



Patricia Uí Fhlaithearta
Comhairleoir Gairmtreorach

Cén fáth?

Tabharfaidh taighde margaidh eolas luachmhar duit faoin tseirbhís nó an táirge a bheas agat agus arbh fhiú a leithéid a bheith agat in aon chor. Ní mór duit breathnú thart i do cheantar fhéin go bhfeicfidh tú an bhfuil gnó nó seirbhís ag daoine eile cosúil leis an gceann atá i gceist agat fhéin a thosnú. An bhfuil ag éirí go maith leo? An mbeidh tusa in ann a bheith níos fearr?

Cén áit a bhfuil do sprioc-chustaiméirí lonnaithe? Bealach iontach chun an t-eolas seo a bhaint amach ná suirbhé a dhéanamh, agus freisin labhairt le saineolaí a bhfuil taithí nó smaointí breise aige/aici ins an earnáil nó réimse oibre seo. Tá dhá chineál taighde margaidh gur féidir leat a dhéanamh, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh tú an péire, is iad sin

Is é an príomhrud i ngnó ar bith ná tuisceint a bheith agat ar riachtanais an chustaiméara. Ní mór go mbeadh tú in ann é seo a dhéanamh agus brabús a dhéanamh ag an am céanna, muna bhfuil ní bheidh aon ghnó agat. Ceann de na rudaí is tábhachtaí ná taighde margaidh a dhéanamh sula dtosóidh tú amach le gnó ar bith.



taighde príomhúil agus taighde tánaisteach. Sa chéad cheann, is é sin taighde príomhúil, beidh tú fhéin in ann an t-eolas seo a bhailiú tríd suirbhéanna nó daoine a stopadh i sráidbhaile nó taobh amuigh de shiopaí chun ceisteanna a chur orthu faoin ngnó nó seirbhís atá tú ag cuimhniú a chur ar bun. Sa suirbhé tá sé tábhachtach go gcuireann tú ceisteanna oscailte ar dhaoine chun an t-eolas uilig a theastaíonn uait a fháil amach. Beidh tuairim i bhfad níos fearr agat ó cheisteanna den sórt sin céard go díreach iad riachtanais na custaiméirí. Samplaí de ceisteanna oscailte ná:

- An mbeadh tú sásta íoc ar an táirge/seirbhís seo? Cén fáth?
- Cén raon praghsanna a bheadh tú sásta a íoc?
- Céard é do bharúil faoin táirge/seirbhís atá agam?

Bí cinnte go gcuireann tú ceisteanna ar shampla leathan de dhaoine, ceathracha nó caoga ar a laighead, chun go bhfaighidh tú tuairimí gach duine in áit gan ach líon beag den mhargadh a fháil. D'fhéadfá tosú le do chuid cairde nó do mhuintir.

Sa taighde tánaisteach is é atá i gceist ná taighde atá déanta nó eolas atá bailithe nó foilsithe cheana fhéin. Tá an t-eolas seo le fáil i nuachtain, ar an idirlíon nó ó phraghasliostaí na n-iomaitheoirí. Bí cinnte áfach go bhfuil an t-eolas cothrom le dáta. Nuair atá an taighde uilig déanta agat déan liosta de na pointí eolais a fuair tú as an taighde príomhúil agus as an taighde tánaisteach. As seo is féidir leat anailís a dhéanamh ar na laidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí (SWOT Analysis) a bheadh ar an gcomhlacht. As seo tiocfaidh eolas faoi fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith agat go mbeadh ort déileáil leo.

Costas agus Buiséad

Tá sé riachtanach go gclúdóidh an praghas a ghearrfaidh tú na costaisí go hiomlán le brabús a dhéanamh. Muna gclúdóidh tú iad seo ní dhéanfaidh sé aon chiall gnó a bheith agat sa gcéad dul síos. Ní mór duit an costas ar gach

ceann de na páirteanna a oibriú amach, fiú an chuid is lú díobh, mar shampla, costais saothair, pacáistiú agus araile. Tá sé tábhachtach praghas a chur ar do chuid ama freisin. Ar ndóigh tá buiséad airgid riachtanach le haghaidh do ghnó fhéin a bhunú. Ní mór súil a choinneáil ar an mbuiséad go leanúnach le bheith cinnte go bhfuil tú in ann na spriocanna uilig a bhaint amach. An bealach is fearr le haghaidh é seo a dhéanamh ná freagraí a fháil go leanúnach ar na príomhcheisteanna atá le cur faoin ngnó:

- An bhfuil brabús á dhéanamh agam?
- Cé méid táirge atá á ndíol agam?
- Céard iad na costaisí atá orm?

Ní mór iomlán na bhfáltais agus iomlán na n-íocaíochtaí a fháil amach go rialta sa gcaoi is go mbeidh eolas agat atá cothrom le dáta faoi cé mar atá ag éirí leis an ngnó.

Táirgeadh

Sula dtosaíonn tú ar an táirgeadh bí cinnte go bhfuil an trealamh uilig agat chun an táirge a thabhairt chun críche.

- Cén áit a mbeidh tú lonnaithe?
- Cén chaoi a n-eagróidh tú na tascanna?
- Cén fhad a thógfaidh sé na hearraí/an táirgeadh a dhéanamh?
- Cén praghas a bheidh orthu?

Mar an gcéanna leis an tseirbhís, ní mór go mbeidh tú in ann gach gné den tseirbhís a chur i gcrích go proifisiúnta.

Scileanna Inaistrithe

Tá go leor scileanna inaistrithe ag teastáil nuair atá do ghnó fhéin agat, scileanna cumarsáide, scileanna anailíse, scileanna pleanála, scileanna airgeadais, scileanna tairgthe.

Tréithe Pearsanta

Caithfidh tú a bheith in ann daoine a spreagadh, a bheith freagrach, ábalta déileáil le nithe éiginnte agus a bheith muiníneach.

Dearbhán do Chló Iar-Chonnacht don mhúinteoir!

Tabharfaidh Gaelscéal ar Scoil, i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht, dearbhán €20 le caitheamh ar ábhar Chló Iar-Chonnacht do gach múinteoir a chuirfidh isteach ordú do 3 shíntiús ar a laghad do Ghaelscéal!



Faigh bhur gcóipeanna anois trí fhoirm shíntiúis a íoslódáil ag
www.oideachas.guelsceal.ie
nó trí ghlaoh a chur ar
091-897766
nó trí ríomhphost a chur chuig
scoil@guelsceal.ie



BEATHA NUACHT Litríochta



Gradaim Leabhar na Bliana: Tuairimí na Moltóirí in easnamh

Tuairisc ar an ócáid le Meadhbh Ní Eadhra

I LEABHARLANN Náisiúnta na hÉireann an tseachtain seo caite, fógraíodh buaiteoirí Ghradaim Leabhar na Bliana 2011. Is ócáid mhór i saol litríochta na Gaeilge í seo, ócáid a thugann aitheantas d'údair, do mhaisitheoirí agus d'fhoilsitheoirí.

Thosaigh imeachtaí na hoíche nuair a tháinig Máire Mhac an tSaoi isteach an doras

agus ba shultmhar an rud é bheith ag éisteach leis na scríbhneoirí nó foilsitheoirí ag teacht aníos chuig an stáitse agus ag léamh sleachtanna óna gcuid leabhar. I measc na mbuaicphointí bhí an sliocht a léigh Seán Mac Seáin, athair Chairtíona ón gcomhlacht foilsitheoireachta an tSnáthaid Mhór, ó leabhar Chairtíona Hastings, 'Mac Rí Éireann'.

Léigh Biddy Jenkinson óna leabhar nua bleachtairachta a bhí ar an ngearrliosta, foilsithe ag Coiscéim, agus chuir sí an

slua ag gáire leis an méid a léigh sí, rud a bhí go hiontach.

Sílím go bhfuil sé fíorthábhachtach go ndéanann gach údar agus foilsitheoir atá ainmnithe ar an ngearrliosta iarracht teacht chuig ócáid brionta na ngradam. Is mór an onóir é a bheith roghnaithe ar an ngearrliosta, dar liom, agus bheadh sé deas gach duine a fheiceáil le chéile ar an oíche.

Is léir go bhfuil sé deacair ar dhaoine an cinneadh a dhéanamh dul chuig ócáid mar seo gan fios a bheith acu cé acu ar éirigh leo gradam a

bhaint nó nár éirigh. Ach, dá ndearfaí leis na buaiteoirí gur bhuaigh siad, an gciallaíonn sé sin nach dtiocfadh na daoine eile a bhí ar an ngearrliosta, mar nach fiú dóibh bacadh leis? Ceist chasta, ach ceann gur gá aghaidh a thabhairt uirthi sa todhchaí.

Labhair Mícheál Ó Conghaile ó Chló Iar-Chonnacht faoin leabhar 'Sé an saol an máistir' le Gearóid Denvir. Léigh Mícheál dán de chuid Learaí Phádraic Learaí Uí Fhinneadha amach ar an oíche, dán a scríobh Learaí in onóir Mháire Mhic Giolla Íosa nuair a ceapadh ina hUachtarán i ceithre bliana déag ó shin. Go deimhin, léigh Learaí an dán amach ag ócáid speisialta in óstán i nGaillimh, nuair a tháinig an tUachtarán ar cuairt na blianta ó shin.

I mbliana, ba i Rhoda Uí Chonaire an príomh-mholtóir. Is bean ildánach í Rhoda a bhfuil go leor leor oibre déanta aici i saol na Gaeilge agus i saol na litríochta le blianta fada. Ba bhreá liom dá mbeadh seans ag Rhoda agus ag na moltóirí eile (Paul Drury, Mícheál Ó Cróinín agus Vivian Uíbh Eachach) seasamh suas os comhair an tslua agus cúpla focal a rá faoin gcomórtas a bhí ann i mbliana. Cosúil le rud ar bith, tá sé deas cloisteáil ó na daoine a dhéanann an cinneadh faoi cé a bhuann agus cé nach mbuann. Cén fáth ar éirigh le leabhar amháin an Gradam a bhaint in ionad leabhair eile? Céard a sheas amach faoin leabhar sin? An raibh iomaíocht ghéar ann nó an raibh leabhar amháin a bhí i bhfad Éireann níos fearr ná na cinn eile? An raibh na moltóirí go léir ar aon tuairim faoi na buaiteoirí?

Is cuimhin liom nuair a bhí úrscéal de mo chuid féin ar an ngearrliosta do leabhar na bliana do dhaoine óga. Bhí an-suim agam tuairimí na moltóirí a chloisteáil i leith na leabhar eile ar an ngearrliosta agus conas a chuir siad i gcomparáid lena chéile iad, ach ní bhfuair an deis sin riamh. Is mór an trua é, dar liom, go gcuireann na moltóirí



Seán Mac Seáin, athair Chairtíona Nic Sheáin stúirthóir An tSnáthaid Mhór buaiteoir Leabhar na Bliana do Dhaoine Óga.

an oiread sin oibre isteach ag roghnú na leabhar is fear agus á bplé i measc a chéile, ach nach féidir leis na scríbhneoirí, na foilsitheoirí ná an pobal na tuairimí sin a chloisteáil. An bhliain seo chugainn, bheadh sé go hiontach dá mbeadh seans ag moltóirí nó dhó seasamh suas ag an ócáid brionta agus rud beag cainte a dhéanamh faoin gcomórtas agus faoi na leabhair a bhí san iomaíocht.

Bronnadh dealbh criostail agus €5000 ar Mháire Mhac an tSaoi as Gradam Uí Shúil-leabháin a bhuachan dá leabhar 'Scéal Ghearróid Iarla' agus fuair an foilsitheoir, Leabhar Breac, €7500. I gcás Ghradam Réics Charló (Gradam Leabhar na Bliana do dhaoine óga), roinneadh an duais airgid idir Caitríona Hastings (scríbhneoir) agus Andrew Whitson (maisitheoir), mar sin fuair siad €2500 an duine. Bronnadh €7500 ar an tSnáthaid Mhór.

I measc an tslua a bhí ann ar an oíche, bhí iondaithe Fhoras na Gaeilge, Oireachtas na Gaeilge agus Chonradh na Gaeilge, foilsitheoirí éagsúla mar Phádraic Ó Snodaigh ó Choiscéim, Tadhg Mac Dhonnagáin ó Fhuta Fata agus Darach Ó Scolaí ó Leabhar Breac, scríbhneoirí agus lucht léinn, lucht Stillwater Com-

munications a d'eagraigh an ócáid, Mairéad Ní Chinnéide, Liam Mac Mathúna, Seán Ó Coinn, Seán Mac Seáin agus daoine eile nach iad. Seans go bhféadfaí ní ba mhó poiblíochta nó fógraíochta bheith déanta faoin ócáid seo, roimh ré agus ina diaidh. Is deis iontach í chun lucht liteartha na Gaeilge a thabhairt le chéile agus ceiliúradh a dhéanamh ar an méid a baineadh amach i gcaitheamh na bliana sin.

An bhliain seo chugainn, ba bhreá liom dá mbeadh tuilleadh réamhphoiblíochta déanta ar an ócáid, agus sílim gur cheart a chinntiú go bhfoilsítear ailt agus grianghraif sna páipéir nuachta náisiúnta agus áitiúla chomh maith, is cuma cé acu páipéir Bhéarla nó Ghaeilge iad.

Ba dheas an rud é dá mbeadh an ócáid á craoladh beo ar Raidió na Gaeltachta nó ar Raidió na Life, nó ar TG4. Bheadh sé iontach dá mbeadh na meáin níos lárnai in ócáidí mar seo i saol litríochta na Gaeilge. Conas is féidir le daoine a bheith ar an eolas faoi imeachtaí mar seo mura bhfuil éinne ag déanamh tráchtairachta orthu? Mar fhocal scoir, ionad álainn a bhí sa Leabharlann Náisiúnta don ócáid seo. Cinneadh maith déanta faoi sin!



Cló Iar-Chonnacht

Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593307 cic@iol.ie www.cic.ie

Sladmhargadh na Nollag ón Luan 28 Samhain go hAoine 23 Nollaig

lacáiste 50% ar GACH leabhar atá foilsithe ag CIC!
lacáiste suas le 25% ar gach leabhar eile!
CDs ar €10!

BRONNTANAIS NOLLAG
AR Fáil ar €20 nó NÍOS LÚ

Ceannaigh dearbhán Nollag do chara agus is fiú suas lena dhá oiread é i Sladmhargadh na Nollag.



Rogha leathan leabhair do pháistí ar fáil
www.cic.ie

SEACHTAIN UM CHOSC

Cuir le feidhmíocht chomhshaoil do ghnólachta trí chosc a chur ar dhramhaíl, trí fhuinneamh a íoslaghdú agus trí ídiú uisce a íoslaghdú!

BÍONN méadú ag teacht i gcónaí ar chainníochtaí dramhaíola, ar ídiú fuinnimh agus ar ídiú uisce, agus cé gur cuid de gach gníomhaíocht ghnó iad, is féidir tabhairt faoi chéimeanna lena chinntiú go n-úsáidtear na hacmhainní sin ar an tslí is éifeachtúlaí agus is féidir.

Ciallaíonn bainistiú a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil do ghnó córais a chur ar bun a thabharfaidh deis duitse agus do d'fhoireann na háiteanna ina gcruthaítear an iomarca dramhaíola nó ina ídítear an iomarca uisce a aithint le linn do ghníomhaíochtaí ó lá go lá.

D'fhéadfá airgead a shábháil trí scrúdú a dhéanamh ar an gcineál dramhaíola a bhíonn i do bhoscaí bruscair, an méid fuinnimh a bhíonn á ídiú agat agus an méid uisce a úsáidtear i do ghnólacht gach bliain.

Baineann éifeachtúlacht acmhainní go príomha le stop a chur le cur amú ábhar luachmhar ar an gcéad dul síos!

Caomhnú Uisce

IS bealach iontach é caomhnú uisce chun do ghnó a dhéanamh glas. Chun uisce a chaomhnú agus airgead a shábháil, caithfidh tú clár caomhnaithe uisce a chur i bhfeidhm i do ghnó a dhíríonn ar an bpríomháit ina n-úsáidtear uisce. Ag brath ar do ghnó d'fhéadfá a áireamh sna limistéir seo próiseáil, deilithe, cistineacha agus leithris. D'fhéadfá breathnú ar uisce mar acmhainne ar chostas íseal, ach is earra luachmhar é uisce cóireáilte. Bíonn sé éasca airgead a shábháil trí bheartas laghdaithe uisce ar chostas íseal a chur i bhfeidhm. Tá méadar uisce ag beagnach gach gnó anois agus feicfidh siad na buntáistí a bhaineann le sábháil uisce.

- Ar an meán úsáidtear os cionn 148 lítear uisce in aghaidh an duine gach lá in Éirinn.
- Is féidir costas de 1% de láimhdeachas an ghnó a bheith ag baint le cur amú uisce.
- Téann gach Euro a shábháiltear ar éifeachtúlacht acmhainne díreach chuig an mbunlíne!
- Is míonna ní blianta a bhíonn i gceist leis na tréimhsí aisíoca do thionscnaimh éifeachtúlacha acmhainní.

Leideanna maithe chun uisce a chaomhnú i do ghnó:

Ginearálta

- Déan an méid uisce a úsáideann tú go bliantúil a mheas
- Déan do chostas bliantúil uisce a mheas
- Ainmnigh duine chun monatóireacht a dhéanamh ar uisce ar an láthair
- Déan do chleachtais bhainis tithe uisce a athbhreithniú go bliantúil
- Sainaithin bealaí chun an méid uisce a úsáidtear a íoslaghdú
- Cuir oiliúint ar fáil chun cur le feasacht fostaíthe
- Bí ag smaoineamh ar thíosáiocht an uisce agus trealamh á cheannach agat
- Bí ag smaoineamh ar fhoinsí eile uisce (m.sh uisce báistí)
- Déan seandaingneáin nó daingneáin mí-éifeachtúla a aisfheistiú
- Seiceáil an mhonarcha le haghaidh sceitheadh uisce agus dramhuise ar bhonn rialta
- Cas as an t-uisce go dtí limistéir nach n-úsáidtear
- Cuir deireadh le níosán gan ghá



- Déan cinn spraeála agus rialtáin shreabh a shuiteáil ar sconnáí chun an lear uisce a úsáidtear a smachtú. Is féidir leo ídiú uisce sconn a laghdú 80%.
- Bí ag smaoineamh ar thíosáiocht an uisce agus trealamh á cheannach agat. Mar shampla, is féidir caidéal fholúis thirim a chur in áit chaidéal fholúis leachta
- Déan an príomhphíopa brú uisce a shrianadh agus a rialú, próiseas ar phróiseas, chun úsáid uisce a laghdú. Tá comhláí laghdaithe brú saor agus éasca le cur isteach.

An Chistin

- Úsáid fearais chaomhnaithe uisce (ar nós sriantóirí i sconnáí)
- Déan cinn spraeála agus rialtáin shreabh a shuiteáil ar sconnáí chun an méid uisce a úsáidtear a smachtú.

- Úsáid spraeanna le trucear is bia á ullmhú
- Tabhair dóthain ama chun táirgí bia a dhíshioc go nádúrtha agus gan a bheith ag brath ar uisce reatha chun bia a leá.
- Ná cuir an miasniteoir ar siúl go dtí go mbeidh sé lán.
- Déan píobáin agus trucid spraeála a shuiteáil chun an sreabhadh uisce a rialú
- Déan aon shoc ar do threalamh a sheiceáil agus a díchoirtíú
- Socraigh an ráta sreibe ar threalamh ar nós meaisíní leac oighir agus scamhaire prátaí chomh íseal agus is féidir chun an fheidhmíocht is fearr a chinntiú agus uisce a shábháil

Leithris

- Úsáid fearais chaomhnaithe uisce (ar nós sriantóirí i sconnáí, leithris agus i bhfualáin)
- Déan machnamh ar shiseil lei

- thris a shuiteáil le gairis a laghdaíonn an méid uisce atá sa sruthlú - d'fhéadfá suas le 3 lítear a shábháil in aghaidh an sruthlú.
- Smoinigh leithris a bhfuil déshruthlú orthu a chur isteach
- Déan fualáin a shuiteáil le brúlasca agus le braiteoirí

Trí dhea-chleachtais tí a thabhairt isteach sa ghnó inar féidir an timpeallacht a fheabhsú chomh maith aírítear ar na buntáistí breise a d'fhéadfadh a bheith i gceist ná:

- Saincheisteanna margaíochta;
- Iomaíochas eacnamaíoch
- Méadú ar fheasacht
- Póiteinseal chun sábháil a dhéanamh
- Úsáid níos fearr as acmhainní
- Íomhá corporáide níos feabhsaithe
- Acmhainneacht mheasaithe i measc na foirne



AR DHRAMHAÍL



Caomhnú Fuinnimh

IGCÚRSAÍ gnó, bainfidh cuid mhór de do chaiteachas iomlán ar fhuinneamh le húsáid leictreachais, ola agus gáis. Beidh éagsúlachtaí ann idir na foinsí fuinnimh sin, ag brath ar an gcineál gnó. Is acmhainn é fuinneamh atá ag éirí níos costasaí agus is fiú i gcónaí



aird ghéar a thabhairt air ó thaobh cúrsaí caomhnaithe. Tá sé thar a bheith tábhachtach monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar leictreachas, ola agus gás ar an láthair.

Ba chóir do ghnólachtaí iarracht a dhéanamh monatóireacht a léamh níos minicí, trí chomparáid a dhéanamh idir úsáid agus táirgeadh nó láimhdeachas agus monatóireacht a dhéanamh ar shonraisc trí shonraí a chur isteach ar bhileog sonraí.

- Úsáideann scáileán ríomhaire a fhágtar ar fuireachas €19 leictreachais in aghaidh na bliana
- Chuirfeadh soilse gnáthoifige (45 duine) an méid fuinnimh amú a theastódh chun 945 din néar a théamh san oigheann micreathonnach, da bhfágfaí ar siúl thar oíche iad!
- Féadfaidh clár éifeachtúlachta acmhainní córasach suas le 1% den láimhdeachas a shábháil!

Leideanna maithe chun fuinneamh a chaomhnú i do ghnó:

Ginearálta

- Déan an méid fuinnimh a úsáideann tú go bliantúil a mheas
- Déan do chostas bliantúil ar fhuinneamh a mheas
- Ainmnigh duine den fhoireann chun monatóireacht a dhéanamh ar fhuinneamh
- Déan athbhreithniú bliantúil ar do chleachtais bainistithe fuinnimh
- Sainaithin bealaí chun d'ídiú fuinnimh a íoslaghdú
- Déan scrúdú ar an taraif fuinnimh chun an margadh is fearr a fháil
- Déan fiosrú ar sholáthróirí fuinnimh malartacha
- Déan scrúdú ar bhillí do mhuirir gan vatacht
- Déan feachtais feasachta don fhoireann a réachtáil

- Ceannaigh trealamh a bhfuil rátáil fuinnimh AAA air
- Déan seiceáil rialta ar fhoirgnimh do shéideáin aeir agus comharthaí ar thais
- Cuir a dhóthain insliú ar an bhfoirgneamh (díonta, cuasbhallaí, lochtaí, etc)

Oifigbhunaithe

- Cuir gairis sábhála fuinnimh i ríomhairí ar siúl
- Cas as trealamh oifige nuair nach mbíonn sé in úsáid
- Glan gaothráin agus scagairí do chórais aerchóirithe agus teasa go minic
- Ná hoscail fuinneoga nuair a bhíonn teas ar siúl

Soilse

- Déan cinnte go mbíonn gach solas múchta nuair nach bhfuil aon duine sa seomra
- Úsáid soilse fadsaoil atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh

- (coigilteas suas le 70%)
- Seiceáil an gcomhlíonfaidh níos lú soilse riachtanais soilsithe
- Seiceáil an féidir uaineadóirí agus braiteoirí gluaisne a úsáid
- Seiceáil an nglantar soilse gach bliain
- Cuir lipéad ar gach lasc solais

Teas

- Úsáid coirí ard-éifeachtúlachta - déan monatóireacht agus seirbhísiú rialta orthu
- Cuir deireadh le téamh agus fuarú ag an am céanna
- Seiceáil socruithe teirmeastait go rialta agus cuir iad san áit cheart
- Ba chóir téamh agus fuarú a chomhordú leis na hamanna a mbíonn daoine ann
- Cuir insliú ar phiopaí uisce te agus ar chomhláí
- Déan cinnte go mbíonn rialtáin teasa ag obair agus socraithe i gceart

Bainistiú Dramhaíola

IS féidir airgead mór a shábháil trína chinntiú go ndéantar bainistiú ceart ar dhramhaíl i ngnólachtaí. Tá sé tábhachtach an méid agus an cineál dramhaíola a chruthaíonn tú a aithint, chomh maith le cad is féidir a chosc, a mhúiríní nó a athchúrsáil. Má bhíonn bia á riar ag do ghnólacht bia, ba chóir íoslaghdú dramhaíola bia a bheith mar thosaíocht agat, mar cuirfidh sin le d'fheidhmíocht chomhshaoil agus sábháilfaidh tú airgead.

- Cruthaítear os cionn 3 milliún tonna de dhramhaíl chathrach in Éirinn gach bliain!
- Cruthaíonn SMEnna os cionn 50% den dramhaíl tráchtála agus tionsclaíoch sin!
- Is minic a chosnaíonn dramhaíl 5-20 oiread chostas na diús cartha féin ar ghnólacht!
- Cosnaíonn cur amú acmhainní suas le 4.5% an láimhdeachais ar chuideachtaí!

Leideanna maithe chun feabhas a chur ar Bhainistiú Dramhaíola sa Ghnó:

Ginearálta

- Bíodh a fhios agat cá mhéad dramhaíola a mbíonn á diúscairt agat
- Bíodh a fhios agat cén costas a bhaineann le diúscairt dramhaíola
- Ainmnigh duine chun monatóireacht a dhéanamh ar dhramhaíl ar an láthair
- Déan dramhaíl a dheighilt leis an méid is mó athchúrsála agus múirínithe agus is féidir a chinntiú
- Iarr ar sholáthróirí pacáistiú ar féidir a úsáid arís agus a chur ar ais a úsáid
- Sainaithin bealaí ar féidir do dhramhaíl bia a íoslaghdú
- Déan bulc-cheannach
- Déan an dramhaíl ghuaiseach go léir a dheighilt agus cinntigh go ndéanfar í a dhiúscairt i gceart

- Cuir nósanna imeachta ar bun chun earraí a fháil isteach agus a láimhseáil
- Déan machnamh ar rialuithe próisis a fheabhsú chun dramhaíl a laghdú
- Déan cothabháil choisctheach réamhphleanáilte
- Seiceáil an féidir sruthanna dramhaíola a dheighilt níos mó ar an láthair

Pacáistiú

- Fiosraigh an féidir pacáistiú a chur ar ais chuig soláthróirí
- Iarr ar sholáthróirí pacáistiú a íoslaghdú
- Déan cairtchlár agus plaisteach a bhrú
- Úsáid páipéar stiallta le haghaidh inlíonta

Ceaintín/Cistin

- Bíodh a dhóthain gabhdán do dhramhaíl in-athchúrsáilte/ orgánach ar fáil ar fud na háite oibre

- Déan liosta de nithe athúsáide/in-athchúrsáilte
- Úsáid gréithe agus scanra neamh-indiúscartha
- Seachain codanna aonair siúcra, caife, etc.
- Déan dramhaíl orgánach a mhúiríní

Dramhaíl Bia

- Féach ar rialú codanna - is cur amú bia iad codanna ró-mhór
- Tabhair isteach polasaí rothlaithe stoic
- Cuir bia i gcoimeádáin athúsáide le lipéad agus dáta orthu
- Tabhair isteach oiliúint foirne agus oidis chaighdeánacha chun torthaí leanúnacha a bhaint amach
- Íoslaghdaigh dramhaíl bia trí bhia a fholúsphacáil
- Athúsáid fuill-bhia nuair is cuí sin.

Oifig


- Athúsáid dramhpháipéar -

- bíodh pointí bailithe gar do phrinteoirí/fótachóipirí
- Seol postas nach dteastaíonn ar ais agus bain d'ainm ó bhu nachair sonraí postais nach bhfuil ag teastáil
- Cuir lárphointe bailithe ar bun do sholáthairtí oifige athúsáide
- Úsáid ríomhphost agus cláir fógraí do chumarsáid oifige
- Spreag daoine chun priontáil agus fotachóipeáil ar an dá thaobh den pháipéar
- Cas as an rogha chun leathanach clúdaigh a sheoladh le facsanna
- Déan cartúis phrinteára agus tonóra a athchúrsáil
- Úsáid clúdaigh litreacha idir-oifige athúsáide
- Athraigh go dtí billí leictreonacha do chustaiméirí más féidir



Déan gnó glas as gnó, feabhsaigh d'fheidhmíocht chomhshaoil agus sábháil roinnt airgid!
Comhairle Chontae na Gaillimhe ag tacú leis an tSeachtain Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl
Tá breis eolais ar fáil ó Shinéad Ní Mhainnín, Rannóg Comhshaoil,
Comhairle Chontae na Gaillimhe 091-476488 nó snimhain@galwaycoco.ie

Crosfhocal 23.11.2011



NODANNA

TRASNA

- 1 Gluais ó bhealach díreach ar dheis nó ar chlé (6)
- 4 Riail ón stát a chuireann na gardaí i bhfeidhm (3)
- 5 An ceann is cóngaraí duit, an ceann atá tú ag taispeáint (3)
- 7 Ábhar a bhailímid ó bheacha (3)
- 8 Foraois, crainn le chéile (5)
- 9 'Cumann' nó aonad áitiúil de pháirtí polaitiúil (6)
- 10 Gabh páirt i spórt (5)
- 11 Mar a bheadh sé san fhásach: gan aon uisce ann (5)
- 12 Féile mhór ar an 25ú lá den mhí seo chugainn (7)
- 15 Sciathán, géag, nó claonadh polaitiúil (4)
- 17 Áit gur féidir bád a tharraing isteach (6)
- 19 Lán d'eolais, le cumas nádúrtha ann (6)
- 21 Sceacha ar imeall gairdín (3)
- 22 Páirc mhór i lár bhaile, i lár na Gaillimhe mar shampla (6)
- 23 De bhunús náisiún nó cine eile lasmuigh na tíre seo (4)

SÍOS

- 2 Cara atá ag fanacht leat sa bhaile (3)
- 3 Cuir bainne nó uisce as cruiscín go cupán (5)
- 4 Righin, teann (5)
- 5 Ainmhí a d'íosfadh do chuid sicíní dá mbeadh leis (8)
- 6 Spórt eagraithe idir dhá fhoireann (7)
- 7 Duine a choinneáil déanamh: ----- a chur air (5)
- 9 Teorainn na tíre (7)
- 13 Airgead a chur ar chapall ag súil go mbainfeadh sé rás? (5)
- 14 Airgead atá ag daoine eile ortsá (6)
- 16 Cleas mí féarálte... fillfidh sé ort b'fhéidir (5)
- 18 Easpa dathanna... dorchadas (4)
- 19 Cheddar, Emmental, Chevre, srl (4)
- 20 Sásta, ar shuaimhneas (4)

Crosfhocal

16.11.2011

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Gearóid Ó Catháin

Baile Átha Cliath 16



Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhan €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 28.11.2011 chuig: Crosfhocal Gaelscéal 15 Sráid Mhargadh, Gaillimhe.

Ainm

Seoladh

Fón..... Rphost.....



Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

TEILIFÍS

Le Katie McGreal

Dúshlán sráide Dunne

'Ultimate Street Challenge', sraith nua ag RTÉ

"IS as áit gharbh i mBaile Átha Cliath mé," a deir Bernard Dunne liom. "Tuigim do dhaoine ag fás aníos atá ag iarraidh rud éigin a bhaint amach."


D'éirigh le Bernard craobh dhomhanda sa dornálaíochta a bhaint mar d'oibrigh sé go crua. "Ní rud é a mbeadh súil ag daoine leis," a deir sé faoina áit dúchais.

Sin ceann de na fáthanna go raibh sé sásta páirt a ghlacadh sa tsraith nua a bheidh ag tosú ar RTÉ 2 ar an Luan, 5ú Nollaig ag 5.30in, Ultimate Street Challenge.

Is clár réaltachta é ina n-oibreoidh deichniúr daoine óga - cúigear cailíní agus cúigear buachaillí 15-16 bliana d'aois - leis an traenálaí pearsanta, Karl Henry, chun a neart intinne, a gcorpachmhainn agus spiorad foirne a fhorbairt. Ina dhiaidh sin, eagróidh agus roghnóidh Bernard dúshlán do na hiarrthóirí, mar shampla rópadoireacht anuas ó dhíon Staidiam Aviva, rás cois na Canála Móire agus dreapadh ar an roth mór i mBaile Átha Cliath. Ag deireadh gach clár, cuirfidh Bernard agus Karl duine amháin abhaile agus bronnfar an teideal Ultimate Street Challenge Champion ar an duine deireanach a bheidh fágtha.

Aidhm na sraithe ná a léiriú do dhaoine óga má oibríonn siad go crua agus má choimeádann siad smacht orthu féin gur féidir leo aon rud a bhaint amach. Bhí Bernard an-tógtha le smaoineamh agus le haidhm an chláir.

"Is rud é go gcreidim ann go hiomlán," a deir sé agus ceapann sé gur éirigh leo an aidhm a bhaint amach. De réir mar a bhí an clár á dhéanamh, bhí sé in ann difríocht a fheiceáil sna hiarrthóirí agus iad ag dul ar aghaidh ó dhúshlán go



Karl Henry agus Bernard Dunne

dúshlán. Bhí sé ag iarraidh a léiriú dóibh nach bhfuil aon rud ródheacair a bhaint amach má oibríonn tú go crua.

"Bhíomar ag iarraidh iachall a chur ar na daoine óga a bheith gníomhach agus a léiriú dóibh gur féidir leo aon rud a bhaint amach ach iarracht a dhéanamh."

Níor thug Bernard agus Karl mórán airde ar dhaoine a bheith chun tosaigh i rásaí nó i ndúshláin agus iarrthóir á roghnú acu le cur abhaile. Deir Bernard gur bhreathnaigh siad ar an mbealach a thug na hiarrthóirí faoi gach dúshlán agus ar conas a d'oibrigh siad sa traenáil. Thug sé aird ar mheon na n-iarrthóirí.

Chomh maith leis na dúshláin uilig a chuir Karl agus Bernard rompu, bhí cónaí ar an deichniúr as baile in aontíos i mBaile Átha Cliath ar feadh trí seachtaine.

"Tá meascán daoine óga páirteach sa

chlár," a deir Bernard, "Ní daoine amháin iad le corpachmhainn mhaith, ná daoine ó chúlraí deacara, bhí meascán maith ann."

Ó d'éirigh sé as an dornálaíocht in 2004, tá an-chuid déanta agus á dhéanamh ag Bernard. Chaith sé coicís ar an gCeathrú Rua i gConamara ag foghlaim Gaeilge le déanaí.

"Theip orm sa Ghaeilge ar scoil," a deir sé ach toisc go bhfuil a pháistí i nGaelscoileanna faoi láthair tá suim sa Ghaeilge aige anois.

Deir sé nach rachaidh sé ar ais ag dornálaíocht riamh mar tá an chuid sin dá shaol thart ach bhain sé an-sult aisti.

"Ní post a bhí ann riamh."

Faoi láthair, tá sé ag plé leis na meáin, ag foghlaim Gaeilge agus ag baint taitnimh as a shaol agus is féidir linn é a fheiceáil arís ar an scáileán Dé Luain, 5ú Nollaig ar RTÉ 2.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Gearán faoi Easpa Téacsleabhar Gaeilge



Donncha Ó hÉallaithe

IS fada lucht na Gaeilge ag gearán faoi ghanntan téacsleabhar Gaeilge a bheith ar fáil a chuirfeadh ar chumas múinteoirí ábhair scoile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge. Leathchéad bliain ó shin ag cruinniú cinn bliana Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge pléadh ceist na dtéacsleabhar i bhfianaise na títime a bhí ag teacht ar líon na scoileanna iar-bhunoideachais a raibh

aitheantas ón Roinn Oideachais acu mar A-Scoileanna, is é sin scoileanna a bhí ag múineadh na n-ábhar go léir trí Ghaeilge.

Faoi láthair tá dhá scór iar-bhunscoil ag múineadh trí Ghaeilge, taobh amuigh den dornán beag scoileanna sa Ghaeltacht, a bhféadfaí a rá fúthu go bhfuil gach ábhar iontu á mhúineadh trí Ghaeilge. Ach trí scór bliain ó shin bhí beagán os cionn céad scoil ag múineadh gach ábhar trí Ghaeilge, ach ba údar imní é do lucht na Gaeilge go raibh a líon ag titim ag am a raibh méadú scioptha ag teacht ar líon na meánscoileanna sa stát.

Mar nach raibh dóthain téacsleabhar Gaeilge á bhfoilsíú ag tús na seascaidí, cuireadh an locht ar an stát. De réir na Tuarascála Deiridh ón gCoimisiún um

Athbheochan na Gaeilge, níor foilsíodh ach 2 théacsleabhar trí Ghaeilge sa tréimhse trí bliana idir 1959 agus 1961 faoi scéim na dtéacsleabhar Gaeilge a bhí á reáchtáil ag an Roinn Oideachais.

Cé go bhfuil feabhas mór tagtha ar an scéal ó bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscoilaíochta, tá fadhb na dtéacsleabhar Gaeilge ina ábhar clamhsáin i gcónaí ag scoileanna agus ag múinteoirí atá ag déanamh a ndíchill ábhair a mhúineadh trí Ghaeilge. Ar ndóigh, is breá an leithscéal é ag roinnt múinteoirí, i scoileanna Gaeltachta nach bhfuil toilteanach ábhar a mhúineadh trí Ghaeilge, a rá nach bhfuil aon téacsleabhar feiliúnach ar fáil trí Ghaeilge!

Cúrsaí sacair: Sraith Airtricity

Tionchar mór an airgid ar fhoirne intíre

Daithí Mac Tighearnáin

Tá comhghairdeas ó chroí ag dul do na leaids as cáiliú do Chraobh na hEorpa sa Pholainn/san Úcráin. Tá sé seo ina thógáil croí do gach uile Éireannach atá thíos nó thuas na laethanta deacra seo. Tá ocht milliún euro de dhuaisairgead ar an mbealach go Cumann Peile na hÉireann (FAI) dá bharr. Sa mhullach air sin, gheobhaidh siad milliún amháin as gach bua i gcluichí a ngrúpa, leathmhilliún as gach comhscór, milliún as críochnú sa tríú háit ina ngrúpa agus milliún eile as áit a bhaint amach sa bhabhta ceathrú ceannais.

Tá súil agam go gcuirfear sciar den phota seo ar leataobh dár gclubanna. Gearradh siar ar dhuaisairgead na Sraithe sa bhaile i mbliana mar seo a leanas: Bhuaigh Ruagairí na Seamróige €100k mar Sheaimpíní i mbliana (€200k in 2010). Níor ghnóthaigh Corcaigh ach €25k mar Churaidh Roinn a hAon i mbliana (€50k in 2010). Laghdaíodh an duaischiste iomlán don dá Roinn ó €911k in 2010 go €314.5k in 2011! Níor bronnadh ar na clubanna a chríochnaigh níos ísle ná an seachtú háit ach €5k an club! Tá Ruagairí Shligigh €50k níos saibhre de bharr a mbua i gCorn an

FAI, an dá oiread a fuair Síol Broin, na tánaistí. Níl raibh ach €147.5k san iomlán le buachaint i gCorn Setanta. Bhí €350k sa duaischiste nuair a bunaíodh an comórtas in 2005. Shaothraigh Ruagairí na Seamróige €50k as an gcraobh thrasteorann seo a thabhairt leo i mbliana. Ghlac Dún Dealgan €30k leo mar thánaistí. Chuir Doire €10k i dtaisce as Corn EA Sports a chrochadh leo i mbliana. Pinginí suaracha maslacha uilig, go deimhin! Seo a leanas tinreamh meánach na gcluichí Príomhshraithe i leith gach club: Ruagairí na Seamróige 3665 as toilleadh de 5700 (suirbhé déanta ag 15

de 18 gcluiche sa bhaile); Doire 2200 / 7700 / 12; Sligeach 2063 / 5500 / 14; Na Bóithéamaigh 1481 / 4000 / 14; Dún Dealgan 1399 / 4500 / 15; Lúthchleas Phádraig Naofa 1276 / 5340 / 15; Bré 1142 / 3250 / 14; Gailimh (dícháilithe) 1032 / 5000 / 8; Droichead Átha 708 / 2000 / 12; Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath 615 / 3000 / 14. Is é an tinreamh meánach as sin uilig ná 1559, thart faoi €300k don séasúr ar fad. Mar shlat tomhais, thabharfadh club na fáltais chéanna isteach, bunaithe ar a tinreamh meánach as fógraíocht, urraíocht, díol cuimhneachán srl. Faigheann cáilitheoirí i Sraith na

hEorpa €90k an club agus €90k an babhta. Bhain Lúthchleas agus Ruagairí Shligigh €270k an club i mbliana; na Bóithéamaigh €180k, agus ar ndóigh, shaothraigh Ruagairí na Seamróige €1.3 milliún sa chaoi seo. Tá €120k an bua agus €60k an comhscór ar fáil dóibh sa dá chluiche dheireanacha a imreoidh siad. Is é mo thuairim gur chóir go ligfí d'imreoirí oibriú go lánaimseartha ar thuarastal de €50k saor ó cháin ionas go mbeadh ár gclubanna rathúil i gcomórtais Eorpacha. Ar an mbonn sin, bheadh na Seamróga ag feidhmiú gan stró go lánaimseartha in 2012. Seans go mbeadh Sligeach agus Doire amhlaidh in 2013.

Éire ag tnúth le ball eile a chur sa chlub órga

Cillian Ó Concubhair

Nach achar fada fiche bliain? Ag an tráth seo scór bliain ó shin, bhí foireann idirnáisiúnta sacair na hIúgslaive ar bharr a maitheasa, iad cáilithe do Chorn na hEorpa 1992. Bhí Miguel Indurain gan mórán iomaitheoirí sa domhan rothaíochta agus bhí fear as Baile Átha Cliath ag tnúth leis na Cluichí Oilimpeacha. Luann Michael Carruth go ndearna foireann na hÉireann traenáil ag cur a leapacha suas in aghaidh an bhalla san áit a raibh siad ag fanacht le linn campa traenála. Is cinnte go bhfuil cúrsaí tar éis teacht chun cinn ó shin. Ach is cosúil go mbíonn tionchar ag imeacht amháin ar imeachtaí eile. Bhuaigh Carruth bonn óir sna Cluichí Oilimpeacha in Barcelona. Cúpla lá ina dhiaidh sin chuaigh Ken Egan isteach i ngíom ag iarraidh bheith ina dhornálaí. D'fhiafraigh Noel Hunt, uncail Carruth, de cén fáth ar theastaigh uaidh bheith ina dhornálaí. D'fhreagair Egan óg toisc go raibh sé ag iarraidh bheith cosúil le Michael Carruth. Fiche bliain nach mór níos déanaí tá Egan fós ag fanacht chun airde Carruth a shroichint. Beidh deis eile cáilithe ag Egan i gcomórtas cáilithe an bhliain seo chugainn. Idir an dá linn tá dóchas ag Carruth gur féidir leis an triúr atá cáilithe go dtí seo bonn nó dhó a bhuachaint ar son na hÉireann i Londain 2012. "Tá triúr cáilithe cheana féin: John Joe Nevin, Darren O'Neill agus Michael Conlon, agus comórtas amháin eile le bheith ann. Tá súil agam gur féidir le triúr eile cáiliú leo agus le cúnamh Dé is féidir le beirt nó triúr ban dul ann chomh maith," a deir Carruth. Cháiligh Nevin, O'Neill agus Conlon do Londain sna Craobhacha



Ken Egan, dornálaí a bhfuil dóchas mór faoi.

Domhanda in Baku i mí Dheireadh Fómhair agus de réir Carruth, tá gach seans ann go bhfaighidh siad bonn. "Táim an-tógtha le Michael Conlon. Tá sé i roinn atá deacair ach tá tallann dhochreidte aige. Tá gach aon ní aige: scil, crógacht agus tá sé

diongbháilte. "Tá Darren O'Neill feicthe agam le blianta anuas. Is é an curadh náisiúnta é le ceithre bliana anuas agus beidh muinín aige ann féin agus é ag dul chuig na Cluichí Oilimpeacha.

"Le tarraingt fhabhrach d'fhéadfadh John Joe Nevin dul agus bonn óir a fháil. Ghnóthaigh sé bonn créumha sna Craobhacha Domhanda agus tá an-deis aige i Londain." Fiche bliain gan bonn óir atá Éire ag na Cluichí Oilimpeacha sa

dornálaíocht agus tá Carruth ag tnúth gur féidir leis an spórt is mó rath sna Cluichí Oilimpeacha d'Éirinn an beart a dhéanamh. "Tá mé ag tnúth leis an lá go dtiocfaidh duine éigin eile isteach sa chlub órga," a deir Carruth.



Ar an gcláí

Gairmiúlacht na n-ullmhúchán idirchontae

TÁ sé deacair a shamhlú an difríocht ollmhór atá idir an t-ullmhúchán chun imeartha a dhéanann imreoir CLG na linne seo agus imreoir sna seanlaethanta. Tá sé deacair freisin imreoirí ó thréimhsí difriúla a chur i gcomparáid lena chéile. An é Christy Ring nó Mick Mackey nó Nicky Rackard nó Eddie Keher nó DJ Carey nó Henry Shefflin an t-imreoir is fearr riamh? I mo thuairim ní féidir an chomparáid sin a

dhéanamh. Bhí imreoirí den scoth i ngach tréimhse; tá anois agus beidh go deo.

Níl aon dabht ann, áfach, ach go bhfuil an t-ullmhúchán ag ardleibhéal sa lá atá inniu ann. Tá na himreoirí idirchontae anois ar comhchéim, beagnach, leis na himreoirí gairmiúla rugbaí agus sacair.

Aon imreoir anois atá dáiríre faoi imirt ag an leibhéal is airde, bíonn air aire a thabhairt dó féin an t-am ar fad. Tá saineolaithe bia ag obair leis na foirne is fearr. Tá a fhios ag na himreoirí cad is féidir leo a ithe agus cad iad na rudaí nach ceart dóibh a chur isteach ina mbéal. Déantar tástáil go minic chun a fháil amach cad é an BMI (Body Mass Index) atá ag an imreoir agus an sprioc ná an uimhir sin a bheith chomh híseal agus is féidir.

Tá a fhios acu faoi chailoraí (calories) agus carbaihiodráití (carbs) agus saillte maithe agus drochchinn agus an tábhacht atá ag baint le torthaí agus

bhuann ach aon fhoireann amháin gach comórtas agus chomh luath agus a bhíonn bliain amháin críochnaithe tosnaítear ar an bpleanáil don chéad cheann eile.

Is iontach mar a choimeádann lucht spóirt an dóchas agus an spiorad ó bhliain go bliain. Go háirithe, is iontach iad na himreoirí faoi 21, an chuid is mó díobh ag imirt i gcomórtais na gcoláistí tríú leibhéal agus a lán díobh mar bhall de suas le sé fhoireann eile.

Ógánach amháin atá sna ceannlínte le bliain nó dhó anois ná an t-imreoir mionúir Shane Dowling a imríonn le Club na bPiarsach i Luimneach. Is deacair a chreidiúint nach bhfuil sé ach ocht mbliana déag d'aois agus é ina laoch ag a fhoireann sinsear club i gcluiche leathchraoibhe iomána na Mumhan le déanaí. Scóráil se dhá chúl i gcoinne Bhaile Gun-nair agus is annamh anois nach mbíonn sé ina phríomhscórálaí i ngach cluiche a imríonn sé.

Chinntigh an bua sin go mbeidh seaimpíní nua iomána sinsear sa Mhumhain againn i mbliana mar is iad féin agus Croisín, ó Chontae an Chláir

I mbliana, thíos i bPáirc Uí Chaoimh deich lá ó shin, a mhlairt de scéal a bhí ann nuair a scóráil foireann an Chláir ocht gcúilín beagnach sa tréimhse chéanna i ndiaidh leathama. D'fhág sé sin iad seacht gcúilín chun tosaigh ar Charraig Thuathail Chorcaí agus gan ach deich nóiméad le dul.

Beidh an-choimhlint idir thosaithe suntasacha na bPiarsach agus cúlaith teanna an Chroisín. Tá triúr de mhuintir Dillon agus beirt deartháireacha Brigdale i measc cúlaith fhoireann an Chláir agus bhí ardmholadh ag na meáin dóibh i rith na bliana, mar a bhí acu do thosaithe na bPiarsach.

Mar sin, ar an Domhnach beag seo beimid ag súil le hardcluiche i bPáirc Tom Semple i nDurlas Éile, agus má bhíonn an aimsir go maith ba cheart gur sin go díreach an sórt cluiche a bheidh againn.

Más fiú aon rud an taithí atá acu ó anuraidh agus má éiríonn leis na cosantóirí smacht a choimeád ar Dowling, Downes agus Breen, ba cheart go mbeadh an lá ag muintir an Chláir, ach b'fhearr liom go mbuafadh buachaillí Luimní, rud, b'fhéidir, a thabharfadh misneach don fhoireann idirchontae in 2012.

● Shane Dowling, Na Piarsaigh, imreoir óg atá ag léiriú an bhealaigh dá chlub agus do Luimneach.

GRIANGHRAF LE DIARMUID GREENE / SPORTSFILE



glasraí a ithe gach lá agus uisce a thógaint isteach go rialta i gcaitheamh an lae, gach lá.

Mar a luaigh mé cúpla seachtain ó shin tá traenáilte físiúla ardcháilithe ag cuid mhaith de na foirne idirchontae anois. Tá an eolaíocht acusan maidir leis an saghas agus leis an méid traenála ba cheart a dhéanamh i rith na bliana.

Réitíonn siad pleananna pearsanta gleacaíochta sa ghiom do na himreoirí. Agus sara dtosnaíonn an comórtas sraithe tá na himreoirí ag obair go dian sa ghiom ag déanamh a seacht ndícheall iad féin a dhéanamh níos láidre don chéad séasúr eile.

Mar a deir an seanfhocal, is aoibhinn beatha an scoláire, ach n'fheadar an aoibhinn beatha an imreora idirchontae. Is turas fada, dian, uaigneach é gach bliain agus ag deireadh na bliana ní

a bheidh in aghaidh a chéile sa chraobhchlúiche an Domhnach beag seo.

Tá sé deacair a chreidiúint go bhfuil na Piarsaigh, a chaill go mór i gcoinne Áth Dara i gcaobhchlúiche an chontae dhá bhliain ó shin, anois ar tí a gcuid féin den stair a dhéanamh, ach tá constaic mhór os a gcomhair amach, mar atá seaimpíní an Chláir.

Tá an buntáiste ag fir an Chláir go bhfuil taithí ón mbliain seo caite acu nuair a chaill siad i gcoinne Chill Mocheallóg, cluiche a d'imigh uathu taobh istigh de dheich nóiméad ag tosach an dara leatha nuair a rinne tosaithe Luimní dhá chúl agus ceithre chúilín.

Réimis úra agus deireadh ré

Cillian Ó Concubhair

Is é Peter Canavan an chéad iar-imreoir eile chun dul leis an mbainistíocht. Fógraíodh Canavan mar bhainisteoir idirchontae Fhear Manach Dé Luain. In ainneoin nach bhfuil 'Peter the Great' tar éis foireann idirchontae a bhainistiú go dtí seo, tá sé tar éis trí shraithchomórtas a bhuachaint i ndiaidh a chéile ag leibhéal an chlub le Errigal Ciarán i dTír Eoghain le trí bliana anuas.

Más fíor é go dtugann sé ardú anama don chontae, is cinnte go mbeifear ag súil le rudaí móra uaidh agus é ag dul i mbun bainistíochta ar fhoireann a chaill in aghaidh Londona sa Chraobh an bhliain seo caite.

San Iarthar, tá bainisteoir nua iomána na Gaillimhe, Anthony Cunningham, tar éis trian den fhoireann a thosaigh cluiche ceathrú ceannais na bliana seo caite a dhíbirt ón bhfoireann. Cuireadh Damien Joyce, a ainmníodh mar chaptaen na foirne níos luaithe sa bhliain, den fhoireann, chomh maith le Shane Kavanagh, iar-chaptaen, agus Ger Farragher, iar-Sháirimreoir. Tá 18 n-imreoir ón bhfoireann faoi 21 a bhuaigh Craobh na hÉireann ainmnithe ar an 37 imreoir sa scuad.

Ag fanacht san Iarthar, tá Comhairle Chonnacht le fiosrúchán a dhéanamh ar líomhaintí go ndear-

nadh ionsaí ar réiteoir i ndiaidh cluiche i gCraobh Chonnacht idir Naomh Bríd agus Cora Finne i gCill Tuama. Chas lucht feargach tacaíochta ar an réiteoir Liam Deveney agus ar na maoir a bhí leis tar éis an chluiche a bhuaigh Naomh Bríd, 0-11 in aghaidh 0-10.

Bhí curaí na Gaillimhe ar mire nuair nár ceadaíodh cúl sa chéad leath agus ceistíodh roinnt cinntí eile a rinne an réiteoir le linn an chluiche.

Ó dheas tá coiste contae Chorcaí muiníneach go mbeidh spás ann do 43,000 duine i bPáirc Uí Chaoimh mar gheall ar an athchóiriú atá déanta ar an staidiam.

Ceapadh go dtitfeadh líon na ndaoine ó 43,000 go 30,000 de thradh ceisteanna slándála. Ach dúirt an coiste contae gur moladh an obair athchóirithe a dhéanamh ionas go mbeadh an oiread céanna de lucht tacaíochta in ann freastal ar chluichí sa staidiam sa todhchaí agus a rinne go dtí seo.

Tá deireadh ré i gCill Chainnigh mar go bhfuil an laoch iománaí James 'Cha' Fitzpatrick tar éis éirí as imirt leis an bhfoireann idirchontae.

B'é Fitzpatrick captaen na foirne a bhuaigh Craobh na hÉireann in 2008. Tá cúig bhonn Chraobh na hÉireann buaite aige, mar aon le trí chraobh shraithchomórtais, trí bhonn Sháirimreora agus teideal Iománaí Óg na Bliana.



Peter Canavan, bainisteoir nua ar fhoireann peile Fhear Manach

O'Malley ag tapú na deise i ngeansaí Laighean



Eoin O'Malley i mbun aicsin do Chúige Laighean i gCorn Heineken an mhí seo.

Deirtear gur olc an ghaoth nach séideann do dhuine éigin. D'fhéadfaí an rud céanna a rá i dtaobh Chúige Laighean agus gortú Brian O'Driscoll.

Is cinnte gur thapaigh Eoin O'Malley an deis agus Brian O'Driscoll imithe faoi scian an tseachtain seo caite. Cé gur ghnóthaigh sé dhá úd in aghaidh Ghlaschú i gCorn Heineken, b'é an t-aon imreoir é ar fhoireann Laighean nach raibh cluiche idirnáisiúnta imeartha aige. B'fhéidir gur maith an rud é sin.

Le comhscór as baile in aghaidh Montpellier agus bua éasca in aghaidh Ghlaschú le cabhair O'Malley, is cosúil nach bhfuil Laighin ag mothú O'Driscoll uathu go fóill. Má dhéanann O'Malley an beart seachtain i ndiaidh seachtaine, ní hamháin go mbeidh áit níos láraí aige ar an bhfoireann seo, ach beidh sé deacair ar Declan Kidney gan é a roghnú don fhoireann idirnáisiúnta.

Idir an dá linn tá sé le Corn Heineken a bhuachan arís agus geansaí uimhir 13, nó geansaí Brian O'Driscoll, a choimeád dó féin.

"Táim cinnte go mbeidh sé (O'Driscoll) ar bis chun teacht ar ais isteach san fhoireann," dar le O'Malley. In ainneoin go bhfuil sé sin fíor, is cinnte nach mbeidh sé chomh héasca is a cheapann sé, a deir bainisteoir na foirne, Joe Schmidt.

"Beidh roinnt seachtainí aige roimh athshlánú. Níl amhras orm faoin áit go bhfuil sé ag iarraidh teacht ar ais chuige. Ag an am céanna, beidh an suíochán á choimeád te ag Eoin (O'Malley), Fergus McFadden, Luke Fitzgerald agus Gordon D'Arcy."

Idir ghortuithe - dhá mhí dhéag ar an taobhlíne le gortú cromáin agus trí mhí le gortú rúitín - agus an rogha atá ag Schmidt sa líne chúil, d'fhan O'Malley go foighneach lena dheis féin agus anois caithfear í a thapú. Níl an dara rogha ann le leithéidí Fergus McFadden agus Fionn Carr nach bhfuil in ann cluiche leanúnach a fháil san fhoireann seo.

"Tá brú ag teacht tríd an scuad uilig," dar le O'Malley. "Gan amhras tá deis agam i láthair na huaire. Leis an méid cluichí atá le himirt le linn séasúir, bainfear leas as níos mó ná imreoir amháin."

"Deis mhór atá ann agus bhí mé ag súil leis le roinnt blianta anois. Níl ann ach tuilleadh ama i mbun imeartha agus tá súil agam gur féidir liom an beart a dhéanamh.

"Gné é a bhíonn ann de shíor - an caighdeán a leag imreoirí cosúil le Brian síos chun Laighin a thabhairt chuig an áit ina bhfuil siad faoi láthair. Mothaíonn tú an t-ualach agus cuireann sé leis an bhfreagracht imirt do Laighin," a dúirt O'Malley faoi líon na n-imreoirí maithe i bhfoireann an chúige."

SPÓRT

Déan teagmháil linn ag sport@gaelsceal.ie

Gaelscéal

● 23.11.2011

Iomaíocht ghéar inmheánach roimh chomórtas Euro 2012

'Meon na Gréige' mar ábhar spreagtha ag Trapattoni

Cillian Ó Concubhair

Agus Éire chomh fada le comórtas mór sacair, den chéad uair le deich mbliana anuas, is anois a thosaíonn an obair chrua ag roinnt de na himreoirí. Níl ach 23 áit ar fáil ar an bhfoireann agus thar aon áit eile ar an bpáirc, beidh tosach nó dhó fágtha ar lár faoin am a thiocfaidh an t-am chun eiltí a chur in áirithe go dtí an Pholainn agus an Úcráin in 2012.

Baineadh leas as seisear imreoirí chun tosaigh le dhá bhliain anuas: Robbie Keane, Kevin Doyle, Shane Long, Jonathan Walters, Simon Cox agus Andy Keogh. Is cinnte gur ar Keogh a thitfidh an tua ar dtús nuair a ghearrfar an scuad. Níl an scil chéanna aige agus atá ag na himreoirí eile in ainneoin an obair chrua. Fágann sé sin cúigear.

"Is faoi na himreoirí féin é imirt go maith don chlub go deireadh an tséasúir. Is tréimhse fhada é agus d'fhéadfadh aon rud tarlú idir seo agus Craobh na hEorpa." Ba é sin tuairim Kevin Doyle, dhá chúl aige le Wolves go dtí seo i mbliana, ach imreoir a bheidh ar an eitleán chuig na craobhchomórtais muna gcuireann gortú isteach air.

"Níl aon chúis ghearáin agam bheith ag imirt faoi Trapattoni," dar le Doyle atá tar éis áit a dhaingniú dó féin le linn réimeas an Iodálaigh. D'imir mé dó ón tús agus sa cheithre bliana dheireanacha bhí sé iontach foghlaim faoi mar a théann sé i bhfeidhm ar an gcluiche. Níl aon chúis ghearáin agam leis."

Agus ní cóir go mbeadh agus an dílseacht a léiríonn Trapattoni do na himreoirí, agus is cosúil go bhfuil mórsmaointe ag an Iodálach.

Luaigh Trapattoni meon na Gréige nuair a fuair sé an post agus thaispeáin sé fiseán don fhoireann i mbliana d'fhoireann na Gréige ag ceiliúradh tar éis dóibh Craobh na hEorpa a bhuachan in 2004.

"Teastaíonn uaidh an fhéinmhuinín sin a chur ionainn. Caithfidh an meon sin a bheith againn. Más féidir linn an beart a dhéanamh sa ghrúpa, beidh



Tá Kevin Doyle sásta leis an chur chuige atá in úsáid ag Il Trap.

cluiche ceathrú ceannais againn agus ní bheidh ann ach cluichí aonarach amháin."

Ba Chorn an Domhain Faoi 20 an comórtas deireanach ar imir Doyle ann, ach más féidir leis gortuithe a sheachaint, bheidh sé ar an chéad 11 a bheidh ag dul chuig Craobh na hEorpa.

Maidir le tosaithe eile, Shane Long, Simon Cox agus Jonathan

Walters mar shampla, d'fhéadfadh duine acu a bheith fágtha ar lár faoin am a bheidh an samhradh linn.

"Is cuimhin liom nuair a tháinig mé isteach san fhoireann," a deir Long. "Ag an am ní raibh ach Kevin (Doyle) agus Robbie (Keane) ann agus anois tá Andy Keogh, Simon Cox, Jonathan Walters agus mé féin agus tá iomaíocht ghéar

ann do na háiteanna. Tá séasúr fada amach romhainn. Táimid ag iarraidh an gníomh a dhéanamh ag West Brom agus tá súil agam go mbeidh mé mar chuid den fhoireann a bheidh ag dul go dtí an Chraobh Eorpach.

"Mothaíom go bhfuilim mar chuid lárnach den fhoireann. Táim anseo le ceithre nó cúig de bhlianta, táim tar éis taisteal aon

uair gurbh fhéidir liom. Ach muna léirím mé féin sna míonna amach romhainn, d'fhéadfadh sé titim as a chéile. Tá iomaíocht sa scuad uilig agus is faoin mbainisteoir atá sé cinneadh a dhéanamh."

De réir mar a luíonn cúrsaí faoi láthair, más ceathrar imreoirí chun tosaigh a thógfar, seans gur Long agus Walters an bheirt eile a bheidh ar an eitleán.